Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# CUNTAS BUISÉADACHTA 2016

# DRAFT BUDGET 2016

# INNÉACS


| *Ábhar* | *Leathanach* |
|---|---|
| **Tuarascálacha na Rannóg lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil ar an Dul chun Cinn maidir le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015 – 2019** | 14 |
| Aonad na mBóithre, Ghnóthaí Iompair, Ghnóthaí Mara agus na Seirbhísí Ginearálta | 15 |
| An tAonad Seirbhísí Corparáideacha, Tithíochta agus Éigeandála | 33 |
| An tAonad Airgeadais | xx |
| An tAonad Pleanála, Fiontraíochta Pobail agus Forbartha Eacnamaíochta | xx |
| An tAonad Comhshaoil agus Uisce | xx |
| Tuarascáil ar an gClár Caipitil Trí Bliana | xx |
| Aguisín A: Ardú ar an Ráta Bliantúil Luachála 1977 go 2015 | xx |
| Aguisín B: An Ráta Bliantúil Luachála 2015 | xx |
| Dréacht-Fhormáid an Bhuiséid (A go F) | xx |
| Deimhniú ar Ghlacadh | xx |
| Aguisín 1 – Achoimre ar an Muirear Lár-Bhainistithe | xx |
| Aguisín 2 – Achoimre ar Leithroinnt na Cánach Maoine Áitiúla | xx |

**CHUIG GACH BALL DEN CHOMHAIRLE**

**DRÉACHT DEN BHUISÉAD DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH**

**AN 31 NOLLAIG 2016**

| | |
|---|---|
| **Chuig:** | **An Cathaoirleach agus gach Comhalta de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe** |
| **Re:** | **Dréacht den bhuiséad maidir leis an mbliain airgeadais dár críoch an 31 Nollaig 2016** |
| | **Arna chur faoi bhráid i gcomhréir le hAlt 103, An tAcht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú)** |

A Chomhalta a chara

Seolaim faoi iamh, gur féidir leat a mheas, Dréacht den Bhuiséad don bhliain 2016, maille le tuarascáil ina leagtar amach príomhghnéithe an bhuiséid go mion agus tuarascáil achomair ó na Stiúrthóirí Seirbhíse i ndáil leis an mbeartaíocht ina réimsí feidhme féin a chuirtear faoi bhráid mar thuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn i ndáil leis an bPlean Corparáideach.

De réir mar a éilítear faoin reachtaíocht, rinneadh ceisteanna maidir leis an Dréacht den Bhuiséad a ullmhú a phlé ag cruinnithe de chuid an Ghrúpa Beartais Corparáide ar an 17 Iúil, an 23 Meán Fómhair agus an 16 Samhain 2015.

Phléigh an Chomhairle an coigeartú maidir le  Cáin Mhaoine Áitiúil agus rinneadh cinneadh ina leith ag cruinniú an 28 Meán Fómhair 2015 agus phléigh gach ceann de na Ceantair Bhardasacha an Plean Buiséadachta i ndáil le gach Ceantar Bardasach faoi seach ag cruinnithe a tionóladh idir an 2 Samhain 2015 agus an 10 Samhain 2015.

Is féidir leis an gComhairle, trí rún a rith, an Dréacht den Bhuiséad a leasú, ach déanfar, ar a leasú nó gan a leasú, Dréacht den Bhuiséad a fhaomhadh agus, i gcomhréir leis an mBuiséad a fhaomhtar ar an gcaoi sin, an ráta bliantúil atá le gearradh ar an luacháil a chinneadh, agus nuair is cuí sin, aird a thabhairt ar choigeartú maidir leis an mbonnbhliain — arna chinneadh i gcomhréir le hAlt 29 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Tá ceangailte ar an gComhairle an próiseas reachtúil sin a thabhairt chun críche taobh istigh de thréimhse 14 lá.  Fágann sin gur féidir, más gá, an cruinniú reachtúil atá leagtha amach a thionól an 27 Samhain 2015 a chur ar athló, ar an gcoinníoll go dtugtar an próiseas chun críche faoin 11 Nollaig 2015.

**Coigeartú maidir le Bonnbhliain**

Rinneadh foráil leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 do bhearna ar bith idir ráta an Chontae agus an ráta a chuirtear i bhfeidhm in aon cheantar a bhíodh faoi Chomhairle Baile a líonadh. Tá an modh oibre bunaithe ar Choigeartú maidir le Bonnbhliain agus an dá ráta a thabhairt le chéile i rith thréimhse nach faide ná 10 mbliana.

Foráiltear chomh maith nach féidir leis an gComhairle Ráta an Chontae a ardú go dtagann deireadh leis an tréimhse coigeartaithe. Nuair atá seacht mbliana caite ó tháinig ardú ar Ráta an Chontae, ní fhéadfaí a sheasamh dá bhfágfaí an cás mar sin go ceann tréimhse níos faide.

Díríodh aird ar an ngné seo de cheist an bhuiséid le linn phróiseas ullmhúcháin an bhuiséid agus sa tuarascáil mar gheall ar an mbuiséad anuraidh agus pléadh é leis an nGrúpa Beartais Corparáideach roinnt uaireanta.

Tugtar san áireamh le buiséad na bliana 2016, coigeartú maidir leis an mbonnbhliain i ndáil le ráta bhaile mór Bhéal Átha na Sluaighe. Mar a luaitear thuas, ní féidir ráta an Chontae a athrú i rith na tréimhse coigeartaithe. €66.59 an ráta atá á mholadh don Chontae (seachas Béal Átha na Sluaighe) sa bhliain 2016, an ráta céanna a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2009. Tiocfaidh ardú ó €52.00 go €55.00 ar an ráta i mBéal Átha na Sluaighe, an ráta a bhíodh i bhfeidhm ar fud an Chontae trí chéile sa bhliain 2004 (54.12). Is é an tionchar a bheidh ar ghnólachtaí i mBéal Átha na Sluaighe gur ardú is lú ná €105 in aghaidh na bliana ( €2 in aghaidh na seachtaine ) a bheidh i gceist do bheagnach 50% de na gnólachtaí, ardú is lú ná €152 in aghaidh na bliana ( €3 in aghaidh na seachtaine) do 60% de na gnólachtaí agus ardú is lú ná €266 in aghaidh na bliana ( €5 in aghaidh na seachtaine) do bheagnach 75% de na custaiméirí.

**Buiséad 2016**

Tá fáltas ón gCáin Mhaoine Áitiúil / ón gCiste Comhionannaithe tagtha in áit an airgid a thagadh ón gCiste Rialtais Áitiúil le blianta beag anuas. Beidh an maoiniú ón bhfoinse seo sa bhliain 2016 ar aon dul lena bhfuarthas sa bhliain 2014 agus sa bhliain 2015. Fágann cinneadh na gComhaltaí Tofa an Cháin Mhaoine Áitiúil a choinneáil ar an leibhéal céanna go bhfuil leibhéal an ioncaim ón bhfoinse sin mar a bhíodh, ach nuair is beag de bhorradh, más borradh ar bith é, atá faoi ioncam as foinsí eile, agus in ainneoin luacháil nua a dhéanamh i roinnt cásanna, fágann ísliú suntasach ar an luach uileghabhálach maidir le fóntais, chomh maith le costais neamhroghnacha breise den suntas sa bhliain 2016, go mbeidh buiséad an-srianta i gceist don bhliain 2016.

Tá ioncam €500k ón NPPR luaite sa bhuiséad don bhliain 2016 a dtugtar san áireamh leis ioncam faoi na comhaontuithe a cuireadh ar bun, uathu siúd a bhfuil dlite orthu an tsuim dhlite a íoc, agus sin a dhéanamh i rith thréimhse roinnt blianta. Ní bheidh an leibhéal céanna ioncaim ón bhfoinse sin i rith na mblianta atá romhainn.

Tuigeann na Comhaltaí gur costais neamhroghnacha atá i gceist le cuid mhór den bhuiséad gach bliain, mar shampla muirir iasachta, pá-rolla, éileamh reachtúil, árachas, pinsean etc. nó gur caiteachas atá i gceist atá curtha i leith sheirbhísí faoi leith a chur ar fáil.

I bhfianaise an chiste atá ar fáil agus a bhfuil d'éileamh breise ina leith, níorbh fhéidir soláthar a dhéanamh don leibhéal seirbhísí a éilítear agus is léir go bhféadfaí maoiniú breise a chur in úsáid go héifeachtúil faoi bheagnach gach ceannteideal buiséid ach amháin nárbh fhéidir acmhainní breise a leithroinnt.

Tá roinnt gnéithe de bhuiséad na bliana 2016 ar fiú aird a thabhairt orthu.

- Ísliú ar an ioncam ó na rátaí tráchtála mar gheall ar an luach uileghabhálach a leasú.
- Ardú 4.79% ar an meán ar an bpréimh árachais, ardú 10% ar an árachas maidir le Dliteanas Poiblí san áireamh.
- Costas ardaithe maidir le CAMP West mar gheall ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tarraingt siar ón tseirbhís.
- Costas iomlán bliana maidir le stáisiún dóiteáin a oibriú ar an gCeathrú Rua.
- Socruithe nua oibriúcháin maidir le hIonaid Fóillíochta na Comhairle i dTuaim & i mBéal Átha na Sluaighe.
- Laghdú ó thaobh airgead a d'aisghabháiltí, mar shampla an Chreat-Treoir Uisce, nó táillí breise, mar shampla an Oifig Bainistíocht Bóithre.
- Ardú costais a ghabhann leis an Leabharlann nua i mBéal Átha na Sluaighe
- Ardú ar chostais mar gheall ar Chomhaontú Bhóthar Lansdúin

- Laghdú maidir leis an aisghabháil airgid i ndáil le hAsbhaint a bhaineann le Pinsean.
- Éileamh breise reachtúil ó Iontaobhaithe Loingseoireacht Loch Coirib.
- Ardú costais maidir le soilse poiblí.
- Laghdú maidir leis an aisghabháil airgid i ndáil le Muirear Lárnach Bainistíochta.
- Clár comórtha na bliana 2016.

D'fhonn an dréacht de bhuiséad na bliana 2016 a chomhardú, ba ghá an t-ioncam ionchais ó fhoinsí éagsúla a mhéadú oiread agus ab fhéidir agus laghdú caiteachais a chur i bhfeidhm maidir le réimsí áirithe. Is ábhar buartha nárbh fhéidir an soláthar airgid ba mhaith linn a chur ar fáil i réimsí éagsúla, ar a n-áirítear, obair chothabhála ar bhóithre, forbairt eacnamaíochta, obair chothabhála ar thithe, soilsiú poiblí agus eile. Cé go dtuigtear go bhfuil plé ar siúl ar an leibhéal náisiúnta d'fhonn an caillteanas is féidir a chur i leith an leasaithe ar an luach uileghabhálach a chúiteamh, nó a chúiteamh i bpáirt, leis na húdaráis áitiúla, níl aon chinneadh ina leith sin curtha in iúl dúinn. Má tharlaíonn go mbíonn maoiniú breise ar fáil, is fiú na réimsí thuas a mheas in athuair.

Beidh monatóireacht an-ghéar ar na haonaid ar fad de dhíth ar feadh na bliana chun cloí leis an mbuiséad sa bhliain 2016.

**Struchtúir an Údaráis Áitiúil**

Tá an Chomhairle agus an struchtúr fochontae lena mbaineann cúig Cheantar Bardasach i bhfeidhm le beagán le cois bliana agus leanfaidh athrú ag teacht ar ról an dá chóras sin. Beidh obair ar siúl go ceann tamaill d'fhonn a chinntiú nach dtarlaíonn dúbailt oibre idir córas an Chontae agus córas na gCeantar Bardasach agus go ndéantar na feidhmeanna ar fad agus go dtarlaíonn plé ar cheisteanna san fhóram is oiriúnaí chuige.

Ní mór acmhainní a chaitheamh, go díreach nó go hindíreach, le struchtúir leasaithe eile, mar shampla an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil agus an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, ionas go mbeadh an ról a leagtar orthu á chomhlíonadh. Cé nárbh fhéidir go dtí seo an Clár SICAP a thabhairt i bhfeidhm i nGaillimh, beidh dréacht á mheas go gairid ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil den Phlean áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail ar plean Reachtúil atá ann a bhfuil i gceist go mbeadh sé ina threoir maidir leis an mbeartaíocht ar fad a bhaineann le hábhar ar le ciste poiblí a dhéantar é. Beidh gnéithe pobail an phlean á meas ag an LCDC agus is ar an gCoiste Beartas Straitéiseach maidir le Fiontraíocht agus Forbairt Eacnamaíochta a bheidh an fhreagracht maidir leis na gnéithe eacnamaíochta. Beidh an Plean iomlán, le himeacht aimsire, á mheas ag na Ceantair Bhardasacha agus ag an gComhairle iomlán. Tá iarratas déanta ag an LCDC, i gcomhar le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe agus le Comhar na nOileán, ag iarraidh go mbeidís ar an nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG) don chéad bhabhta eile den mhaoiniú faoi scéim Leader. D'fhágfadh a bhfuil beartaithe go mbeadh ról buntábhachtach leis an LCDC maidir leis an straitéis a leagan amach agus le maoirsiú a dhéanamh ar an gclár agus go leanfadh na Comhlachtaí Forbartha Áitiúla i mbun an clár a thabhairt i gcrích. Tá iarratas déanta ag Fóram Chonamara ag iarraidh go mbeifí ar an LAG do Cheantar Bardasach Chonamara agus tá clár á chur i dtoll a chéile ina leith sin. Tuigtear go roghnóidh an Roinn ceann amháin de na tograí lena chur i bhfeidhm.

**Forbairt Eacnamaíochta**

Tá Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe suite in Áras an Chontae anois rud a fhágann gur fusa don phobal a theacht i láthair agus gur fusa an obair a chóiriú in éineacht le hobair roinnt de na haonaid eile. Tá acmhainn bhreise leithdháilte ar bhonn 50/50 leis an Aonad Pobail agus Fiontair agus tugann daoine eile den fhoireann cúnamh i ndáil leis an bhfeidhm seo de réir mar a bhíonn gá.

Rinne na Comhaltaí plé le gairid ar shuíomh an Chairn Mhóir i gcomhthéacs na Tuarascála Féidearthachta. Tá cainteanna ar siúl i ndáil leis an dóigh go bhféadfadh Comhairle Chontae na Gaillimhe léas gearrthéarma idir 6 agus 12 mí a cheangal agus go bhféadfaí próiseas tairisceana foirmiúil a eagrú lena linn sin maidir le léas foirmiúil ar feadh achar níos faide ar iomlán an tsuímh nó ar chuid de.

Leanadh den dul chun cinn maidir le Tionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe agus tá plé mion á dhéanamh ar an rogha bealaigh, de réir mar is léir an rogha sin, leo siúd is mó a gcuireann an rogha sin isteach orthu.  Tá na tuairiscí timpeallachta a ghabhann leis sin i ngar dá dtabhairt chun críche agus tá na próisis reachtúla á meas is gá chun an tionscadal a thabhairt ar aghaidh i ndáil leis an gcead (na ceadanna) is gá ina leith agus le leanúint ar aghaidh go dtí an obair thógála.  Meastar go bhfuil bunriachtanas maidir le forbairt eacnamaíochta na Cathrach agus an Chontae leis an ngné seo den bhonneagar a chur ar fáil.

D'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus Oifig na nOibreacha Poiblí ar Ionad Cuairteoirí a fhorbairt cóngarach do Theach an Phiarsaigh i Ros Muc, lena n-áirítear an bealach a réiteach don fhorbraíocht bheartaithe trí phróisis cead pleanála agus ceannach talún faoi Chuid 8.  Tá obair mhór maidir le cóiriú na talún déanta agus na príomhghnéithe den fhorbraíocht atá beartaithe á dtabhairt tríd an bpróiseas tairisceana.

Tugadh tuairisc ó am go chéile do na Comhaltaí ar an tairiscint maidir le Príomhchathair Cultúir na hEorpa 2020.  Cuireadh an chéad leabhar tairisceana faoi bhráid ar an 16 Deireadh Fómhair 2015.  Chuir ceithre iarratasóir Éireannach tairiscintí i láthair phainéal moltóireachta ar an 12 agus an 13 Samhain 2013 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.  Fógraíodh an gearrliosta an 13 Samhain 2013 agus mar is eol daoibh, d'éirigh le tairiscint na Gaillimhe go bhfuil sí ar an ngearrliosta.  Ní mór leibhéal na gcistí a bheidh de dhíth i ndáil leis an tionscnamh seo a mheas san am atá romhainn amach.  Ní  mór chomh maith leas iomlán a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as Gaillimh a ainmniú mar Chathair Scannánaíochta ag UNESCO.

Tá iarratas á ullmhú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le Comhairle Chathair na Gaillimhe agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo maidir le Gaillimh a ainmniú ina Réigiún Eorpach Gastranamaíochta sa bhliain 2018. Tá lucht ghnó an bhia ag glacadh le fonn leis seo.  Tagann seo go han-mhaith leis an gcomhaontú le gairid idir Comhairle Chontae an Gaillimhe, Teagasc agus lucht fiontraíochta SCULL maidir le Mol Bia a fhorbairt ar Champas Theagasc i mBaile Átha an Rí.

Tá an obair ar fhoirgneamh na leabharlainne i mBéal Átha na Sluaighe tugtha agus tá rún an dá stór uachtair a úsáid ar mhaithe le cúrsaí fiontraíochta.  Tá scrúdú á dhéanamh faoi láthair ar an gcaoi ina gcuirfear chuige sin agus tá na deiseanna spás gorlainne agus/nó cloigín nuála a fhorbairt á bhfiosrú chomh maith le páirtnéirí ionchais a d'fhéadfadh an taithí agus an saineolas is gá a chur ar fáil i ndáil lena oibriú agus le bainistíocht a dhéanamh air.

Tá na Comhaltaí ar an eolas faoin obair atá ar siúl ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le Comhairle Chathair na Gaillimhe, le cúnamh ó Institiúid Whittaker in OÉG, maidir le Straitéis Eacnamaíochta na Gaillimhe a ullmhú. Faoin tráth seo, tá Forléargas Achomair ar Bhonnlíne Eacnamaíochta ullmhaithe i ndáil leis an gContae agus leis an gCathair in éineacht chomh maith le Forléargas Earnála i ndáil le réimsí éagsúla, mar shampla, Gnóthaí Mara, Bia, Miondíolacháin, Turasóireachta, Talmhaíochta, Oideachais, TFC, Feistí Leighis agus Earnáil na Cruthaitheachta. Sula leantar ar aghaidh leis an Straitéis Eacnamaíochta a ullmhú, tionólfar go gairid an Grúpa Comhairleach Eacnamaíochta beartaithe agus an Fóram Idirghníomhaireachtaí maidir leis an bhForbairt Eacnamaíochta.

Is go rímhaith a thuigeann na Comhaltaí an ról tábhachtach atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, mar atá ag gach údarás áitiúil, san fhorbairt eacnamaíochta ar an gceantar feidhme agus an infheistíocht is gá a dhéanamh ionas go mbeadh toradh tairbheach i gceist. Níorbh fhéidir an soláthar dóthanach a dhéanamh maidir le forbairt eacnamaíochta sa bhuiséad don bhliain 2016. Tugtar faoi scáth an cheannteidil seo na réimsí ar fad a bhaineann le hábhar, ina measc an chuid a luaitear thuas agus na réimsí a meastar gur fiú aird faoi leith orthu, mar shampla, Earnáil na Cruthaitheachta agus Turasóireacht, Bia, agus ní mór aird faoi leith a thabhairt go lán dáiríre ar an gcaoi ar féidir an réimse oibre tábhachtach seo a mhaoiniú ar bhonn leordhóthanach san am atá romhainn.

Tá na Comhaltaí ar an eolas faoin ábhar buartha a bhaineann i gcomhthéacs fhorbairt eacnamaíochta an Chontae lena bhfuil i ndán do lár na mbailte móra. Tá cíoradh á dhéanamh faoi láthair ar na bealaí inar féidir bonn treise a chur faoi lár na mbailte móra agus go háirithe ar an gcaoi inar féidir forbairt ar chriosanna lár baile móir a spreagadh agus soirbhiú don fhorbairt sin. Táthar ag smaoineamh ar fhorálacha sonracha a chur isteach sa dréacht beartaithe de Scéim na Ranníocaíochtaí Forbartha. Anuas air sin, i gcomhthéacs rátaí tráchtála, táthar ag plé an bhféadfaí tionscnamh a thabhairt isteach d'fhonn athúsáid as árais tráchtála/miondíolacháin atá folamh le tréimhse áirithe ama a thabhairt isteach.

**Cúrsaí Éifeachtúlachta**

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe á rith anois le buiséad atá laghdaithe 33% agus le líon foirne atá íslithe tuairim is 33% freisin ón mbliain 2008 i leith. Ainneoin laghdú chomh suntasach sin ar acmhainní, ní léir maolú inchomórtais leis ar thoradh ghnó na Comhairle ná ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Ní mór sin a thréaslú le foireann na Comhairle maidir lena shochóirithe a bhíothas ionas go bhféadfaí na seirbhísí a choinneáil ar bun. Thug Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi roinnt tionscnamh le blianta beaga anuas ar mhaithe le costais a ísliú, airgead a shábháil agus éifeachtacht a thabhairt i gcrích agus táthar ag leanúint den díograis ina leith sin. Rinneadh go háirithe toradh rífhiúntach a thabhairt i gcrích maidir leis an soláthar poiblí, éifeachtúlacht fuinnimh agus seirbhísí i gcomhar. Tionscnaimh iad sin a thagann anuas ar an tsábháil a rinneadh faoi Chomhaontuithe Pháirc an Chrócaigh, Bhóthar Haddington agus Bhóthar Lansdúin.

I ndáil lena luaitear thuas, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le cúrsaí soláthair agus cuid mhór earraí/seirbhísí á gcur ar fáil anois ar bhonn réigiúnach nó náisiúnta agus pleananna ar bun i gcásanna eile chun sin a thabhairt i gcrích san am atá romhainn. Samplaí de na réimsí a thagann faoi scáth chóras soláthair náisiúnta nó réigiúnach faoin tráth seo is ea: Troscán Oifige, Ríomhairí Pearsanta, Seirbhísí Ateangaireachta, Trucailí, Ollsoláthar ar Bhreosla Leachta, Trealamh Cosanta Pearsanta & éide, Trealamh Gutháin agus Córais Cumarsáide, Leictreachas, Fógraíocht sna Meáin Chlóite, Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige, Cártaí Ceannacháin, Seirbhísí Grianghrafadóireachta, Veaineanna, Tomhaltáin TFC, Gás Nádúrtha, Cártaí Ceannacháin Breosla, Seirbhísí maidir le Bóithre a Mharcáil, Trealamh ar Cíos, Ábhar Déanta Bóithre, Cosáin, Athchóiriú Bóithre agus Oibreacha Coimhdeacha, Biotúman, Pluiméireacht, Leictreoireacht, Earraí agus Trealamh Glantacháin, Seirbhísí Slándála, Teileachumarsáid, Seirbhísí priontála comhroinnte, Srianadh Lotnaidí, Seirvísí Glantacháin, Seirbhísí Cúnta d'Fhostaithe, Oiliúint i gcúrsaí Sláinte & Sábháilteachta, Dramhaíl, Bainistíocht Cáipéisíochta, Obair Chothabhála ar Ardaitheoirí, Obair Chothabhála maidir le Aláraim Dóiteáin, Obair Chothabhála ar Choirí, Seirbhísí Fón Póca (Córais Teileachumarsáide), Airgead Tirim Faoi Bhealach.

Tá cúrsaí soláthair san earnáil phoiblí go ginearálta ag teannadh le córas níos lárnaí agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) mar shiocair leis sin. Tá méadú ar líon na gcreatchóras agus na gconarthaí náisiúnta atá á gcur ar bun agus tá na hearnálacha ar fad á spreagadh chun leas a bhaint astu ionas go ndéantar sábháil airgid agus go dtugtar feabhas ó thaobh éifeacht riaracháin i gcrích. Is lú na deiseanna atá ann anois sábháil airgid a thabhairt i gcrích bunaithe ar an bpraghas amháin agus ní mór dá bhrí sin modhanna eile chun airgead a shábháil a scrúdú, mar shampla cúrsaí éifeachtachta maidir le próisis oibre. Trí chreatchórais agus conarthaí náisiúnta a thapú, tá airgead sábháilte ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fud réimse catagóirí. Leanfar den dícheall cóiriú níos mine a dhéanamh ar an gcóras atá ar bun maidir le cód a lua le hearraí ionas gur fusa sonraí níos cruinne a aimsiú ar mhaithe leis an anailís.

**Ginearálta**

Ba chóir a thabhairt chun aire go bhfuil síneadh curtha leis an tréimhse ar féidir le daoine den fhoireann dul ar scor lena linn gan aon tionchar breise chun dochair maidir lena mbeidís ina theideal agus go meastar dá bhrí sin go mbeidh líon na ndaoine a théann ar scor i rith na bliana 2016 gar do na gnáthleibhéil. Beidh tionchar ag líon na ndaoine a théann ar scor ar chúrsaí buiséid mar gheall ar ardú costais maidir le pinsin, blianachtaí agus ísliú ioncaim maidir leis an tobhach pinsin.

Rinneadh obair shuntasach le blianta beaga maidir leis an bhfoireann agus daoine den phobal a choinneáil sábháilte le linn dhéanamh fheidhmeanna na Comhairle. Tá gnáis nua oibre, próisis leasaithe, infheistíocht maidir le dul i ngleic le cásanna baoil agus creidiúnú OHSAS a bhaint amach i ndáil leis an Aonad Tithíochta agus Aonad na Seirbhísí Uisce i gceist leis sin. Táthar ag leanúint den obair ina leith sin agus táthar ag déanamh dul chun cinn maidir le creidiúnú a ghnóthú i réimsí na mbóithre agus na Seirbhíse Dóiteáin faoi láthair. Tá i gceist go mbeadh cur chuige aontaithe leanúnach ag gach Aonad de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le Cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta agus an t-airgead atá ar fáil á dhíriú ar na réimsí is géire a dteastaíonn sé uathu ó thaobh na heagraíochta de. Ní mór a bheith tugtha go leanúnach do mhaoiniú a chur ar fáil maidir leis an réimse seo ionas gur féidir a bhfuil de chúram orainn a chur dínn agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don lucht foirne sa réimse oibre seo.

Beidh na Comhaltaí ar an eolas faoi thionscnaimh áirithe atá á gcur chun cinn ar an leibhéal Náisiúnta, mar shampla an Scéim na nÍocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta. Tá tús curtha anois leis an bpróiseas chun sin a chur i bhfeidhm agus tabharfar chun cinn é i rith na bliana 2016. Is dócha gurb é an tionchar is mó a thiocfaidh uaidh sin go mbeidh acmhainn foirne níos mó de dhíth maidir leis an Scéim a ndéanfar a mhaoiniú go lárnach go fóill.

Mar gheall ar an gciste teoranta atá ar fáil, níorbh fhéidir liom soláthar a dhéanamh sa dréacht den bhuiséad d'aon chásanna teagmhasacha a thitfeadh amach i rith na bliana 2016, mar shampla costas a bhaineann le drochaimsir nó rudaí eile nach mbíonn aon súil leo.

**Maoiniú Bóithre**

Níl leibhéal na n-acmhainní atá ar fáil don obair chothabhála agus don obair feabhsúcháin ar bhóithre chomh hard agus ba mhaith linn agus tá sé níos ísle ná an tsuim a cuireadh ar fáil sa bhliain 2015. Leanfaidh an Chomhairle den athrú ag féachaint leis an leas is fearr a bhaint as an méid a fhaightear. Leagtar amach sa tábla thíos an cás maidir le maoiniú le blianta beaga anuas.

Mar a chéile le blianta roimhe seo, tá figiúr sa bhuiséad maidir le deontais bóithre atá bunaithe ar leithroinnt tosaigh na bliana 2015 ó tharla nach bhfuil leithroinnt na bliana 2016 curtha in iúl go fóill. I ndáil le plé a tharla le gairid, tá an buiséad, faoi mar atá faoi láthair, leagtha amach sa chaoi agus go dtugtar an teacht isteach ó pháirceáil carranna san áireamh le hísliú €100,000 ina leith sin ag glacadh leis go mbeidh páirceáil saor in aisce, ar leibhéal éigin, i gceist sa bhliain 2016. Nuair a chuirfear clár na mbóithre faoi bhráid na gcomhaltaí, beidh aon socraithe a bhíonn déanta faoi pháirceáil íocaíochta, agus leibhéal an ioncaim atá ar fáil uaidh sin, curtha san áireamh. Táthar á lua sin mar a bheadh mír *contra* agus beidh

méid na gcistí a leithdháiltear i gcoibhneas díreach, i ndeireadh na dála, leis an ioncam a ghnóthaítear ón bpáirceáil íocaíochta.

| | **Maoiniú ó Dheontais Bóithre**<br><br>**€m** | **Ranníocaíocht na Comhairle féin**<br><br>**€m** |
|---|---|---|
| 2008 | 38.90 | 5.12 |
| 2009 | 35.39 | 4.09 |
| 2010 | 23.65 | 3.02 |
| 2011 | 21.80 | 2.71 |
| 2012 | 20.80 | 2.60 |
| 2013 | 18.40 | 2.50 |
| 2014 | 18.50 | 2.37 |
| 2015 | 18.50 | 2.37 |
| 2016 | 18.50 | 2.00 |

**TREOCHT BUISÉADACHTA 2008 – 2016**

| | |
|---|---|
| 2008 - Buiséad Faofa | €160 M |
| 2009 - Buiséad Coigeartaithe | €146 M |
| 2010 – Buiséad Faofa | €149 M |
| 2011 – Buiséad Faofa | €144 M |
| 2012 – Buiséad Faofa | €136 M |
| 2013 - Buiséad Faofa | €127M |
| 2014 – Buiséad Faofa | €122 M |
| 2015 – Buiséad Faofa | €105 M |
| 2016 – Buiséad Beartaithe | €104 M |

**An Ciste Rialtais Áitiúil**

Tá fáltas ón gCáin Mhaoine Áitiúil/Tobhach Pinsin tagtha in áit an Chiste Rialtais Áitiúil

agus meastar go ngnóthófar ioncam €14.5m uathu sin. I bhfianaise a bhfuil d'athrú ar chúrsaí airgeadais, an chuid a bhaineann le hUisce Éireann san áireamh, ní comparáid inchomórtais níos mó aon chomparáid díreach leis an teacht isteach ón gCiste Rialtais Áitiúil.

**Mar seo a leanas na pátrúin atá ag baint leis an leithroinnt ón gCiste Rialtais Áitiúil: -**

| | *Leithroinnt* | *% d'Ísliú* |
|---|---|---|
| 2008 | €40.60m | |
| 2009 | €36.88m | 9% |
| 2010 | €36.09m | 2% |
| 2011 | €32.84m | 9% |
| 2012 | €30.45m | 7% |
| 2012 (leasaithe) | €27.67m | 3% |
| 2013 (CRA móide laghdú i ndáil le cúrsaí pinsin) | €29.47m | 3% |
| 2014 (Uisce Éireann agus NPPR san áireamh) | €29.52m | 0% |
| 2015 (Uisce Éireann agus NPPR san áireamh) | €29.52m | 0% |

**Tograí caiteachais**

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas an briseadh síos ar an gcaiteachas agus ar an teacht isteach measta i leith na bliana 2016:

| Caiteachas de réir Ghrúpaí Clár | 2015 Buiséad | 2015 Toradh Measta | An Dréacht de Bhuiséad 2016 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Tithíocht & Foirgníocht | 11,541,201 | 38,467 | 12,099,309 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 32,887,196 | 11,494,848 | 32,400,291 |
| Seirbhísí Uisce | 13,119,721 | 1,021,470 | 13,591,025 |
| Bainistíocht i ndáil le Forbairt | 7,474,108 | 5,448,279 | 7,693,720 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 16,910,900 | 10,949,788 | 17,047,153 |
| Áineas & Conláiste | 7,971,728 | 4,252,498 | 8,361,560 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 4,767,523 | 1,174,737 | 2,947,179 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 10,605,729 | 5,788,964 | 10,207,814 |
| Iomlán | 105,278,106 | 40,169,053 | 104,348,051 |

Sa Dréacht den Bhuiséad, tá Teacht Isteach Ioncaim mar seo a leanas á thuar: -

| An Teacht Isteach Measta | 2015 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | € | % | € | % |
| An Ciste Rialtais Áitiúil / LPT | 12,506,381 | 12 | 12,506,381 | 12 |
| Laghdú i ndáil le Cúrsaí Pinsin | 2,060,000 | 2 | 1,950,000 | 2 |
| NPPR | 350,000 | 0 | 500,000 | 0 |
| Deontais & Fóirdheontais Stáit | 32,674,990 | 31 | 31,520,753 | 30 |
| Ioncam ó Uisce Éireann | 9,262,000 | 9 | 9,180,382 | 9 |
| Ioncam a Shocraítear go hÁitiúil | 33,306,591 | 32 | 33,318,465 | 32 |
| Ioncam Eile | 15,118,144 | 14 | 15,372,070 | 15 |
| | 105,278,106 | 100 | 104,348,051 | 100 |

**Focal Scoir**

Bhí dua ag baint leis an Dréacht den Bhuiséad Bliantúil a ullmhú don bhliain 2016. Ina ainneoin sin, is dóigh liom go ligfidh an Dréacht de Bhuiséad atá á chur chun cinn do Chomhairle Chontae na Gaillimhe leibhéal réasúnta seirbhísí lárnacha a chur ar fáil i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil. Os a choinne sin, níl soláthar ar bith do chásanna teagmhasacha luaite. Is infheistíocht shuntasach airgid i bhforbairt an Chontae agus sna seirbhísí ar fud an Chontae an t-ollchaiteachas €104.348M atá á bheartú agus an caiteachas caipitil a meastar luach €32M i gceist leis.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí tofa mar gheall ar an gcúnamh agus an comhoibriú ar fad i rith na bliana 2015.  Is mian liom an meas atá agam ar an gCathaoirleach, an Comhairleoir Peter Roche, agus ar an iar-Chathaoirleach, an Comhairleoir Mary Hoade, a chur in iúl mar gheall ar a gcuid dúthrachta i mbun chúraimí speisialta na hoifige sin agus as ucht na cúirtéise agus na comhoibre i mbun ghnó na Comhairle.  Is mian liom an cúnamh a thug an Grúpa Beartais Corparáide a admháil freisin sa phlé ar an dréacht den bhuiséad.

Is  mian liom buíochas a ghabháil freisin le foireann na Comhairle as a bheith díograiseach sochomhairle i mbun an chúraim i rith na bliana 2015 agus na mblianta roimhe sin, is é a gcuid oibre a chinntigh leanúnachas seirbhísí nuair nach raibh cúinsí go maith.

Is mian liom buíochas a ghlacadh le Stiúrthóirí Seirbhíse na Comhairle agus lena gcuid foirne as dianscrúdú géar a dhéanamh ar mhíreanna an bhuiséid don bhliain 2016 d'fhonn réimsí a shonrú ina bhféadfaí feabhas ó thaobh éifeachtachta nó sábháil costais a thabhairt i gcrích. Is mian liom go háirithe an obair a rinne Ger Mullarkey Uasal, Michael McGovern Uasal, Bernadette O'Connor Uasal, Caitríona Lusby Uasal agus foireann an Aonaid Airgeadais a thréaslú leo agus buíochas a ghabháil le gach duine a raibh páirt acu sa dréacht den bhuiséad a chur ar fáil.

Is cinnte go gcuirfear deacrachtaí eile roimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe le sárú sa bhliain 2016 ach tá misneach agam go mbeifear in ann, le cúnamh na gComhaltaí, an lucht Bainistíochta agus mo chuid comhghleacaithe, seirbhísí fiúntacha a chur ar fáil i rith na bliana 2016 chun freastal ar ghéar-riachtanas mhuintir na Gaillimhe.

Molaim an Dréacht den Bhuiséad seo le haontú agaibh.

***Is mise le meas,***


________________

***Kevin Kelly,***
***Príomh-Fheidhmeannach (Eatramhach)***

# Tuarascálacha na Rannóg

## (lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil ar an Dul chun Cinn maidir le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015 – 2019)

**AONAD NA mBÓITHRE, GHNÓTHAÍ IOMPAIR, GHNÓTHAÍ MARA AGUS NA SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA**




****

Rangú ar Chóras na mBóithre

Mótarbhealach

Príomhbhóithre Náisiúnta

Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

Bóithre Réigiúnacha

Bóithre Áitiúla

****

I mí Feabhra 2016 a fhógrófar deontais na bliana 2016 maidir le bóithre. Meastar go mbeidh soláthar faoi leith á dhéanamh do dhroichid ar bhóithre nach bóithre náisiúnta iad. Ina dhiaidh sin féin, níltear cinnte an mbeidh deontais feabhsúcháin shonracha á gcur ar fáil do bhóithre nach bóithre náisiúnta iad. Is dócha go mbeidh an maoiniú ó Bhonneagar Iompar Éireann maidir le hobair chothabhála, cosáin agus scéimeanna beaga feabhsúcháin ar aon leibhéal leis an mbliain 2015 a bheag nó a mhór.

Cuireadh na Ceantair Bhardasacha ar bun sa bhliain 2014 agus tá béim ar lucht foirne riaracháin agus teicniúil a athrú go dtí oifigí na gceantar bardasach. Tá atheagar maidir leis na dualgais a leagtar ar bhaill den fhoireann ina chuid den phróiseas sin d'fhonn cúram dóthanach a dhéanamh maidir le daoine a bheith as láthair ar laethanta saoire bliantúil, ar shaoire breoiteachta nó ar chúiseanna eile. Tá an tSeirbhís don Chustaiméir sna hoifigí ceantair seo ar ardleibhéal i gcónaí, mar gheall ar an atheagar sin, in ainneoin laghdú ar líon na foirne arís sa bhliain 2015.

Beidh dúshlán arís i gceist leis na mbliain 2016 agus tiocfaidh laghdú eile ar líon na foirne mar gheall ar dhaoine ag dul ar pinsean agus daoine den fhoireann ag glacadh le poist in eagraíochtaí eile. Tá an ciste maidir le bóithre áitiúla as acmhainní na Comhairle féin don bhliain 2016 níos ísle ná mar a bhí sa bhliain 2015, agus braithfidh an ciste a bhíonn ar fáil i ndeireadh báire ar an teacht isteach a ghnóthaítear ó pháirceáil íocaíochta. Leanfar den leithdháileadh cistí a dhéanamh de réir fhad an réimse bóthair agus aicme an bhóthair.

**Suirbhé maidir le Riocht na mBóithre**

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe suirbhé ar riocht na mbóithre i ndáil le córas na mbóithre áitiúla sa bhliain 2012. Tá tairbhe as an obair sin ag an lucht bainistíochta agus baineadh leas as chomh maith chun fardal nualeasaithe a chur ar fáil maidir leis an gcóras. Rinneadh gach réimse bóthair a mheas agus grád a chur ina leith. Rinneadh mapáil le deiseanna GPS ar an suíomh agus logáil air sin sa ghnáthchúrsa oibre. Luaitear grád idir 1 agus 10 maidir leis an gcaoi atá ar an mbóthar, 10 nuair atá sé i gcaoi an-mhaith.

Tar éis an suirbhé a dhéanamh ar an riocht ina bhfuil bóithre áitiúla sa bhliain 2012, tá caighdeán na mbóithre ar fud an chontae ar fad gar go maith dá chéile. Tá tairbhe faoi leith as leanúint leis an gclár maidir le hobair dheisiúcháin ar bhóithre áitiúla den tríú grád agus tá súil leanúint leis sin arís sa bhliain 2016. Baintear leas as torthaí na suirbhéireacht a rinne an Roinn Iompair/an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta ar bhealaí réigiúnacha i gContae na Gaillimhe mar dheis chun cuidiú le hobair faoi Chlár Athchóiriú agus Atógáil na mBóithre a chur in ord tábhachta. Tá le sonrú ó thorthaí na suirbhéireachta sin na réimsí bóthair ar gá feabhas a chur ar an dromchla orthu; tá tuairim is 10% den chóras i gceist leo sin. Is ríléir ó na figiúirí bonnlíne go bhfuil gá le scrúdú a dhéanamh maidir leis an seasamh atá in aghaidh fheithicil sciorradh ar thuairim agus 8.5% de chóras na mbóithre réigiúnach agus feabhas a thabhairt i gcrích. Tá fiúntas faoi leith le sonraí den chineál seo maidir le hábhar buartha a thabhairt chun suntais agus caomhchóiriú a dhéanamh ar chláir oibre ionas go mbaintear an leas is éifeachtúla is féidir as acmhainní atá gann. Bíonn tosca eile i gceist chomh maith seachas cuma agus tréithe fisiciúla an bhóthair, mar shampla an méid tráchta, líon na dtionóiscí a tharla, an tábhacht atá leis an mbealach sa réigiún etc.

## Bóithre Náisiúnta

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Cuireadh maoiniú ar fáil sa bhliain 2015 chun freastal do thabhairt chun cinn agus do thabhairt i gcrích ghné na mBealaí Móra Idiruirbeacha sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013. Oifig Thionscadail na mBóithre Náisiúnta atá i mbun bainistíochta ar na mórthionscadail seo a leanas agus faightear ar ais iomlán an chostais a ghabhann leis an gclár oibre seo ó Bhonneagar Iompair Éireann.

| Bóthar Náisiúnta Uimh. | Réimse Bóthair |
|---|---|


| | |
|---|---|
| N67 | Baile an Doirín go Cinn Mhara |
| M6 | Gaillimh / Béal Átha na Sluaighe |
| M17/M18 | An Gort / Tuaim |
| M18 | An Gort / Croisín |
| N6 | Tionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe |
| N59 | Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn/Maigh Cuilinn ar Líne |
| N59 | An Teach Dóite/An Clochán |
| N59 | An Teach Dóite/ Uachtar Ard |
| N84 | Luimneach |
| N17 | Ceathrú an Urláir/ Baile an Daighin |
| N63 | Cnoc an Eanaigh/Mainistir Chnoc Muaidhe |
| N83 | Daichead Acra |
| N63 | Mainistir Chnoc Muaidhe/An tEanach |

- Tá trácht carranna anois ar Scéimeanna an M6 Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe agus an M18 An Gort / Croisín agus roinnt ceisteanna beaga le réiteach go fóill le húinéirí talún.
- Tá Comhairleoirí ceaptha maidir le Tionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe agus iad lonnaithe san Oifig Tionscadail i mBaile an Bhriotaigh. Beidh an cháipéisíocht riachtanach maidir leis an scéim a fhoilsiú ar fáil i rith thús na bliana 2016.
- Tá Cead Pleanála tugtha maidir leis an mbóthar idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard agus tá leagtha amach Réamhoibreacha a dhéanamh i rith na bliana 2016.
- Tá an scéim maidir leis an mbóthar idir an Clochán agus an Teach Dóite foilsithe agus cuireadh tús le hÉisteacht ó Bhéal ar an gClochán an 10 Samhain 2015.
- Tá Cáipéisí Conartha á n-ullmhú maidir le scéim an N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn. Meastar go mbeidh an obair ar Réimse Bóthair ar Líne Mhaigh Cuilinn tugtha i gcrích roimh dheireadh na bliana 2015.
- Tugadh faoin gclár oibre bliantúil maidir le dromchla agus cothabháil ar na bealaí Náisiúnta i gcomhréir leis an mbuiséad €1,427,318 d'Obair Chothabhála a chuir Bonneagar Iompair Éireann in iúl.

***Tograí don bhliain 2016:***

- M17/M18. Tá conarthaí sínithe. Idir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus Direct Route an conradh. Tá oibreacha móra ar bun ó R1 2015. Feabhra 2018 an dáta atá leagtha amach do chríochnú na hoibre.
- Cuireadh tús leis an obair ar scéim an N84 Luimneach i R 3 2015, tá Ceannach Talún ar siúl faoi láthair agus leanfar leis isteach sa bhliain 2016. R4 2016 atá leagtha amach do chríochnú na hoibre.
- Cuireadh tús leis an obair ar scéim an N17 Ceathrú an Urláir go Baile an Daighin i rith R4 2015 tá Ceannach Talún ar siúl faoi láthair agus leanfar leis isteach sa bhliain 2016. R4 2016 atá leagtha amach do chríochnú na hoibre.
- N67 Baile an Doirín Cinn Mhara - cuireadh tús le hÉisteacht ó Bhéal an 10 Samhain 2015.
- N63 Cnoc an Eanaigh go Mainistir Chnoc Muaidhe Cuid VIII Tugadh cead pleanála i mí Meán Fómhair 2015 agus tá aontú á lorg chun dul ar aghaidh le hordú don cheannachán éigeantach.
- Tabharfar faoin gclár bliantúil maidir le dromchla nua ar bhóithre agus le hobair chothabhála, lena ngabhann gnáthobair chothabhála, obair bhliantúil maidir le dromchla nua, obair chothabhála maidir le haimsir geimhridh, obair chothabhála ar dhroichid agus obair chothabhála ar shoilse le bealaí tráchta, de réir an chiste a chuireann Bonneagar Iompair Éireann ar fáil.
- Anuas air sin, tabharfar faoi chlár oibre iomlán maidir le Cosáin agus Oibreacha Beaga Feabhsúcháin ar Chóras na bPríomhbhóithre Náisiúnta agus na mBóithre Náisiúnta den Dara Grád i gcomhthéacs dheontas Bhonneagar Iompair Éireann don bhliain 2016.

## Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla




***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

Bhí an deontas iomlán **€19,816,096** maidir le Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla briste síos mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Oibreacha Feabhsaithe** | **€16,942,736** |
| **Oibreacha Cothabhála** | **€ 2,823,360** |

Is féidir an leithroinnt deontais a rangú faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas:

| **Catagóir Deontais** | **Leithroinnt 2015** |
|---|---|
| Deontas Feabhsúcháin 2015 | **€10,030,462** |
| Deontas Cothabhála Athchóiriúcháin | **€2,823,360** |
| Deontas Cothabhála Roghnach | **€4,798,774** |
| Deontais Feabhsúcháin Shonracha – Clár Athchóiriú Droichid | **€405,000** |
| Deontais Feabhsúcháin Ísealchostais maidir le cúrsaí Sábháilteachta | **€282,500** |
| Deontais do Bhóithre Straitéiseacha Réigiúnacha & Áitiúla (SNNR) | **€50,000** |
| Oiliúint | **€95,000** |
| Deisiúchán mar gheall ar Dhrochaimsir | **€1,331,000** |
| **FORIOMLÁN** | **€19,816,096** |

- Leithroinneadh ciste i rith na bliana 2015 i ndáil leis na droichid seo a leanas faoi Chlár na nDeontas Feabhsúcháin Sonrach – Athchóiriú Droichead:

| Toghcheantar | Droichead | Leithroinnt |
|---|---|---:|
| **Baile Átha an Rí/Óran Mór** | **R348 Baile na bhFalmairí** | **€15,000** |
| **Béal Átha na Sluaighe** | **R363 Béal Átha Feorainne**<br>**R359 /Cluain na hInse 2** | **€50,000**<br>**€15,000** |
| **Conamara** | **R336 Cromghlinn**<br>**R336 Muintir Eoin** | **€50,000**<br>**€100,000** |
| **Baile Locha Riach** | **R352 Baile Sruthail**<br>**R461 Uinsinn Bhuí Theas 3**<br>**R350 Whites** | **€80,000**<br>**€25,000**<br>**€15,000** |
| **Tuaim** | **R364 An tEanach Beag**<br>**R347 Baile an Doire**<br>**R333 Cathair na hAoine** | **€20,000**<br>**€20,000**<br>**€15,000** |
| **IOMLÁN AN CHLÁIR ATHCHÓIRITHE DROICHEAD** | | **€405,000** |


- Rinneadh maoiniú ar an togra seo a leanas faoin Scéim Deontais maidir le Bóithre Straitéiseacha Réigiúnacha & Áitiúla:

| SCÉIM | LEITHROINNT 2014 |
|---|---:|
| R336 Bóthar Rochtana Chonamara (Bearna go Ros an Mhíl) | **€50,000** |

- Leithroinneadh ciste **€395,000** as Deontas Roghnach na bliana 2014 maidir le hobair dheisiúcháin ar Dhroichid ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, rud a choinnigh an leithroinnt iomlán a caitheadh ar Dhroichid ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta cothrom le €800,000. Bhí €10,000 san áireamh leis sin maidir le réamhscrúdú eiceolaíochta. Cuireadh ciste ar fáil maidir leis na droichid seo a leanas:

| AN CEANTAR BARDASACH | DROICHEAD | LEITHROINNT | IOMLÁN DON CHEANTAR BARDASACH |
|---|---|---|---|
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | An tSráidbhaile Thoir | €5,600 | **€39,200** |
| | Baile na bhFalmairí | €7,200 | |
| | An tSráidbhaile Theas | €3,200 | |
| | Tobar Beacáin | €3,200 | |
| | Poll na Circe | €4,000 | |
| | An Chloch | €3,200 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Siúdán | €12,800 | |
| **Béal Átha na Sluaighe** | Béal an Átha Móir | €28,000 | **€68,000** |
| | Cluain Luaithrinne | €14,000 | |
| | Oileán, An Cnoc Breac | €14,000 | |
| | An Garbhaile | €8,000 | |
| | Lochán na bhFeag | €4,000 | |
| | Formaoil | €60,000 | |
| | Droichead Thuath Lúbáin 2 | €16,000 | |
| | An Machaire Mór/Lios an Uisce Theas | €14,600 | |
| | Droiminn na Muclach Theas | €10,000 | |
| | Droichead an Bhaile Bhacaigh, An Corrbhaile | €10,000 | |
| | Túr Bhaile Uí Laoigh | €5,000 | |
| **Tuaim** | Odhar, Áth Cinn | €3,200 | **€88,200** |
| | Abhainn na hAbarta | €3,200 | |
| | An Lóiste, Áth Cinn | €6,400 | |
| | Baile an Doire | €24,000 | |
| | Poll an Phúca | €14,300 | |
| | Cluain Dá Thiompar | €1,600 | |
| | Móinín Alaí | €28,000 | |
| | Sonnach | €5,000 | |
| | Fleascach | €2,500 | |
| **IOMLÁN** | | | **€385,000** |




Is í an tsuim a cuireadh ar fáil as acmhainní na Comhairle sa bhliain 2015 **€6,466,815**, lena n-áirítear soláthar maidir le Soilsiú Poiblí.

- Rinneadh leithroinnt €2,823,360 i ndáil le Cóiriú Dromchla taobh istigh de línte sconsaí. Rinneadh an leithroinnt mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (1) | Cóiriú Dromchla Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe | **€ 540,800** |
| (2) | Cóiriú Dromchla Cheantar Bardasach Chonamara | **€ 567,840** |
| (3) | Cóiriú Dromchla Cheantar Bardasach Bhaile Locha Riach | **€ 676,000** |
| (4) | Cóiriú Dromchla Cheantar Bardasach Órán Mór | **€ 242,360** |
| (5) | Cóiriú Dromchla Cheantar Bardasach Thuama | **€ 676,000** |

***Tograí don bhliain 2016:***

- Ullmhóidh an tAonad Clár na mBóithre 2015 i gcomhthéacs an airgid a bhíonn ar fáil ón Údarás um Bóithre Náisiúnta, ón Roinn Iompair agus as acmhainní na Comhairle féin. Cuirfear an Clár faoi bhráid na Comhairle lena cheadú i mí Feabhra/Márta 2016.
- Cuirfear an leithdháileadh ar Bhuiséad na mBóithre Áitiúla faoi bhráid na Comhairle lena cheadú i gcomhthéacs Chlár na mBóithre 2016. Beidh srian ar an leibhéal roghnaithe a bheidh ag an gComhairle i ndáil le maoiniú a leithroinnt maidir le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla sa bhliain 2016 mar gheall ar na coinníollacha a ghabhann leis an Meamram faoi Dheontais do Bhóithre Réigiúnacha & do Bhóithre Áitiúla a d'eisigh an Roinn Iompair.

## Oibreacha Mara

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

**Clár Forbartha Infreastruchtúir Cósta agus Calafoirt Iascaigh**

- Rinne an Chomhairle obair maidir le cúrsaí sábháilteachta agus obair fheabhsúcháin ar Ché an tSrutháin. Chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara 75% den chiste don obair seo ar fáil.

| | | |
|---|---|---|
| Cé an tSrutháin, An Cheathrú Rua | Fánán a fhorbairt | €150,000 |

**Cosaint an Chósta**

- Rinneadh obair maidir le Cosaint an Chósta sna háiteanna seo a leanas in Iarthar an Chontae nuair a tharla damáiste mhór mar gheall ar aimsir stoirme –

An Cladach ó Dheas, Inis Bó Finne

Córas bóithre Inis Meáin

Córas bóithre an Inis Oírr

Calafort Chloch na Rón

***Tograí don bhliain 2016:***

**Céanna agus Calafoirt Straitéiseacha:**

- Sonraíodh maoiniú €8 milliún maidir le forbairt céibhe in Inis Oírr sa Chlár maidir le Cúrsaí Bonneagair agus Infheistíocht Chaipitil 2016 -2021. Ina ainneoin sin, níor tháinig aon chomhfhreagras chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe go fóill á chur in iúl go bhfuil an maoiniú sin ar fáil. Tabharfar an tionscadal faoi mheas nuair a chuirtear an t-airgead ar fáil.

**Cosaint an Chósta**

- Leanfaidh an Chomhairle ag cur tograí faoi bhráid Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le maoiniú i ndáil le hOibreacha Chosaint an Chósta.
- Obair dheisiúcháin i ndáil le damáiste mar gheall ar aimsir stoirme ar láithreacha réamhshonraithe, le maoiniú €500,000 ó Oifig na nOibreacha Poiblí.
- Leanúint le hoibreacha Chosaint an Chósta ar fud an chontae.

## Draenáil Artaireach

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Rinne an Chomhairle de réir na ndualgas a leagtar uirthi faoin reachtaíocht i ndáil le hobair chothabhála a dhéanamh ar chórais draenála sa Chontae tríd an Aonad

Bóithre agus Iompair agus Oifigí Bardasacha Ceantair na Comhairle. Tá dhá Cheantar Draenála déag faoi chúram na Comhairle agus tá dhá Cheantar Draenála i gContae na Gaillimhe a leanann isteach i réimsí Chomhairle Chontae Ros Comáin agus Chomhairle Chontae an Chláir.

**Ceantair Dhraenála:**

| | | |
|---|---|---|
| Áth Eascrach | An tEanach | An Bhuaile |
| Dún Coillín (An Gort) | Dún Coillín (Baile Átha an Rí) | Dún Coillín (Baile Locha Riach) |
| Tuaim Catraí | Cill Chríost | An Leathbhaile |
| Míleac An Poll Seasc | An Creagán | Cnoc Óráin |

**Comhcheantair Dhraenála:**

Comhcheantar Draenála an Fhorghais
Comhcheantar Draenála an tSuca

- Tá na feidhmeanna a bhíodh á ndéanamh roimhe seo ag na Comhchoistí Ceantair Draenála á ndéanamh go díreach ón 1 Eanáir 2015 ag gach údarás áitiúil faoi seach i ndáil leis an gcuid sin den cheantar draenála atá ina réimse údaráis féin, socruithe san áireamh is féidir leis na húdaráis áitiúla atá i gceist a dhéanamh.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Tabharfaidh an tAonad faoin gclár obair chothabhála ar chórais draenála a thagann faoi scáth na Comhairle i rith na bliana 2016; braitheann an obair a dhéanfar ar an maoiniú a bhíonn ar fáil.
- Bainfear leas as gach foinse airgid atá ar fáil chun tabhairt faoi obair dheisiúcháin agus faoi obair fheabhsúcháin sna Ceantair Dhraenála a thagann faoi scáth na Comhairle.

## Oibreacha & Staidéir ar Mhaolú Tuilte

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe den obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana 2015 d'fhonn oibreacha a shonrú agus a chur chun cinn a mhaolódh an baol ó thuilte san am atá romhainn.
- Ón mbliain 2010 i leith, rinneadh scrúdú mar gheall ar 188 Scéim Oibreacha Beaga d'fhonn an Baol ó Thuilte a Mhaolú d'fhonn a dheimhniú má bhí bealach ar fáil a bheadh indéanta ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta chun an baol go dtarlódh tuilte san am atá romhainn a mhaolú.
- Cuireadh 17 iarratas maidir le baol tuilte a mhaolú faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe i rith na bliana 2015 faoin Scéim Oibreacha Beaga d'fhonn an Baol ó

Thuilte a Mhaolú agus cheadaigh Oifig na nOibreacha Poiblí iad. Cuireadh deontas iomlán €268,909 ar fáil maidir le scéimeanna den sórt sin

- Lean cruinnithe Chomhghrúpa Stiúrtha ar a bhfuil ionadaithe ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana 2015 chun oibreacha ar Scéim Mhaolú Tuilte Abhainn Dhún Coillín & Shruthán an Agaird agus ar Scéim Mhaolú Tuilte Abhainn an Chláir (Baile Chláir) a thabhairt chun cinn.
    - Tá Scéim Abhainn Dhún Coillín curtha faoi bhráid an Bhoird Phleanála lena haontú agus eagraíodh éisteacht ó bhéal i mí na Samhna. Táthar ag tnúth le breith an Bhoird go gairid.
    - Aontaíodh Scéim Mhaolú Tuilte Abhainn an Chláir faoin reachtaíocht i mí Deireadh Fómhair agus ba chóir go gcuirfí tús leis an obair i rith na bliana 2016.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe i rith na mblianta 2014/2015 den obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí ar na bearta staidéir maidir leis an mBaol ó Thuilte a Mheas agus a Bhainistiú in Abhantracht an Iarthair agus na Sionainne. Tá Dréacht de Mhapaí Tuilte tugtha chun críche agus iad á gcur ar fáil lena mbreithniú ag daoine den phobal.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Tabharfar an obair ar fad atá fós le déanamh ar miontionscadail chun an baol ó thuilte a mhaolú chun críche i rith na bliana 2016 agus oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe in éineacht le hOifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le scéimeanna oibreacha beaga atá á mbeartú faoi láthair d'fhonn cistí a aimsiú do na scéimeanna sin.
- An Scéim Mhaolú Tuilte as Baile an Doirín go Cill Tiarnáin a thabhairt chun cinn i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le Bonneagar Iompair Éireann.
- Déanfar iarratais ar airgead maidir le scéimeanna eile a mheastar a bheith oiriúnach maidir leis an mbaol ó thuilte san am atá romhainn a mhaolú a thabhairt chun cinn d'fhonn a gcur faoi bhráid Oifig na nOibreacha Poiblí.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe den obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le Scéim Mhaolú Tuilte Abhainn Dhún Coillín & Shruthán an Agaird agus Scéim Mhaolú Tuilte Abhainn an Chláir (Baile Chláir) a thabhairt chun cinn.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe den obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí ar na bearta staidéir maidir leis an mBaol ó Thuilte a Mheas agus a Bhainistiú in Abhantracht an Iarthair agus na Sionainne i rith na bliana 2016.

## Sábháilteacht Bóithre

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tionóladh cruinnithe den Chomhchoiste Sábháilteachta ar Bhóithre agus leanadh de ról gníomhach an choiste sin maidir le sábháilteacht ar bhóithre.
- Áirítear ar na tionscnaimh ar thug an Chomhairle fúthu maidir le cúrsaí sábháilteachta ar bhóithre i rith na bliana 2015:
  - An Clár *Drive for Life* a chur chun cinn i scoileanna dara leibhéal.
  - I mí Feabhra 2015, d'fhreastail an tOifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre ócáid *'Keep Safe'* sa Ghort i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus labhair le líon ba mhó ná 100 dalta faoi chúrsaí tuisceana i ndáil le sábháilteacht ar bhóithre – criosanna sábhála; siúl agus rothaíocht go sábháilte; an Cód Sábhála, etc.
  - Cúnamh taca maidir leis an gClár Oiliúna i ndáil le Rothaíocht Shábháilte sna scoileanna náisiúnta
  - Chuir an Chomhairle comharthaí le teachtaireachtaí éagsúla orthu in airde i mí Márta agus i mí Lúnasa ag iarraidh ar an bpobal moilliú nuair a bhí *'Slow Down Day'* ar siúl
  - Cúnamh maidir le Scéim na Maor Sóisearach Scoile a rith chomh maith le comórtas a eagrú le ceithre cinn de scoileanna i dTuaim ar an 19 Bealtaine 2015.
  - Bhí teachtaireachtaí faoi chúrsaí sábháilteachta ar na bóithre go rialta ar iRadio d'fhonn aird an phobail i gcoitinne a tharraingt ar na ceisteanna sin nuair a bhí deireadh seachtaine Lá Saoire Bainc ann.
  - I rith Fhéile na Bealtaine 2015, cuireadh Feachtas Veisteanna Sofheicthe ar siúl agus tugadh veisteanna amach saor in aisce.
  - Eagraíodh tionscnaimh i gcomhar i rith na Seachtaine Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre i mí Deireadh Fómhair 2015 trínar tugadh 500 solas rothair agus 500 veist sofheicthe do mhic léinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus 500 veist sofheicthe do mhic léinn in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo. Thairg Advance Pitstop freisin scrúdú seiceála ar 5 ní in aisce do dhaoine den phobal d'fhonn cinntiú go raibh a gcuid feithiclí i gcaoi mhaith roimh an ngeimhreadh.
  - Bhí an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta ar siúl i mí Deireadh Fómhair 2015 agus scaipeadh ábhar sofheicthe agus bileoga.
  - Bhí teachtaireachtaí d'fhonn aird a tharraingt ar chúrsaí sábháilteachta ar na bóithre in 'Aon Scéal', iris lucht foirne na Comhairle, i rith na bliana 2015 d'fhonn leanúint den tuiscint ar chúrsaí sábháilteachta ar na bóithre a chothú i measc lucht na foirne agus cuireadh teachtaireachtaí freisin chuig na páipéir áitiúla a bhí dírithe ar an bpobal i gcoitinne chomh maith leis na meáin shóisialta romhat.
  - Nuair a bhí an tEolaire maidir le Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta á sheoladh i mí na Samhna 2015, scaipeadh na céadta veist agus crios muinchille ar Ghrúpaí Pobail ar fud na cathrach agus an chontae.

- Tugadh veisteanna sofheicthe, criosanna muinchille sofheicthe agus bileoga d'fhonn tuiscint ar chúrsaí sábháilteachta ar na bóithre a chothú, saor in aisce ar scoileanna, ar ghrúpaí pobail agus ar an bpobal i gcoitinne i rith an bliana 2015.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Beidh cruinnithe rialta ag an gComhchoiste Sábháilteachta ar Bhóithre agus leanfar den ról gníomhaíocht maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.
- I measc na dtionscnamh maidir le sábháilteacht ar bhóithre atá beartaithe ag an gComhairle a chur chun cinn i rith na bliana 2016, tá:
  - An Clár *Drive for Life* a chur chun cinn i scoileanna dara leibhéal.
  - Eagrófar *'Think Twice'*, an Seó maidir le Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre do Dhéagóirí, ar an 26 Feabhra 2016 agus beidh cuireadh ag gach scoil dara leibhéal sa chontae agus sa chathair chuige.
  - Cuidiú leis an gClár Oiliúna i ndáil le Rothaíocht Shábháilte sna scoileanna náisiúnta
  - Cuidiú le Scéim na Maor Sóisearach Scoile a rith i gceithre cinn de scoileanna
  - Leanúint den tuiscint ar chúrsaí sábháilteachta ar bhóithre a chothú i measc an phobail i gcoitinne trí theachtaireachtaí rialta ar an raidió agus trí na meáin shóisialta
  - Leanúint de veisteanna sofheicthe, criosanna muinchille sofheicthe agus bileoga d'fhonn tuiscint ar chúrsaí sábháilteachta ar na bóithre a chothú a dháileadh saor in aisce ar scoileanna, ar ghrúpaí pobail agus ar an bpobal i gcoitinne.

***Oibreacha agus Bearta Feabhsú Sábháilteachta:***

- Chuir an Roinn Iompair leithroinnt €282,500 ar fáil ionas go bhféadfaí oibreacha feabhsúcháin ísealchostais ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta a dhéanamh ar na bóithre réigiúnacha agus ar na bóithre áitiúla seo a leanas:

| **UIMHIR AN BHÓTHAIR** | **CUNTAS** | **CEANTAR BARDASACH** | **LEITHROINNT** |
|---|---|---|---|
| R336 | Ag Séipéal na Tulaí | Conamara | €30,000 |
| LP2108/LP2121 | Cathair Mhuiris/Bun an Tobair | Tuaim | €25,000 |
| R446 | Ceapach an tSeagail | Béal Átha na Sluaighe | €30,000 |
| LP2115 & LP2128 | Crosbhóthar Uí | Tuaim | €15,000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Churraoin | | |
| R347/LP2125 | Dún Beag, Baile na Stacán, | Tuaim | €60,000 |
| LP4501 at LS8580& LS8593 | Acomhail Dhún Coillín | Baile Locha Riach | €20,000 |
| R344 | An Gleann Eidhneach | Conamara | € 7,500 |
| LT31142 & LS7182 & LP3114 | Acomhal an LS7182 & LT 31142 leis an LP3114 An Cheathrú Bhán go Cill Tulach | Baile Locha Riach | €25,000 |
| LS8568 & LP4502 & R347 | Acomhal an 8568 & LP4502 leis an R347 An Bóthar idir Creachmhaoil agus Ard Rathain | Baile Locha Riach | €20,000 |
| R358 & LP3406 | An Choill Ghlas: Crosbhóthar T | Béal Átha na Sluaighe | €20,000 |
| R336 | Scoil Náisiúnta na Tulaí | Conamara | €30,000 |
| **IOMLÁN** | | | **€282,500** |

## Teorainneacha Luais

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Cuireadh tús sa bhliain 2015 le clár oibre maidir le comharthaí CRIOS MALL i ndáil le teorainneacha luais in eastáit tithíochta a chur suas. Cuireadh €32,250 ar fáil don chlár oibre seo i rith na bliana 2015.
- Tá clár oibre maidir le comharthaí teorainneacha luais a chur suas i gceantair tuaithe i gContae na Gaillimhe tugtha chun críche; fuarthas €33,600 don obair sin ón Roinn Iompair.
- Lean an tAonad de Theorainneacha Luais a chur i bhfeidhm maidir le hOibreacha Bóthair i gcomhar leis na Gardaí agus leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, de réir mar ba ghá, d'fhonn freastal do chláir oibre éagsúla na Comhairle a thabhairt i gcrích.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Tá beartaithe leanúint i rith na bliana 2016 leis an gclár oibre maidir le comharthaí CRIOS MALL i ndáil le teorainneacha luais in eastáit tithíochta a chur suas, má chuireann an Roinn Iompair airgead ar fáil chuige. Meastar go gcuirfear maoiniú ar aon dul leis an €32,250 sa bhliain 2015 ar fáil.

- Táthar chun athbhreithniú a dhéanamh maidir le fo-dhlíthe teorainneacha luais ar fud an Chontae i rith na bliana 2016, agus tiocfaidh clár oibre maidir le comharthaí a chur isteach i gcomhréir leis na fo-dhlíthe nua a aontaítear dá thoradh sin. Tá leithroinnt €50,000 curtha de leataobh i ndáil leis an gclár oibre sin.
- Leanfaidh an tAonad de Theorainneacha Luais a chur i bhfeidhm maidir le hOibreacha Bóthair i gcomhar leis na Gardaí agus le Bonneagar Iompair Éireann, de réir mar is gá d'fhonn freastal do chláir oibre éagsúla na Comhairle a thabhairt i gcrích.

## Soilsiú Poiblí

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Cuireadh suim €932,000 ar fáil i mBuiséad na bliana 2015 maidir le costas chlár na soilse poiblí, costas cothabhála, costas fuinnimh agus costas forfheabhsúcháin san áireamh.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Cuirfear buiséad ar aon dul le buiséad na bliana seo ar fáil sa bhuiséad maidir le costas chlár na soilse poiblí i rith na bliana 2016. Déantar soláthar leis an mbuiséad sin don chostas cothabhála agus don chostas fuinnimh a ghabhann le córas na soilse poiblí atá ar fáil faoi láthair.

## Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

**Rannpháirtíocht an Phobail i Scéimeanna Oibreacha Bóthair**

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Lean an Chomhairle de Rannpháirtíocht an Phobail i Scéimeanna Oibreacha Bóthair a spreagadh go gníomhach mar bhealach chun tairbhe as seasamh an phobail maidir le hobair ar bhóithre áitiúla oiriúnacha a thabhairt i gcrích. Tháinig 72 iarratas faoi scéim na bliana 2015, agus chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú €428,248 ar fáil maidir le 38 scéim.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Beidh soláthar á dhéanamh faoin Dréacht de Chlár Bóithre 2016 do Rannpháirtíocht an Phobail i Scéimeanna Oibreacha Bóthair a chur i bhfeidhm arís i rith na bliana sin. Tá curtha in iúl ag an Roinn Iompair go mbíonn athbhreithniú á dhéanamh go leanúnach ar an scéim agus go bhféadfadh athrú a bheith ar na critéir faoin scéim sa bhliain 2016. Fógrófar mioneolas ina leith sin nuair a thagann sé.

## Obair Chomhpháirtíochta

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- D'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Oifig na nOibreacha Poiblí le chéile ar an gComhghrúpa Oibre maidir le Tuilte agus ar an nGrúpa Stiúrtha maidir le Scéimeanna Mhaolú Tuilte Abhainn Dhún Coillín & Abhainn an Chláir d'fhonn tionscadail agus bearta oibre oiriúnacha a thabhairt chun cinn chun an baol go dtarlódh tuilte san am atá romhainn a mhaolú.
- Rinne an tAonad caidreamh le geallsealbhóirí maidir leis an obair ullmhúcháin ar Phlean Seirbhíse an Gheimhridh a thabhairt chun cinn.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe den obair ar Ghlasbhealach siúlóide agus rothaíochta idir Gaillimh agus Uachtar Ard a thabhairt chun cinn le cúnamh taca ón Roinn Iompair.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe den obair ar Ghlasbhealach siúlóide agus rothaíochta idir an Clochán agus Uachtar Ard a thabhairt chun cinn le cúnamh taca ó Fháilte Éireann.
- D'fhostaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí 68 duine faoin scéim Tairseach, agus bhí an chuid is mó acu fostaithe agus ina n-acmhainn fhiúntach ag Aonad na mBóithre, i mbun Oibreacha Cothabhála nach bhféadfaí a dhéanamh murach an cúnamh uathusan.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfaidh an tAonad den cheannródaíochta a dhéanamh i ndáil le hoibriú le Comhairle Chathair na Gaillimhe agus le hAonad Iompair na Gaillimhe maidir le tograí a bhaineann le cúrsaí iompair a chur chun cinn a bhfuil tairbhe astu ag Contae na Gaillimhe agus ag an gCathair freisin.
- Leanfaidh an Chomhairle den obair le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le geallsealbhóirí eile d'fhonn dul i ngleic le ceisteanna maidir le tuilte i rith na bliana 2016.
- Leanfaidh an Chomhairle den chaidreamh leis an Údarás Náisiúnta Iompair d'fhonn an sárchleachtas maidir le bóithre poiblí i gceantair tuaithe a fhorbairt.
- Leanfaidh an Chomhairle de na tionscadail maidir le Glasbhealaí a chur chun cinn sa Chontae, ionas go mbíonn roghanna taistil den inmharthanacht ar fáil ag muintir an chontae agus ag turasóirí.

## Seirbhís don Chustaiméir

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Chuir an tAonad eolas ar fáil don phobal i gcoitinne, i rith na bliana 2015, faoin bPlean Seirbhís Geimhridh 2014/2015, ar www.galway.ie. Leagtar amach san eolas sin an bealach ina gcuirfear an tSeirbhís Geimhridh maidir le haimsir sheaca agus aimsir sneachta ar fáil i gContae na Gaillimhe.
- Tá leas níos mó á bhaint ag an Aonad as Twitter agus Facebook mar mheáin shóisialta oiriúnacha maidir le heolas a chur ar fáil láithreach don phobal faoi obair

shealadach ar bhóithre, an t-eolas is deireanaí faoin tráthchlár a bhaineann le hobair san áireamh.

- Leanann an tAonad d'fhógraí poiblí a fhoilsiú ar www.galway.ie i ndáil le hobair phleanáilte níos fadtéarmaí ar bhóithre.
- Oibríonn an tAonad Áis Íocaíochta Ar Líne trínar féidir Fógraí Táille Seasta (Fíneáil maidir le Páirceáil) a íoc.
- Cuireadh fógraí trína dtugtar eolas don phobal i gcoitinne faoi cheisteanna maidir leis an Acht Bóithre, a chuirfeadh isteach orthu, mar shampla fálta sceach a ghearradh, fógraíocht neamhúdaraithe etc. ar fáil ar www.galway.ie chomh maith le fógraí a chur sna páipéir áitiúla.
- Pléann duine áirithe taobh istigh den Aonad le gach fiosrú maidir leis an tSeirbhís don Chustaiméir cibé foinse óna dtagann sin, mar shampla Deisigh do Shráid, córas thuairimí an chustaiméara, teachtaireacht ríomhphoist, Twitter nó eile, ionas go gcinntítear go dtugtar freagra to tráthúil.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfaidh an tAonad ag úsáid www.galway.ie agus meáin shóisialta eile chun an pobal a chur ar an eolas faoi cheisteanna maidir le Bóithre a chuirfeadh isteach orthu.
- Leanfaidh an tAonad d'oiliúint le linn na hoibre a chur ar dhaoine den lucht foirne a bhíonn ar an líne tosaigh. Cinntítear ar an gcaoi sin go mbíonn dóthain eolais ag lucht an Aonaid ionas gur féidir oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil ainneoin ísliú ar líon na foirne.
- Tabharfar an rogha maidir leis an deis íocaíochta ar líne a leathnú ionas go mbíonn ar fáil maidir le seirbhísí eile faoi mheas.

## Tacaíocht Chorparáideach

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Bhí an tAonad freagrach as feidhmiúchán agus riarachán éifeachtach Cheantar Bardasach Thuama.
- Chuir an tAonad an Coiste Beartas Straitéiseach (SPC) nua maidir le Cúrsaí Bóithre agus Iompair ar bun agus leantar de chúnamh taca a chur ar fáil maidir le ceapadh beartais. Thug an SPC bearta maidir le Fo-dhlíthe Gabhdán, Fo-dhlíthe Chóistí Tuarastail Capaill agus an modh ina ndéantar maoiniú do na bóithre a leithroinnt faoi mheas.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfaidh an tAonad den chúnamh taca i ndáil le ról ceapadh beartais an Choiste Beartas Straitéiseach maidir le Cúrsaí Bóithre agus Iompair, d'fhonn beartais ndearnadh a mbreithniú cheana sa bhliain 2015 a thabhairt chun cinn agus d'fhonn beartais maidir le bóithre poiblí agus maolú tráchta i gceantair faoi fhoirgníocht a thabhairt chun críche.

- Leanfaidh an tAonad den obair leis na Comhaltaí ionas go gcinntítear gur modh éifeachtach éifeachtúil córas na gCeantar Bardasach chun díriú ar cheisteanna oibriúcháin.

# AN tAONAD SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, TITHÍOCHTA AGUS ÉIGEANDÁLA

## 1 Clár Forbartha na Leabharlann

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015***:

- Lean an borradh faoin úsáid as na leabharlanna i rith na bliana 2015. Tá Seirbhís Leabharlannaíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar cheann de na seirbhísí is mó a mbaintear úsáid astu in Éirinn agus tá na leabharlanna seanbhunaithe mar ionaid cultúir i measc mhuintir an cheantair.
- Lean Foireann na Leabharlann, tríd an nuáil agus comhar áitiúil, ag cinntiú go raibh seirbhís bheo ghníomhach ar fáil le cuid mhór imeachtaí saor in aisce i rith na bliana 2015. Beidh líon is mó ná 500,000 cuairt tugtha ar bhrainsí na leabharlainne ar fud an Chontae faoi dheireadh na bliana 2015. Fágann sin gurb iad brainsí leabharlann na Comhairle na hionaid phoiblí is mó a dtráchtann daoine orthu ar fud Chontae na Gaillimhe, teist mhaith ar sheirbhís agus ionad ina mbíonn fáilte roimh an iléagsúlacht agus ina gcothaítear sin.
- Tagann seirbhísí, gníomhaíochtaí agus úsáid na Leabharlann Poiblí le cuspóirí na seirbhíse an muinín atá ag an bpobal go háitiúil sa Leabharlann mar sheirbhís phoiblí oscailte ar ardchaighdeán a chaomhnú. Tá an tSeirbhís tugtha do dheis a thabhairt ar leabhair mar uirlisí agus acmhainní oideachais atá daor ag an duine aonair agus ag an teaghlach tráth nach bhfuil cúrsaí eacnamaíochta chomh maith agus a bhíodh.
- Tugadh an obair ar an Síneadh as Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe agus an Obair Athchóiriúcháin chun críche.
- Athosclaíodh an Leabharlann in Uachtar Ard tar éis obair athchóiriúcháin a dhéanamh ar Theach Cúirte Uachtar Ard
- Tá dul chun cinn á dhéanamh leis an obair ar Phlean Forbartha Leabharlann na Gaillimhe 2015-2020 agus tabharfar faoina scáth moltaí as an Straitéis Náisiúnta maidir le Leabharlanna Poiblí 2013-2017
- Tá tús curtha leis an bPleanáil maidir le Leabharlann Pobail Cathrach agus Contae agus tá fiosrú á dhéanamh faoi láithreacha ina bhféadfaí a bhunú i gCathair na Gaillimhe.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Déanfar gach dícheall Brainsí na Leabharlainne a choinneáil ar oscailt, áisiúil ag an uile dhuine agus stoc na leabhar a fheabhsú.
- Déanfar bearta chun Plean Forbartha na Leabharlainne 2015-2020 a chur i bhfeidhm

- Féachfaidh Leabharlann na Gaillimhe le cuid mhór de na moltaí sa Straitéis Náisiúnta maidir le Leabharlanna Poiblí 2013-2017 a chur i bhfeidhm. Leanfar den obair chun feabhas a chur ar na Seirbhísí Leabharlannaíochta i nGaillimh
- Déanfar breis oibre ar an Leabharlann Pobail/Cultúir nua i nGaillimh.
- Beidh an tseirbhís leabharlannaíochta chun cinn i bhfeachtas Cead Léite.
- Déanfar fairsingiú breise ar an úsáid a bhaintear as an teicneolaíocht chun feabhas a chur ar an tseirbhís Leabharlannaíochta agus tá beartaithe an obair maidir le córas ríomhaireachta a chur isteach i ngach brainse den leabharlann i nGaillimh a thabhairt chun críche.
- Cuirfear pleananna breise le chéile agus cuirfear oiliúint bhreise ar an lucht foirne chun seirbhís leabharlannaíochta níos fearr a chinntiú.
- Eagrófar cuid mhór imeachtaí i Leabharlanna na Gaillimhe i rith na bliana 2016 mar chuid den chomóradh ar chéad bliain ó 1916.

## 2. Seirbhísí Comhairle Dlí

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Chuir an Rannóg seirbhísí dlí ar fáil do na réimsí cláir ar fad, ina measc ceannach agus díol réadmhaoine, cásanna dlí a thabhairt, a raibh ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche, cásanna dlíthíochta sa Chúirt Chuarda agus san Ard-Chúirt agus Athbhreithniú Breithiúnach i gceist leo. Ba shuntasach an sciar d'obair na bliana a bhain le cásanna dlíthíochta sa Chúirt Dúiche, Athbhreithniú Breithiúnach agus ceannach talún ar bhealaí idir ceantair uirbeacha go háirithe.
- Tá leasú á dhéanamh go leanúnach ar an gCóras Bainistíocht Cásanna trínar féidir teimpleáid a úsáid chun sruthanna oibre a chruthú ionas go gcuirtear seirbhísí dlí ar fáil ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúlaí ó thaobh costais. Tá an córas á chur i bhfeidhm i réimsí oibre nua freisin. Táthar ag leanúint den obair ar Chlár na dTailte.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Díriú ar sheirbhísí comhairle dlí a chur ar fáil agus leanúint de sheirbhísí dlí a chur ar fáil maidir leis na réimsí cláir ar fad.

- Aon fhuílleach oibre a eascraíonn ón gCeannach Éigeantach maidir le bealaí idir ceantair uirbeacha a thabhairt chun críche.

- An obair ar Chlár na dTailte a thabhairt chun críche trí Shonraí Spáis ar Mhapaí Fóilíónna a úsáid le cabhair ón aonad TF agus caomhchóiriú a dhéanamh maidir leis na taifid agus an banc talún fisiciúil.

- Leanfar de shruthanna oibre a thabhairt i bhfeidhm maidir leis an gCóras Bainistíochta Cásanna trí leas a bhaint as bogearraí, ionas go gcuirtear feabhas ar dhéanamh na hoibre agus ar an acmhainn oibre.

- Leanúint den Sceideal Bainistíochta Taifead a chur i bhfeidhm agus gach comhad neamhreatha a thabhairt chun bealaigh as an oifig.

## 3 Saoráidí Áineasa, Conláiste & Súgartha/ Oibríochtaí Fóillíochta Lasmuigh & Sábháilteacht san Uisce

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***
***An Clár Sábháilteacht san Uisce***

- Earcaíodh níos mó ná 40 Garda Tarrthála oilte faoin **gClár Sábháilteacht san Uisce** chun seirbhísí a chur ar fáil ag 10 n-ionad ar fud an Chontae [cúig cinn de Thránna le Bratacha Gorma san áireamh] agus ag sé ionad sa Chathair, mar chuid den Chomhaontú Seirbhísí Comhroinnte le Comhairle Chathair na Gaillimhe. Tugadh faoi Oiliúint Tosaigh agus faoi fhorfheabhsú roinnt den trealamh. Cuireadh seirbhísí ar fáil ón 30 Bealtaine go dtí an 13 Meán Fómhair 2015.
- Earcaíodh Oifigeach Forbartha um Shábháilteacht san Uisce (WSDO) ar bhonn páirtaimseartha a ceapadh sa bhliain 2015. Tagann i gceist leis an ról maoirsiú a dhéanamh ar Chlár na nGardaí Tarrthála um Shábháilteacht san Uisce, forbairt a dhéanamh ar an tseirbhís chomh maith le tuairim a thabhairt faoi cheisteanna sábháilteachta san uisce a bhaineann le hiarratais leis an gComhairle Contae nó leis an gComhairle Cathrach i ndáil le himeachtaí e.g. trí-atlan.
- Coimisiúnaíodh Measúnú Baoil i gcomhréir leis na caighdeáin a leagann Cónaidhm Idirnáisiúnta Tarrthála na hEorpa (ILSE) síos maidir le Láithreacha Snámha ainmnithe i ndáil le cúig cinn de láithreacha i rith na bliana 2015.
- Tar éis don Chomhairle é a cheadú, cuireadh maoiniú €6,150 ar fáil don Chomhlachas Snámha agus Tarrthála.
- Cuireadh cúnamh taca ar fáil maidir le hobair chothabhála ar ionaid snámha faoin spéir i mBaile Locha Riach agus i bPort Omna.

***Tograí táscacha don bhliain 2016***

- Clár na nGardaí Tarrthála a chur i bhfeidhm ar Bhonn Séasúrach, oiliúint tosaigh san áireamh. An tSeirbhís a chur chun cinn trí láithreáin gréasáin, na meáin shóisialta agus na meáin chumarsáide áitiúla a úsáid.
- Measúnú Baoil ar 5 láthair eile a choimisiúnú agus é de sprioc an Measúnú Baoil maidir le gach ceann de na 10 láthair ar fud an Chontae a thabhairt chun críche. An obair a éilítear i ndáil le Measúnacht Baoil ISLE a chur chun cinn de réir mar atá acmhainní ar fáil chuige sin.
- Leanúint, faoi réir aontú na Comhairle leis, den mhaoiniú airgid a thabhairt don Chomhlachas Snámha agus Tarrthála.
- An chéad chéim eile de Chlár Athnuachan na bhFáinní Tarrthála a chur ar siúl – smaoineamh ar 'aip' cigireachta san áireamh d'fhonn taifead a bheith ar fáil maidir leis na suíomhanna ar fad a thagann faoi chúram na Comhairle.

***Páirceanna, Páirceanna Imeartha, Spás Oscailte agus Ionaid Súgartha***

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- **Páirc Rinn Mhíl, Mearaí, Órán Mór** Déanann Chomhairle Chontae na Gaillimhe an bhainistíocht ar an bpáirc seo atá faoi chomhúinéireacht Chomhairle Chathair na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá sí ar cheann de na hionaid ainmnithe ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, branda bolscaireachta maidir le hIarthar na hÉireann. Baineann muintir na háite, cuairteoirí agus eagraíochtaí áitiúla, mar shampla Grúpaí Gasógaíochta úsáid go forleathan aisti.
- Leanadh de Chlár Chothabháil na bPáirceanna a thabhairt i gcrích i gcomhar le grúpaí áitiúla. Coimisiúnaigh an Chomhairle mapa digiteach eile i rith na bliana 2015 de Pháirc Rinn Mhíl.
- Leanadh leis an Lamháltas maidir le sólaistí a chur ar fáil i bPáirc Rinn Mhíl ó Aibreán go mí Meán Fómhair.
- Iarradh Léiriú Suime maidir le féarlas a bhaint agus a shábháil ar thailte i bPáirc Rinn Mhíl agus cóngarach don Pháirc.
- Rinneadh iarratas faoi Scéim Comharsanachta na Roinne Talmhaíochta (Brainse an Foraoiseachta) a thabhairt chun cinn ag éileamh acmhainní breise chun Plean Choillearnach Pháirc Rinn Mhíl a thabhairt i gcrích. Níor tosaíodh ar an obair faoin bPlean sin roimh Shéasúr Goir na nÉan i mí Márta 2015 mar gheall ar an gcorr réisc dul i mbun goir go luath ar an láthair. Leagtar amach sa Phlean gur gá 2.75 heicteár den 18 Heicteár de Choillearnach, a bhfuil Sprús Sitceacht atá rófhásta agus mí-oiriúnach, a leagan mar gheall ar chúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta. Fágfaidh an obair sin gur féidir crainn leathanduilleacha de chineálacha dúchais agus leathdhúchais a chur ina n-áit ionas go gcaomhnaítear an chonláiste phoiblí shuntasach atá ag baint leis an bPáirc. Rachaidh an obair ar aghaidh i ndeireadh na bliana 2015 agus i dtús na bliana 2016.

- **Fearann an Pháláis, Tuaim -** Cuireadh an Clár Cothabhála do Pháirc Fhearann an Pháláis i dTuaim i bhfeidhm i gcomhar leis an Scéim CE a ndearna an Chomhairle urraíocht uirthi. Rinneadh obair fhorfheabhsúcháin bhreise ar Chosáin mar chuid den chlár forfheabhsúcháin trí bliana i ndáil leis na cosáin.
- **Páirc na mBó, Droichead an Chláirín -** Tá beartaithe aistriú úinéireachta Pháirc na mBó ó na hIontaobhaithe via an Roinn Talmhaíochta a thabhairt chun críche roimh dheireadh na bliana 2015.
- **Páirceanna agus Spásanna Oscailte, Béal Átha na Sluaighe** – Leanadh den Chlár Cothabhála maidir le páirceanna agus spásanna oscailte i mBéal Átha na Sluaighe i rith na bliana 2015.
- **Páirceanna Imeartha / Cúrsaí Reatha / Ionaid Fóillíochta agus Ionaid Snámha** Bhí Comhaontú Ceadúnais a cuireadh ar bun le Cumann Peile Cheiltigh Thuama, maidir le Páirceanna Uile-Aimsire Chomhairle Chontae na Gaillimhe i dTuaim a rith, i bhfeidhm i rith na bliana 2015. Tá Coiste Comhchaidrimh ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na saoráide. Tá láithreán gréasáin (www.tuamallweatherpitches.com) ar fáil.
- Páirc Áineasa Dunlo, Béal Átha na Sluaighe. Bhí an Cúrsa Reatha á oibriú go hiomlán i rith na bliana 2015. Déantar maoirseacht ar oscailt agus ar dhúnadh na saoráide i gcomhar leis an scéim Tús atá ag Forbairt Tuaithe na Gaillimhe (GRD). Cuirtear Sceideal ar fáil ar www.galway.ie ar a léirítear na huaireanta oscailte don phobal agus na hamanna atá in áirithe ag clubanna áitiúla.
- **Ionaid Fóillíochta -** Eisíodh Comhaontú Ceadúnais Eatramhach maidir le bainistíocht agus oibriú Ionaid Fóillíochta na Comhairle i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe. Tá Linnte Snámha agus ionaid aclaíochta lánfheistithe i gceist.
- Leanadh le Lamháltais i rith na bliana 2015 d'fhonn cead a thabhairt d'iarratasóirí uachtar reoite agus deochanna boga a dhíol ag tránna ar fud an Chontae i rith an tsamhraidh. Eisíodh ceadúnas maidir le hoibriú ag ceithre cinn de thránna le hiarratasóir amháin.
- Cuireadh airgead ar fáil maidir le hobair chothabhála ar ionaid snámha le Loch Deirgeirt, Bóthar na Sionainne, Port Omna agus le Loch Riach.
- **Ionaid Spraoi -** I gcomhréir le gealltanais a tugadh roimhe seo faoin mBeartas Spraoi, tugadh cúnamh, ó thaobh chiste a chur ar fáil go díreach agus ó thaobh árachais, maidir le hionaid spraoi. Go dtí seo, tá forbairt déanta ar 61 ionad spraoi sa Chontae faoin mbeartas sin. Bhí an Polasaí maidir le hIonaid Spraoi Saor ó Thobac a seoladh sa bhliain 2013 i bhfeidhm i rith na bliana 2015. Tá eolas faoi na láithreacha ar fad ar fáil le tarraingt anuas i dTreoir na Comhairle maidir le hIonaid Spraoi atá ar fáil ar www.galway.ie agus tá mapa idirghníomhaíochta ar fáil ar roinn na mapaí ar an láithreán gréasáin.
- Cuireadh infheistíocht bhreise ar fáil, tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, i rith na bliana 2015 maidir le hionaid spraoi Bhaile Locha Riach agus Fhearann an Pháláis i dTuaim. Chuir an Chomhairle oiread eile leis an maoiniú sin.

- Rinneadh ceiliúradh ar an tSeachtain Náisiúnta Áineasa le clár imeachtaí ar feadh na seachtaine i Tuaim, i gcomhar le Youthwork Ireland. Reáchtáladh an Lá Náisiúnta Spraoi (an 5 Iúil) i bPáirc Rinn Mhíl, rud a tharraing níos mó ná 400 duine go dtí Páirc Rinn Mhíl. Is é an cúnamh deonach a thug daoine óga ó Chomhairle na nÓg agus an cúnamh taca ó Youthwork Ireland a d'fhág gurbh fhéidir an ócáid a reáchtáil. Bhí cluichí agus bearta ealaíne ar siúl i rith an tráthnóna agus an t-iomlán saor ó tháille.
- Rinneadh 'aip' nua a fhorbairt le cúnamh ó na Córais Eolais chun cuidiú leis na Maoir Phobail Cigireacht ar Ionaid Spraoi a dhéanamh agus rinneadh tástáil phíolótach ar an 'aip' i rith na bliana 2015. Ciallaíonn seo gur féidir toradh na cigireachta a chur ar chomhad ar an toirt trí theachtaireacht ríomhphoist a sheoladh sula bhfágtar an láthair. Téann na tuairiscí ar an gcomhad ar an ngnáthchúrsa ionas go mbíonn an tuairisc ar an gcigireacht sheachtainiúil ar fáil is gá maidir le cúrsaí cothabhála agus gnóthaí árachais.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Cuirfear na cláir chothabhála maidir leis na Páirceanna, Páirc Rinn Mhíl agus Fearann an Pháláis i dTuaim agus Spásanna Oscailte i mBéal Átha na Sluaighe, i bhfeidhm de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin.
- Cuirfear cúnamh airgid ar fáil maidir le hobair chothabhála ar Ionaid Spraoi a thagann faoi úinéireacht na Comhairle agus a ritheann an Chomhairle de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin. Cuirfear oiliúint bhreise ar fáil maidir le Cigireacht ar Ionaid Spraoi a dhéanamh i gcomhar le the Seirbhís na Maor Pobail agus bainfear feidhm as 'Aip' na nIonad Spraoi.
- Cuirfear Oiliúint i rith na bliana 2016 ar níos mó ná 50 Oibrí Deonach de chuid an Phobail, a ritheann agus a bhainistíonn Ionaid Spraoi faoi Chomhaontú a shínítear le Comhairle Chontae na Gaillimhe, maidir le Caighdeán Cigireachta an *ROSPA Standard (Royal Society for Prevention of Accidents)* ar Ionaid Spraoi. Tá cigireacht sheachtainiúil, i gcomhréir leis na caighdeáin atá leagtha síos ag an ROSPA, de choinníoll leis an árachas ar Ionaid Spraoi Pobail faoi Pholasaí Spraoi na Comhairle. Cuirfear Oiliúint Ardleibhéil ROSPA maidir le Cigireacht ar Ionaid Spraoi ar na Maoir Phobail. Bíonn gach duine a théann faoin oiliúint seo cláraithe leis an ROSPA go ceann trí bliana.
- **Páirc Rinn Mhíl**. Chomh maith leis an obair chothabhála bhliantúil, tá beartaithe Plean Bainistíochta ginearálta don Pháirc, a bheadh ag teacht leis na caighdeáin thagarmharcála idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn maidir le Páirceanna Poiblí, a dhréachtadh i gcomhar leis an lucht úsáide agus le geallsealbhóirí eile. Cuirfear 'áiritheoirí' Páirce isteach ag an dá phríomhbhealach isteach chuig an bPáirc i dtús na bliana 2016. Tabharfaidh na fearais sin eolas faoi líon na ndaoine a bhaineann úsáid as an bPáirc.

- Beidh Plean Bainistíochta Choillearnach Pháirc Rinn Mhíl á leanúint i rith na bliana 2016. Is é cuspóir atá leis an bplean sin tairbhe a dhéanamh maidir le Coillearnach crann leathanduilleach de chineálacha leathdhúchais a dhéanamh den Choillearnach do na glúnta atá le theacht. Beidh an tEolas Poiblí á leasú i dtús na bliana 2016 d'fhonn Lucht Úsáide na Páirce agus Áitritheoirí a choinneáil ar an eolas faoina bhfuil beartaithe. Beidh bainistíocht maidir le hathfhás agus smacht ar speicis ionracha i gceist leis na céimeanna oibre ina dhiaidh seo.
- Leanúint de chúnamh taca riaracháin agus comhairle a chur ar fáil do ghrúpaí pobail ar mian leo tograí áineasa a chur chun cinn agus leas a bhaint as cistí a bheadh ar fáil chuige sin.

## 4 Saoráidí Comhairle chun Tairbhe an Gheilleagair & an Phobail Áitiúil / Oibríochtaí Saoráidí Oidhreachta/Léirmhínithe

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Thug Grúpa na Sócmhainní Stairiúla faoi obair ar an leabharlann sa Ghort, i gcomhar le Bainistíocht Saoráidí agus de réir na n-acmhainní a bhí ar fáil, agus gnóthaíodh ciste caomhnúcháin ar scála beag ó Chiste na bhFoirgneamh i mBaol na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tugadh faoin obair dheireanach, i mí Eanáir 2015, ar Shéipéal Naomh Muire in aice le hIonad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí, séipéal ó ré na meánaoise atá ina Shéadchomhartha Náisiúnta agus faoi úinéireacht na Comhairle, le cúnamh ó Athenry Community Council Trust Ltd. Obair chun bealach isteach sábháilte chuig an ionad oidhreachta a chinntiú agus obair chaomhnúcháin a dhéanamh ar réimsí áirithe a bhí i gceist. Cuireadh ciste airgid ar fáil d'Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí maidir le hobair chothabhála agus le riaradh an ionaid i rith na bliana 2015.
- Leanadh i rith na bliana 2015 den fhreastal ar Thurais Scoile agus ar Chuairteanna Grúpaí in Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma atá faoi bhainistíocht Chomhairle Chontae an Gaillimhe. Rinneadh athbhreithniú ar oibriú an ionaid agus leagadh amach plean maidir le comharthaí.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Déanfar Creatchóras na gConraitheoirí Speisialta d'Oibreacha Beaga Caomhnúcháin a athnuachan sa bhliain 2016 mar bhonn treise faoi aon oibreacha a thabharfaí chun cinn faoi Straitéis na Sócmhainní Stairiúla. Féachtar, faoi réir ag acmhainní chuige sin a bheith ar fáil, le bainistíocht agus caomhnú a dhéanamh faoin Straitéis seo ar árais stairiúla atá faoi úinéireacht na Corparáide agus a bhféadfaí athúsáid a bhaint astu mar acmhainní pobail, sóisialta nó eacnamaíochta ach obair athnuachana agus caomhnúcháin a dhéanamh orthu. Leanfaidh an lucht foirne de chúnamh taca a thabhairt maidir le tograí áitiúla ó thaobh comhairle a chur ar fáil.

- Cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe Plean Comharthaí i bhfeidhm maidir le hIonad Cuairteoirí Chath Eachroma agus déanfar forfheabhsú ar roinnt de na spásanna taispeántais agus de na háiseanna san Ionad faoi réir ag acmhainní a bheith ar fáil chuige sin. Beidh an tIonad in úsáid maidir le himeachtaí faoi Chlár Chomóradh Chéad Bliain 1916 i gContae na Gaillimhe.
- Faoi réir ag ceadú na Comhairle, cuirfear acmhainní ar fáil maidir le hIonad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí a rith agus a chur chun cinn agus déanfar dul chun cinn maidir le hobair chaomhnúcháin ar an láthair.

## 5. Seirbhís na Maor Pobail

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

Cuidíonn Seirbhísí Corparáideacha leis an gcomhordú ar Sheirbhís na Maor a chuireann réimse seirbhísí ar fáil thar ceann na Comhairle. Cuirtear pleananna oibre míosúla le chéile bunaithe ar na seirbhísí a mbíonn gá leo.

- Rinneadh Suirbhéanna maidir le Truailliú ó Bhruscar agus Suíomhanna Tréigthe agus lean na Maoir chomh maith le scrúdú cigireachta rialta a dhéanamh ar Ionaid Spraoi, Páirceanna, Eastáit Údarás Áitiúil, Láithreáin Stad, Céanna, Tránna, Bancanna Buidéal etc.
- Lean na Maoir ag cuidiú le páirceáil ar tháille a oibriú agus le pleananna bainistíochta tráchta a chur i bhfeidhm i roinnt bailte móra ar fud an Chontae.
- Chuidigh Seirbhís na Maor le gnóthaí Corrthrádála trí cheadúnais a scrúdú agus trí chúnamh taca a thabhairt maidir le himeachtaí mórthábhachta, mar shampla an tAonach ar an Teach Dóite.
- Lean na Maoir Phobail ag cuidiú leis an mBrainse Tithíochta maidir leis an Acht um Rialú Capall 1996 a chur i bhfeidhm agus le dualgais eile.
- Lean Seirbhís na Maor den obair Fhorfheidhmiúcháin i gcúrsaí Timpeallachta, mar shampla fíneáil maidir le bruscar agus fógraí faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola agus faoin Acht um Thruailliú Uisce a eisiúint, agus bhí sin ina Bheart Príomhthábhachta i rith na bliana 2015.
- Leanadh de na feachtais maidir le Ceadúnais Madraí a scrúdú i rith na bliana.
- Lean na Maoir d'fhorálacha faoi Acht na mBóithre 1993 i ndáil le feithiclí tréigthe a chur i bhfeidhm agus rinneadh feithiclí a shonrú, tuairisc a thabhairt ina leith agus iad a thabhairt chun bealaigh i rith na bliana.
- Cuireadh tús le togra píolótach in éineacht leis an mBrainse Comhshaoil i ndáil le tuairiscíocht maidir le bearta oibre a chur ar bhonn uathoibríoch agus le Seirbhísí Corparáideacha i ndáil le bogearra agus 'aip' a úsáid chun tabhairt faoi Scrúduithe Cigireachta ar Ionaid Spraoi agus toradh an scrúdaithe a chur ar chomhad le fón póca

faoi leith i ndáil leis an obair áirithe sin.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfaidh an tAonad seo den chomhordú ar fheidhmeanna a chur i leith Sheirbhís na Maor Pobail agus den athbhreithniú ar an toradh a bhíonn ar na feidhmeanna sin a dhéanamh de réir na dtáscairí seirbhíse atá aontaithe.
- Leanfar den obair measúnachta maidir leis an dóigh is fearr a gcuideodh an tSeirbhís le cuspóirí na heagraíochta agus aidhmeanna tús áite an ghnó a bhaint amach.
- Déanfar Veaineanna na Maor Pobail a athrú de réir a chéile nuair a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin.

## 6 Gníomh maidir le Daoine faoi Mhíchumas

***Gníomhaíochtaí Táscacha 2015:***

- Leanadh den Phlean Gníomhaíochta maidir le Daoine faoi Mhíchumas 2007-2015 a chur i gcrích.
- Cuireadh soilse do choisithe ag dul trasna an bhóthair isteach i bPort Omna.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le fearas cóiriúil a chur ar fáil i roinnt Ionad Spraoi de chuid na Comhairle.
- Aontaíodh Gníomhaíochtaí Áisiúlachta mar chuid de Straitéis Contae Aoischairdiúil na Gaillimhe.
- Rinneadh cion tairbhe maidir le Straitéis Seirbhísí don Chustaiméir Chomhairle Chontae na Gaillimhe a dhréachtach d'fhonn cinntiú gur cuid dílis den straitéis spriocanna maidir le háisiúlacht fhisiciúil.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Cuidiú leis an bPlean Gníomhaíochta Seirbhísí don Chustaiméir a chur i bhfeidhm ionas go gcuirtear feabhas go leanúnach ar an teacht atá ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí agus gur áisiúla dóibh teacht i láthair ag cuntair phoiblí in Áras an Chontae.
- Togra Bolscaireachta agus Feasachta a chur i bhfeidhm mar chuid de Thionscnamh na hIdirbhliana le Scoileanna áirithe i gcomhréir leis an gClár LGMA.
- Plean Gníomhaíochta nua maidir le Daoine faoi Mhíchumas a ullmhú de réir Threoirlínte na Roinne.

## 7 Cur chun cinn na Gaeilge

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Cuireadh Scoil Samhraidh an Phiarsaigh ar bun mar imeacht bhliantúil i mí Iúil 2015 i Ros Muc agus sin ar an gcéad ócáid faoi Chlár Chomóradh Chéad Bliain 1916 i gContae na Gaillimhe. D'éirigh go han-mhaith leis an gcéad Scoil Samhraidh agus tháinig go leor daoine i láthair.
- Bíonn caidreamh leanúnach ar siúl ag an gComhairle leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe 2013 – 2016.
- Cuirtear eolas agus comhairle ar fáil go leanúnach do lucht foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, cúraimí agus cúrsaí reachtaíochta i leith na teanga.
- Cuireadh clár mionsonraithe imeachtaí Gaeilge le chéile do Chlár Chomóradh Céad Bliain 1916 Chontae na Gaillimhe. Is i gclár na Gaillimhe atá an tsraith is iomadúla d'imeachtaí Gaeilge sa tír ar fad.
- Leanadh den mhodh nua maidir le hábhar don láithreán gréasáin a aontú i gcomhar le Seirbhísí don Chustaiméir agus Córais Eolais.
- Cuireadh an seoladh ríomhphoist gaeilge@cocogaillimh.ie chun cinn i measc na gcustaiméirí mar chuid de mhodh feabhsaithe maidir le seirbhís a chur ar fáil.
- Leanadh den tseirbhís teileafóin faoi leith i nGaeilge a chur ar fáil agus cuireadh le líon na foirne a oibríonn an tseirbhís sin i rith na bliana 2015.
- Cuireadh clár mionsonraithe imeachtaí le chéile i mí an Mhárta do Sheachtain na Gaeilge, comórtais, ócáidí agus taispeántais don lucht foirne san áireamh.
- Leathnaíodh an bonn faoin gcomórtas amhráin Stéibh 2016 ionas go dtagann gach scoil i gContae na Gaillimhe faoina scáth agus seoladh an comórtas i mí Meán Fómhair 2015 d'fhonn an taifeadadh agus tiomsú an dlúthdhiosca a dhéanamh i dtús na bliana 2016.
- Tugadh catagóir Gaeilge isteach faoin Scéim Tacaíochta Pobail agus ceadaíodh deontais ar scála beag i ndáil le tograí agus beartaíocht a chuireann le húsáid na Gaeilge i bpobail ar fud an Chontae.
- Seoladh Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mac Piarais Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le Coláistí Gaeilge i gConamara agus beidh iarratais á lorg i ndeireadh na bliana 2015.
- Seoladh Scoláireacht Éamonn Ceannt do lucht foirne na Comhairle chun cuidiú le daoine den fhoireann freastal ar chúrsaí Gaeltachta agus ar chúrsaí Gaeilge a fhágfaidh gur féidir leis an gComhairle cur leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge.
- Lean an Chomhairle de chomhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga, ag plé le hábhar buartha a thug daoine den phobal i gceist maidir le seirbhísí trí Ghaeilge agus an reachtaíocht.
- Leanadh de Ghradam i leith na Gaeilge a bheith ar Ghradaim an Chathaoirligh do phobail agus do Scoileanna sa Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de chuidiú leis an nGaeilge a chur chun cinn i bpobail ar fud an Chontae trí Ghradam Ghlór na nGael a bronnadh ar Fhorbairt Chonamara Láir Teo. i mí Aibreán 2015.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe.
- Leanúint d'eolas a chur ar fáil do lucht foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, cúraimí agus cúrsaí reachtaíochta i leith na teanga.
- Leanúint den chúnamh taca agus den obair chun sraith na Gaeilge de Chlár Chomóradh Céad Bliain 1916 Chontae na Gaillimhe a thabhairt i gcrích de réir mar a bhíonn ciste ar fáil chuige sin.
- Leanúint de chúrsaí Gaeilge oiriúnacha agus d'ábhar maidir le tuiscint ar chúrsaí teanga agus ábhar tacaíochta eile a chur ar fáil do lucht foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe, d'fhonn feabhas a chur ar an tseirbhís trí Ghaeilge.
- Catagóir na Gaeilge maidir le Gradaim an Chathaoirligh agus deontais tacaíochta pobail a chur chun cinn;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís teileafóin trí Ghaeilge d'fhonn feabhsú leanúnach a thabhairt i gcrích.
- Leanúint den mhodh oibre maidir le hábhar don láithreán gréasáin a aontú i gcomhar le Seirbhís don Chustaiméir agus Córais Eolais.
- Ceannródaíocht a dhéanamh maidir le páirt Chomhairle Chontae na Gaillimhe in imeachtaí maidir le Seachtain na Gaeilge i mí Márta 2016.

## 8 Bainistíocht Saoráidí – Áitribh na Comhairle / Sláinte & Sábháilteacht

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Lean Seirbhísí Corparáideacha de sheirbhísí feighleoireachta agus de Sheirbhísí Bainistíochta Saoráidí a chur ar fáil do chóras oifigí na Comhairle, na leabharlanna agus ócáidí cathartha.
- Lean Seirbhísí Corparáideacha de Sheirbhísí Bainistíochta Tograí a chur ar fáil thar ceann na Seirbhíse Leabharlannaíochta i ndáil le Togra Leabharlann nua Bhéal Átha na Sluaighe a thabhairt i gcrích agus obair Dheisiúcháin Chaomhnúcháin a dhéanamh ar Leabharlann an Ghoirt.
- Foirceannadh an Léasa i gCúirt Bharr an Chalaidh agus an Oifig Fiontair Áitiúil a Aistriú go dtí an chéad stór in Áras an Chontae.
- Tugadh an obair maidir le hathleagan amach agus athchóiriú ar Sheomra na Comhairle d'fhonn freastal ar 39 Comhalta Tofa chun críche.

**Bainistíocht Fuinnimh & Tionscnaimh chun Ídiú Fuinnimh a Mhaolú**

- Cheadaigh SEAI deontas trí Thionscnamh Phobail Fuinnimh níos Fearr i ndáil le hobair ar Áras an Chontae chun cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh. Mar chuid den obair

sin, cuireadh isteach níos mó Painéil Fótavoltacha Gréine 22Kw ar mhullach Áras an Chontae. Tiocfaidh laghdú circa 9% in aghaidh na bliana ar an méid leictreachais a ídítear in Áras an Chontae mar gheall ar na painéil seo, agus an chuid a cuireadh isteach i rith na mblianta 2013 agus 2014, 30Kw in iomláine. Rinneadh feisteas nua LED níos éifeachtúla a chur in áit sheanfheisteas CFL faoin scéim seo chomh maith.

- Ardaíodh Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (RFF) i ndáil le hÁras an Chontae ó D1 go dtí C3 ar Theastas Fuinnimh Taispeántais na bliana 2015.
- Cuireadh coirí níos éifeachtaí isteach in Ionad Fóillíochta Thuama in áit na gcinn a bhí ann ó thús agus beidh sábháil ó thaobh fuinnimh agus costais de thoradh air sin.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfar den Tástáil Fearais Iniompartha (PAT) a chur i bhfeidhm le daoine den lucht foirne atá oilte ar an réimse sin sa bhliain 2016.
- Leanfar de chonarthaí cothabhála a chur faoi athbhreithniú leanúnach d'fhonn laghdú breise costais a bhaint amach más féidir. Beidh cáipéisí tairisceana nua á n-ullmhú i ndeireadh na bliana 2016 maidir le conarthaí a chur i bhfeidhm i dtús na bliana 2017 i ndáil le hObair Chothabhála ar Ardaitheoirí, Aláram Dóiteáin, Fearas Múchta Dóiteáin, Soilse Práinne, Rialú Rochtana, CCTV, Alarám Briseadh Isteach i ngach áras oifigí agus leabharlainne.
- Leanfaidh an tAonad de bhearta a chur i gcrích i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Bainistíocht Fuinnimh, d'fhonn laghdú arís ar an méid fuinnimh a ídítear.
- Tabharfar faoi Leasú ar Chonarthaí Glantacháin maidir le hOifigí agus Leabharlanna.

## 9 Bainistíocht ar Thaifid & Cartlanna

Cinntíonn an Brainse Cartlannaíochta go ndéantar cúram d'ábhar cartlainne na Comhairle, caomhnaítear é, déantar an bhainistíocht ina leith agus cinntítear go mbíonn teacht air. Is sócmhainn chultúir ardfhiúntais ábhar cartlainne agus nach mór aire de chineál speisialta ina leith, agus leis an mborradh faoin spéis sa stair, go háirithe i gcúrsaí ginealais, agus le Deich mBliana an Chuimhneacháin, tá tábhacht leis freisin don turasóireacht chultúir. Cuireann an Brainse comhairle freisin ar an gComhairle maidir le polasaithe i ndáil le cúram agus bainistíocht a dhéanamh ar thaifid na Comhairle.

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Cuidíodh le clár imeachtaí a chur i dtoll a chéile chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain ó tharla Éirí Amach 1916.
- Rinneadh taighde leitheadach agus obair ullmhúcháin ar thionscadail éagsúla de chuid na Cartlainne a thabharfar i gcrích i rith na bliana 2016 mar chomóradh ar 1916.

- Leanadh de theacht ar eolas i mbailiúcháin cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur ar fáil trí na liostaí léiriúcháin agus an catalóg idirlín, agus trí thairseacha éagsúla cartlannaíochta.
- Leanadh den chlár maidir le cóipeanna slándála agus athchóipeanna tagartha a chur ar fáil maidir leis na bailiúcháin[1] agus den phróiseáil ar roinnt bailiúchán beag d'ábhar cartlainne[2].
- Cuireadh seirbhísí ar fáil go leanúnach do léitheoirí, mar shampla deis na bailiúcháin a cheadú ar mhaithe le hobair thaighde, cúnamh le fiosrúcháin maidir le hábhar taighde, agus comhairle nó treoir faoi obair thaighde.
- Rinneadh monatóireacht maidir leis an riocht ina bhfuil an t-ábhar cartlainne agus féachadh lena chinntiú go raibh an t-ábhar á chumhdach agus á chaomhnú agus á bhainistiú in ainneoin nach bhfuil na háiseanna stórála ag teacht leis na caighdeáin caomhnúcháin a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.
- Rinneadh bearta caidrimh, ina measc
    - Ábhar áirithe as an gCartlann a chur ar taispeáint, chomh maith leis na taispeántais a fhógairt ar na meáin shóisialta, go háirithe taispeántais mar chomóradh ar imeachtaí speisialta / comóradh céad bliain, mar shampla Seachtain na Gaeilge, an Lusitania a chur go tóin, Walter Macken a theacht ar an saol agus cothrom 50 bliain Ardeaglais na Gaillimhe.
    - Preaseisiúintí agus agallaimh raidió maidir le hábhar a cuireadh leis an gCartlann Dhigiteach.
    - Alt faoi ábhar cartlainne faoi oidhreacht na ndroichead agus na habhann a fhoilsiú in *Galway's Heritage*.
- Cuireadh comhairle agus cúnamh ar fáil do Bhrainsí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir leis an sárchleachtas i ndáil leis an mbainistíocht ar thaifid, de réir mar a bhí gá leis sin.
- Leanadh den bhainistíocht i ndáil le taifid neamhreatha a aistriú agus a stóráil chomh maith le taifid a aimsiú arís agus a sheoladh ar ais: rinneadh próiseáil ar 567 iarratas maidir le taifid a sheoladh ar ais ó mhí Eanáir go dí an 11 Samhain 2015. Tá 98,238 taifead faoin tráth seo ar bhunachar sonraí ArcLink maidir le bainistíocht taifead.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanúint den obair le Coiste Dheich mBliana an Chomórtha maidir le clár imeachtaí Cheiliúradh Céad Bliain 1916/2016 a thabhairt i gcrích.
- Tograí speisialta de chuid na Cartlainne a thabhairt chun críche agus a sheoladh mar chuid de Chlár Cheiliúradh Céad Bliain 1916/2016 Chontae na Gaillimhe (e.g. na

---

[1] Cóipeanna slándála caomhnúcháin faighte do bhailiúcháin/nithe mar shampla TTC/1/16 -24; GS15/01; GP4; GC/Env2/, 5 imleabhar, agus GC/Env1/, 1 imleabhar.
[2] Áiríonn, ach níl teoranta do GC/CSO/6, GS15/01, GC/CSO/7, GS15/02

taispeántais *Ón Stát Cóilíneach go dtí an Saorstát* agus *Réabhlóid agus an Chuimhne*, agus cártaí poist comórtha).

- Déanfar próiseáil ar bhailiúcháin cartlainne breise an tráth céanna a leantar ag cur bailiúcháin agus comhairle ar fáil do lucht taighde.
- Leanfar den chlár oibre maidir le cóipeanna slándála agus athchóipeanna tagartha a chur ar fáil de na bailiúcháin.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de leas a bhaint as stór tráchtála do na taifid neamhreatha agus den bhainistíocht i ndáil le haimsiú na dtaifead atá á stóráil in ionad seachtrach agus lena seoladh ar ais.
- Leanfar don chaidreamh le Brainsí d'fhonn rangú comhad agus sceideal coimeád comhad a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm chomh maith le comhairle a chur ar fáil faoin sárchleachtas maidir leis an mbainistíocht ar thaifid.
- Cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ionad oiriúnach ar fáil maidir leis an ábhar Cartlainne atá ag teacht leis na caighdeáin idirnáisiúnta a éilítear.

## 10 Clár na dToghthóirí

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Foilsíodh Clár na dToghthóirí 2015/2016 an 1 Feabhra 2015 le 134,169 duine ar an gclár.
- Rinneadh bearta chun aird a tharraingt ar cheisteanna faoin gClár agus Toghthóirí nua a chur le Forlíonadh le Clár na dToghthóirí don Reifreann faoi Chomhionannas Pósta agus an Reifreann faoi Aois an Uachtaráin a reáchtáladh an 22 Bealtaine 2015.
- Bhí teachtaireacht bolscaireachta i ndáil leis an bhfeachtas Cinntigh do Vóta – www.checktheregister.ie le hábhar a cuireadh amach ar an bposta ón gComhairle.
- Bhí an Dréacht de Chlár na dToghthóirí don bhliain 2016/2017 ar Taispeáint go Poiblí ón 1 go dtí an 25 Samhain 2015 agus beidh Cúirteanna Athbhreithnithe ar siúl i mí na Nollag 2015.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Foilseoidh an Chomhairle Clár na dToghthóirí i gcomhréir leis na tráthchláir a luaitear sa reachtaíocht agus tabharfar faoi fheachtas bolscaireachta d'fhonn cur le líon na dtoghthóirí a chláraíonn.
- Déanfar bearta chun an Clár a chur chun cinn agus chun Toghthóirí nua a chur le Clár Comhlántach na dToghthóirí don Olltoghchán.
- Cuirfear an Dréacht de Chlár na dToghthóirí don bhliain 2017/2018 ar Taispeáint go Poiblí ón 1 go dtí an 25 Samhain 2016 agus beidh Cúirteanna Athbhreithnithe ar siúl ina dhiaidh sin.

## 11 Pleanáil & Tacaíocht Chorparáideach / Ionadaíocht Áitiúil / Ceannaireacht Shibhialta

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tionóladh cúig chruinniú den Ghrúpa Polasaí Corparáide go dtí seo i rith na bliana 2015.
- Eagraíodh Fáiltiú Cathartha an 15 Aibreán 2015 in ómós do na daoine seo a leanas agus a bhfuil bainte amach acu: Mic léinn ón gColáiste Turasóireachta agus Ealaíne, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo as ucht a fheabhas a d'éirigh leo ag CATEX 2015; Derek O'Connor Uasal, an Gort, a bhfuil 1,000 rás ó phointe go pointe buaite aige; Foireann Camogaíochta Choláiste Chnocán na Mara i gCinn Mhara, Curaidh Chraobh Sinsir Camógaíochta Uile-Éireann na Scoileanna i nGrád A 2015; Olivia Lane Uasal, an Turlach Mór a rug craobh an domhain léi i gceithre chomórtas faoi leith ag Comórtais Tréantógála Meáchan an Domhain sa Mholdóiv i mbliana; Evan Molloy Uasal a rinne ionadaíocht thar ceann a iníon, Claire, a bhí ar fhoireann na hÉireann a bhuaigh Craobh Rugbaí RBS na Sé Náisiún do Mhná 2015; Foireann Chora Fine, Curaidh Chraobh Sinsir Uile-Éireann na gClub sa Pheil 2015; Geraldine Cronnelly Uasal, Baile Átha an Rí, buaiteoir Chomórtas Boghdóireachta Faoi Dhíon Uile-Éireann 2015.
- Dé Máirt, an 21 Aibreán 2015, d'eagraigh an Cathaoirleach, an Comhairleoir Mary Hoade, Fáiltiú in ómós do Rós Thrá Lí 2014/2015, Maria Walsh Uasal, in Áras an Chontae.
- Eagraíodh Fáiltiú Cathartha an 11 Samhain 2015 in ómós do na daoine seo a leanas agus a bhfuil bainte amach acu: Scoil Phobail Ghleann na Madadh a bhuaigh Craobh Peile Uile-Éireann do Ghrád na Sinsear A; Scoil Náisiúnta Leitir Fraic, a bhuaigh Sraith SAP First Lego sa bhliain 2015; Lorraine Hession Uasal, a bhuaigh bonn ag Comórtas Domhanda na gCluichí Oilimpeacha Speisialta 2015; Niamh Heffernan Uasal, Seaimpín Liathróid Láimhe ceithre cinn de Chraobhacha, agus Olive Loughnane, Seaimpín an Domhain sa Rás Siúlóide 20km ag Craobh an Domhain 2009.
- Cuireadh seirbhísí riaracháin ar fáil don Phríomhfheidhmeannach, don Chathaoirleach agus do Chomhaltaí Tofa, don Ghrúpa Beartais Corparáide agus do Chruinnithe na Comhairle.
- Cuireadh cúnamh taca ar fáil maidir le cruinnithe taobh amuigh d'Áras an Chontae.
- Eagraíodh oscailt oifigiúil agus Beannú Éacúiméineach Sheomra athchóirithe na Comhairle, Dé Máirt, an 26 Bealtaine 2015.
- Shocraigh Seirbhísí Corparáideacha foilsiú 'Chlár Poiblí Freastail agus Íocaíochtaí na gComhaltaí Tofa' ar an idirlíon ar láithreán gréasáin na Comhairle, ag teacht leis na rialacháin nua.

- Lean Seirbhísí Corparáideacha den bhainistíocht a dhéanamh ar an bpróiseas maidir le tairiscintí a fháil, a stóráil agus a oscailt agus ar an mbainistíocht maidir le seirbhísí poist.
- Cuireadh cúnamh ar fáil do na comhaltaí tofa maidir le freastal ar Chúrsaí Oiliúna agus ar Chomhdhálacha.
- Cuireadh Oiliúint Inmheánach ar fáil do na Comhaltaí.
- Cuireadh Comhchoiste Póilíneachta nua ar bun i mí Aibreáin i gcomhréir leis na treoirlínte nua a d'eisigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá comhaltaí tofa de chuid an Údaráis Áitiúil, baill den Gharda Síochána, comhaltaí de chuid an Oireachtais agus ionadaithe eagraíochtaí pobail agus deonacha ar an gComhchoiste. Is é feidhm atá leis a bheith ina fhóram maidir le comhairle, plé agus moltaí i ndáil le ceisteanna a bhaineann le póilíneacht i réimse riaracháin an údaráis áitiúil. D'aontaigh an Comhchoiste Plean Straitéiseach 6 bliana i mí Iúil agus cuireadh trí cinn d'fho-choistí ar bun d'fhonn na haidhmeanna straitéiseacha a thabhairt i gcrích. Eagraíodh Cruinniú Poiblí de chuid an Chomhchoiste i gCeantar Bardasach Bhaile Átha an Rí – Órán Mór ar an 9 Samhain.
- Leanadh den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) agus den Athbhreithniú bunaithe ar Inniúlacht a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2015.
- Cuireadh Coistí Beartais Straitéiseacha maidir leis na réimsí seo a leanas ar bun i rith na bliana 2015:
    - Tithíocht, Gnóthaí Corparáideacha & Áineas,
    - Bóithre, Iompar & Cúrsaí Mara,
    - Pleanáil & Gnóthaí Pobail,
    - Gnóthaí Comhshaoil, Seirbhísí Uisce, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála,
    - Forbairt Eacnamaíochta & Fiontraíocht.

**Deich mBliana an Chuimhneacháin 2013 – 2023 Straitéis Comórtha Chontae na Gaillimhe & Clár Chomóradh an Chéid Chontae na Gaillimhe:**

- I rith na bliana 2015, cuireadh réimse imeachtaí agus tionscnamh ar siúl ar fud Aonaid éagsúla de chuid na Comhairle faoi Straitéis Comórtha Chontae na Gaillimhe maidir le Dheich mBliana an Chuimhneacháin 2013 – 2023. Bhí béim faoi leith i rith na bliana 2015 ar réimse cuimsitheach imeachtaí agus tionscnamh, a bheadh cothrom uileghabhálach, a thabhairt chun cinn chun ceiliúradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain ó 1916.
- Eagraíodh Ceardlanna Comhairliúcháin leis an bPobal i dTuaim, in Uachtar Ard, i mBaile Locha Riach agus ar an gCeathrú Rua ionas go mbeadh deis ag an duine aonair, ag pobail agus ag geallsealbhóirí eile tionchar a bheith acu ar fhorbairt Chlár Chomóradh Céad Bliain 1916.
- Seoladh Scéim Deontais Chomhairle Chontae na Gaillimhe do Chomóradh Pobail ar Chothrom Céad Bliain Éirí Amach 1916 d'fhonn freastal ar phobail atá ag ullmhú do Chomóradh Céad Bliain Éirí Amach 1916. Cheadaigh an Chomhairle maoiniú faoin scéim i ndáil le 28 togra i mí Iúil 2015.

- D'aontaigh an Chomhairle Iomlánach Clár Chomóradh Céad Bliain 1916 Chontae na Gaillimhe i mí Iúil 2015. Cuireadh forléargas ar an gClár faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Aire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil i mí Iúil 2015.
- Eagraíodh an chéad ócáid i gContae na Gaillimhe chun ceiliúradh a dhéanamh ar chothrom Céad Bliain ó Éirí Amach 1916 i Ros Muc an 31 Iúil 2015 chun comóradh a dhéanamh ar chothrom 100 bliain ón dáta ar fhág Pádraig Mac Piarais an teach samhraidh agus an scoil samhraidh a bhí aige do dhaltaí Scoil Éanna i Ros Muc ag déanamh an bhealaigh go Baile Átha Cliath chun óráid a thabhairt cois na huaighe ar shochraid Uí Dhonabháin Rosa. D'eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Scoil Samhraidh Gaeilge Phádraig Mhic Phiarais den chéad uair i Ros Muc mar chomóradh ar an ócáid stairiúil sin agus mar aitheantas don cheangal dlúth a bhí ag an bPiarsach le Contae na Gaillimhe.
- Seoladh Scoláireachtaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcuimhne ar Phádraig Mac Piarais agus ar Éamonn Ceannt i mí Meán Fómhair 2015 agus beifear ag glacadh le hiarratais lena n-aghaidh i ndeireadh na bliana 2015.
- Eagraíodh seoladh náisiúnta an Chláir, a raibh an Taoiseach, an Tánaiste, an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i láthair aige, i mBaile Átha Cliath i mí Deireadh Fómhair 2015 agus eagraíodh seoladh áitiúil an Chláir in Áras an Chontae an 16 Samhain 2015.
- Beidh comóradh á dhéanamh ar an ról suntasach a bhí ag mná in imeachtaí Éirí Amach na Cásca 1916 nuair a fhoilseoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe *Cumann na mBan: Gnéithe Chontae na Gaillimhe den Scéal*, a mbeidh CD a coimisiúnaíodh go speisialta ag dul leis ar a bhfuil an t-amhrán *The Soldiers of Cumann na mBan*. Beidh an foilseachán agus an dlúthdhiosca seo de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe á seoladh Déardaoin, an 3 Nollaig 2015.

**Tograí don bhliain *2016:***

- Leanfaidh Seirbhísí Corparáideacha den chúnamh taca a chur ar fáil don Chathaoirleach, do na comhaltaí tofa agus i ndáil le cruinnithe na Comhairle a eagrú.
- Leasóidh an Chomhairle Clár Eitice na Foirne agus na gComhaltaí.
- Foilseoidh an tAonad Clár Poiblí Freastail agus Íocaíochtaí na gComhaltaí Tofa.
- Cuirfidh an tAonad cúnamh taca ar fáil go gníomhach maidir le ról na gCoistí Beartais Straitéiseacha agus an Ghrúpa Beartais Corparáide maidir le beartas a cheapadh.
- Leanfar den obair chomhordaithe thar ceann na heagraíochta ar an gComhchoiste Póilíneachta.

- Leanfar den chúnamh taca maidir leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus Athbhreithniú bunaithe ar Inniúlacht a chur i bhfeidhm san eagraíocht.
- Beidh Cruinnithe Ráithiúla, Cruinniú Cinn Bhliana agus Cruinniú Poiblí amháin ag an gComhchoiste Póilíneachta.

**Clár Chomóradh Céad Bliain 1916 Chontae na Gaillimhe:**

- Beidh tús áite á thabhairt i rith na bliana 2016 do Chlár Chomóradh Céad Bliain 1916 Chontae na Gaillimhe a thabhairt i gcrích, i gcomhar leis na pobail agus leis na geallsealbhóirí, ar fud seacht sraith an chláir, searmanais stáit agus searmanais áitiúla, machnamh ar an stair, an teanga bheo, cur in iúl cultúir, rannpháirtíocht an phobail, an óige agus an tsamhlaíocht, an domhan mór agus an diaspóra, bunaithe ar na hacmhainní atá ar fáil.
- Eagrófar an chéad ócáid i Sraith na Searmanas sa Chlár ag a 1.00 i.n. ar an 1 Eanáir 2016 ag Áras an Chontae.
- Beidh Searmanas Stáit ar siúl i gContae na Gaillimhe ar Luan Cásca 2016 nuair a bheidh Baile Átha an Rí, mar gheall ar an tábhacht stairiúil atá leis an mbaile agus leis an gceantar máguaird maidir le heachtraí sa bhliain 1916, ar cheann de cheithre áit taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath ina n-eagrófar searmanais chomhuaineacha ag a mbeidh bláthfhleasca á leagan. Ag a 1.15 i.n. a bheidh an searmanas stáit seo a chraolfar beo ar an teilifís - an tráth de lá ar scaoileadh an chéad urchar in Éirí Amach 1916.
- Tabharfaidh an Chomhairle na tograí suaitheanta maidir le 1916 i gcrích mar a d'aontaigh an Chomhairle sa bhliain 2013 nuair a aontaíodh Straitéis Comórtha Chontae na Gaillimhe ar Dheich mBliana an Chuimhneacháin 2013 – 2023, an foilseachán dátheangach san áireamh '*Centenary Reflections on the 1916 Rising: A County Galway Perspective'* a coimisiúnaíodh go speisialta, Láithreán Gréasáin Dheich mBliana an Chuimhneacháin agus Togra maidir le Mapáil Cuimhne, chomh maith le pacáistí acmhainní Gaeilge a fhorbairt chun cur le húsáid na teanga.
- Eagrófar Ócáid Chathartha i mí Bealtaine 2016 mar aitheantas don suntas speisialta atá le bliain an chéid do dhaoine muinteartha leis na hóglaigh agus eagrófar comhdháil faoin Imirce agus Diaspóra Chontae na Gaillimhe i mí Meán Fómhair 2016 trína dtabharfar deis don lucht imirce agus do Chumainn na Gaillimhe páirt ghníomhach a ghlacadh sa chomóradh.
- Beidh roinnt tionscadal a thabharfaidh an Chomhairle i gcrích i gcomhar le Roinn na hOidhreachta agus na Turasóireachta in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo, ina measc Bealach Oidhreachta Éirí Amach 1916 i gContae na Gaillimhe agus Mapa Cuimhneacháin maidir leis an Éirí Amach i gContae na Gaillimhe.
- Eagróidh Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhar le Teagasc, ócáid atá ar na hImeachtaí Náisiúnta 1916-2016, mar chomóradh ar an bhFeirmeoireacht agus ar Shaol na Tuaithe 1916-2016 ar Champas Uí Mhaoilíosa, Teagasc, Baile Átha an Rí.

Beidh an ócáid shuaitheanta náisiúnta seo, a mbeidh saorchead isteach in aisce chuici, ar siúl Dé hAoine, an 10 Meitheamh, agus Dé Sathairn, an 11 Meitheamh 2016, le téamaí a bhaineann le Éirí Amach 1916, Saol na Feirme, Saol an Teaghlaigh agus Saol na Tuaithe, an Talamh, Oideachas agus an Comhar, an Mheicníocht agus an Fheirmeoireacht, Beostoc, agus Saol Spóirt agus Cultúir na linne.

- Tabharfaidh líon níos mó ná 150 d'imeachtaí agus de thionscnaimh a eagrú i rith na bliana 2016, bunaithe ar Chuimhneachán, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlaíocht agus Ceiliúradh mar mhórthéamaí, deis do phobal na Gaillimhe agus don diaspóra páirt ghníomhach a ghlacadh iontu agus an contae uilig in éineacht ag déanamh cuimhneacháin, machnaimh agus comórtha, le mórtas agus le meas, ar ar tharla sa bhliain 1916.

## 12 Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar eolas faoin timpeallacht

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

Bhí ardú suntasach maidir le líon na n-iarratas Saoráil Faisnéise a tháinig i rith na bliana 2015. 50 iarratas ar fad a tháinig i rith na bliana 2014 agus bhí 165 iarratas tagtha faoin 12 Samhain 2015.

- Tháinig 165 Iarratas Saoráil Faisnéise faoi Dheireadh Fómhair 2015 agus cinneadh mar seo a leanas: aontaíodh an fhaisnéis a thabhairt i gcás 72 iarratas, aontaíodh i bpáirt i gcás 37, diúltaíodh 33, aistríodh nó tarraingíodh siar 8 n-iarratas, agus tá 15 nach bhfuil cinneadh déanta ina leith go fóill.
- Tháinig 6 Achomharc maidir le hAthbhreithniú Inmheánach ar Chinneadh Saoráil Faisnéise agus cinneadh mar seo a leanas ina leith: seasadh le dhá chinneadh, leasaíodh dhá chinneadh, tá dhá achomharc nach bhfuil cinneadh tugtha ina leith go fóill.
- Rinneadh Achomharc amháin le hOifig an Choimisinéara Faisnéise - dheimhnigh an Coimisinéir cinneadh na Comhairle.
- Tháinig 15 iarratas maidir le teacht ar Fhaisnéis faoin Timpeallacht agus eisíodh freagraí mar seo a leanas ina leith: aontú 7, aontú i bpáirt 7, cinneadh le déanamh go fóill, 1.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfaidh an Chomhairle de chloí leis an dualgas faoin reachtaíocht i ndáil le Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar eolas faoin timpeallacht.
- Ullmhóidh an Chomhairle Scéim Foilseacháin i gcomhréir leis an Acht um Saoráil Faisnéise.

## 13 Seirbhísí Tacaíochta Oideachais/Deontais do Mhic Léinn

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Thug an Rialtas Údarás nua Dámhachtana Aonair (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn [SUSI]) isteach sa bhliain 2012 agus is é Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath a oibríonn é. Tá SUSI freagrach as gach iarratas nua.
- Tá an Chomhairle freagrach i gcónaí as 55 mhac léinn agus rinneadh na híocaíochtaí chéad téarma go léir i lár mhí Dheireadh Fómhair 2015.
- Tá sainseirbhís ríomhphoist, www.twitter.com/galwaystudents, líne theileafóin agus téacs-seirbhís ar fáil fós le haghaidh ceisteanna ó mhic léinn.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfaidh an Chomhairle de na híocaíochtaí (Cothabháil agus Táillí) agus den nós imeachta maidir le gearáin a riaradh do na mic léinn reatha go dtí go dtagann deireadh lena gcúrsaí. Ní dhéileálfaidh an Chomhairle le haon iarratasóirí nua sa bhliain 2016.

## 14.Comhpháirtíocht san Ionad Oibre

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tá socrú déanta maidir le cruinniú den Fhóram ar Dhéileáil le hAthruithe Suntasacha ar mhodh Comhpháirtíochta a bheidh ann ar an 3 Nollaig 2015.
- Foilsiú nuachtlitir inmheánach na heagraíochta dar teideal Aon Scéal.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí agus ar mholtaí iomchuí i dTuarascálacha de chuid Ghrúpa Athbhreithnithe Éifeachtúlachta an Rialtais Áitiúil.
- An Coiste ar Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre a thionól.

## 15 Seirbhís don Chustaiméir

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

**Plean maidir le Seirbhísí don Chustaiméir agus Grúpa na nOifigeach Seirbhísí don Chustaiméir**

- Lean Grúpa na nOifigeach Seirbhísí don Chustaiméir (CSOG) de bheith ag teacht le chéile i rith na bliana 2015. Tá an CSOG comhdhéanta d’ionadaithe foirne ó na príomhréimsí seirbhíse go léir.
- Rinneadh Plean Gníomhaíochta CSOG 2015 a thiomsú agus a chomhaontú agus cuireadh tús lena chur i bhfeidhm agus rinneadh athbhreithniú air i rith na bliana.

- Rinneadh Pacaí Acmhainní don Fhoireann Seirbhísí don Chustaiméir, atá bunaithe ar an Straitéis nua maidir le Seirbhísí Ardchaighdeáin don Chustaiméir, a thiomsú agus a scaipeadh ar gach Roinn de chuid na Comhairle. Soláthraíonn na pacaí acmhainní rochtain éasca don fhoireann ar gach cuid den straitéis agus ar an Scéim Teanga le go mbeidh an méid is mó eolais agus is féidir acu nuair a bhíonn siad ag déileáil le custaiméirí ag cuntair phoiblí.
- Lean an Fhoireann Seirbhísí don Chustaiméir le chomhordú a dhéanamh ar na cártaí rochtana dorais agus ar na siogairlíní eochrach do charrchlóis atá ag daoine den fhoireann agus ar sheirbhísí tacaíochta inmheánacha eile don fhoireann.
- Tá an seoladh ríomhphoist customerservices@galwaycoco.ie i bhfeidhm fós. Iarrtar ar gach duine den fhoireann faisnéis a chur ar fáil maidir le tionscadail, feachtais, imeachtaí, oibreacha etc ionas gur féidir leis an bhFoireann Seirbhísí don Chustaiméir a bheith ar an eolas faoi na himeachtaí a bhíonn ar siúl ar fud na Comhairle agus go mbeidh an méid is mó eolais agus is féidir acu nuair a bhíonn siad ag déileáil le fiafraithe. Is féidir le daoine den phobal i gcoitinne ceisteanna ginearálta a chur chuig an seoladh ríomhphoist sin freisin agus imscrúdaítear na ceisteanna sin agus tugtar freagra orthu mar is cuí.
- Lean Seirbhísí don Chustaiméir cásanna **Deisigh Do Shráid** a bhainistiú agus a phróiseáil agus déanann siad monatóireacht ar chásanna gan réiteach in éineacht leis na rannóga iomchuí. Clár náisiúnta is ea **Deisigh Do Shráid** agus is fóram ar líne é ar tríd is féidir saincheisteanna faoi ionaid ar leith a chur chuig an údarás áitiúil iomchuí.
- Sa bhliain 2015, lean an córas láraithe d’Fhógraí Poiblí d’fheabhas a chur ar ár nÍomhá Chorparáideach sna Meáin Chlóite agus rinneadh sábháil airgid a ghiniúint dá bharr trí úsáid a bhaint as spás comhroinnte fógraíochta agus ba chabhair é freisin maidir lenár n-oibleagáidí faoin gCreat Náisiúnta Soláthair. Sula bhfoilsítear fógraí poiblí sna nuachtáin éagsúla, déantar réamhchóipeanna díobh a chur ar taispeáint ar na Meáin Shóisialta agus cuirtear chuig na Comhaltaí Tofa iad agus mionsonraí iomchuí teagmhála ag gabháil leo.
- Leantar den eagrán seachtainiúil **‘Cad atá ag tarlú?’** a fhoilsiú agus a scaipeadh ar an bhfoireann ar fad gach Aoine chun cumarsáid inmheánach níos fearr a chinntiú agus táthar tar éis 124 eagrán san iomlán a fhoilsiú go dtí seo.

**Deasc Sheirbhíse don Chustaiméir agus Lárionad Cumarsáide**

- Leantar den Deasc Sheirbhíse don Chustaiméir a oibriú agus de chóras éifeachtúil atreoraithe/láimhseála ceisteanna a sholáthar do chustaiméirí nuair a thagann siad isteach in Áras an Chontae. Tá an tseirbhís teileafóin á hoibriú fós ó Lárionad Cumarsáide na Seirbhísí don Chustaiméir ar an gcéad urlár d’Áras an Chontae.

- Déantar daoine den fhoireann Seirbhísí Corparáideacha atá lonnaithe i Seirbhísí don Chustaiméir a shannadh chun tacaíocht a chur ar fáil maidir le Beartas Fón Póca na heagraíochta agus maidir le riaradh an chuntais ó lá go lá.

**Cumarsáid agus Meáin Shóisialta**

- Tá méadú ar an úsáid a bhaintear as Meáin Shóisialta (Twitter, FB) agus, go dtí seo, tá os cionn 1,500 'is maith liom' ann ar Facebook agus tá os cionn 6,500 leantóir ann ar Twitter agus tá na figiúirí sin ag méadú ar bhonn laethúil.
- Rinneadh Meáin Shóisialta a chomhtháthú le Fógraíocht agus le Feachtais Phoiblíochta eile de chuid na Comhairle agus tugadh aird ar leith ar úsáid a bhaint as Meáin Shóisialta le linn teagmhais drochaimsire agus tá aitheantas tugtha ina leith sin ag an Oifig um Pleanáil Éigeandála agus ag an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil. Tháinig méadú ar an méid ábhar atá á phostáil ag daoine den fhoireann agus béim acu ar Oibreacha Bóthair, ar Chur Isteach ar an tSeirbhís Uisce agus ar nithe eile a tharlaíonn ó lá go lá ar fud an Chontae.
- Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe páirt in #OurCouncilDay ar an 05/03/15. Bhí #OurCouncilDay ag treochtáil sa dara háit tar éis #WorldBookDay ar Twitter in Éirinn an lá sin.
- Rinneadh os cionn 150 foirm iarratais, a bhain le gach roinn de chuid an údaráis áitiúil, a athfhormáidiú, a aistriú, a athrú go PDFanna inchomhlánaithe, a chódú agus a uaslódáil chuig an láithreán gréasáin.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís don Chustaiméir 2016 i gcomhréir leis na spriocanna agus na haidhmeanna comhaontaithe atá ann sa Straitéis maidir le Seirbhísí Ardchaighdeáin don Chustaiméir.
- Leanfar de chruinnithe démhíosúla Ghrúpa na nOifigeach Seirbhísí don Chustaiméir, de chomhroinnt faisnéise agus de ghníomhaíochtaí comhpháirteacha a éascú i ngach roinn.
- Déanfar taighde faoi Mhúnlaí Seirbhíse don Chustaiméir a chuirfear i bhfeidhm maidir le riachtanais áitiúla agus próiseas tagarmharcála a chur i bhfeidhm chun ár gcuid caighdeán a fhorbairt tuilleadh.
- Leanfar de 'Deisigh Do Shráid' a chur i bhfeidhm chun déanamh de réir na spriocanna atá comhaontaithe.
- Uasdátú láithreán gréasáin na Comhairle sa dá theanga a éascú agus lárthaisclann agus córas códaithe a chothabháil do na Foirmeacha Iarratais go leir de chuid na Comhairle Contae atá ar fáil tríd an láithreán gréasáin.

- Leanfar de dhíriú ar fhorbairt a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann an Chomhairle Contae as Meáin Shóisialta mar fhoinse faisnéise agus mar bhealach éifeachtúil cumarsáide dár gcustaiméirí.

## 16 Costais Chróinéara a Oibriú

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Lean an Chomhairle de thacaíocht riaracháin a sholáthar i ndáil le próiseáil na n-íocaíochtaí agus na dtáillí go léir le haghaidh Sheirbhís Chróinéara na Cathrach agus an Chontae.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Scéime Comhaontaithe do Stiúrthóirí Sochraide/d'Adhlacóirí de réir na n-acmhainní atá ar fáil agus faisnéis cothrom le dáta faoin bPainéal a choinneáil.
- Leanúint de riaradh íocaíochtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm na Seirbhíse Cróinéara, lena n-áirítear costais a bhaineann le Paiteolaíocht, le hAistriú Corp, le Cúirteanna Cróinéara agus le dualgais eile i gcomhréir le Scéimeanna Comhaontaithe agus le hIonstraimí Reachtúla.

## 17 Oibriú Margaí & Corrthrádáil agus Iarrataí ar Scannánú sa Chontae

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Déantar Ceadúnais Chorrthrádála a eisiúint ar bhonn bliantúil, ach táille a íoc, i leith roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae, lena n-áirítear Baile Átha an Rí (5), Béal Átha na Sluaighe (13), an Clochán (9), Dún Mór (1), an Gort (10), Baile Locha Riach (2), an Creagán (6), Áth Cinn (1), Tuaim (5); eisítear iad i gcomhréir leis na Fodhlíthe Corrthrádála.
- Déantar Ceadúnais Imeachta Speisialta le haghaidh féilte agus aontaí éagsúla a bhíonn ann i rith na bliana e.g. Aonach Ghleann an Mhámа (39) agus Seo Capaillíní an Chlocháin (23) chomh maith le Féilte Bhéal Átha Ghártha, Dhún Mór agus Chinn Mhara (Fleadh na gCuach agus Cruinniú na mBád). Iarrtar ar sholáthraithe Aonach Ghleann an Mháma agus Sheó Capaillíní an Chlocháin Taisceadh Bruscair a dhéanamh.
- Próiseáladh iarrataí ó dhéantóirí scannán chun úsáid a bhaint as maoin phoiblí ar mhaithe le scannánú a dhéanamh.
- Ina theannta sin, déantar próiseáil freisin maidir le hiarrataí ó *Cinemobile* agus ó Oibreoirí Aontaí Siamsaíochta a gcuid feithiclí a pháirceáil i mbailte agus i

sráidbhailte éagsúla, lena n-áirítear na hiarrataí sin ar dhéileáil Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe leo roimhe seo.

- Chomh maith leis sin, bhí an tAonad páirteach i gcomhordú na trádála ar Fhaiche an Aonaigh le linn Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe i mí Dheireadh Fómhair. De bhreis ar chúrsaí trádála, d'oibrigh an tAonad i gcomhar le hoifig an Cheantair Bhardasaigh maidir le páirceáil, slándáil agus rochtain sa limistéar trádála. D'oibrigh an tAonad i gcomhar leis an Roinn Pobail agus Fiontraíochta agus leis na Coistí áitiúla freisin i ndáil le cur chun cinn ghníomhaíochtaí uile na Féile.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanúint de Cheadúnais Chorrthrádála a eisiúint i gcomhréir leis na Fodhlíthe reatha.
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le saoráidí íocaíochta ar líne le haghaidh Ceadúnas.
- Mar thacaíocht do Chomhpháirtíocht Scannánaíochta na Gaillimhe, leanúint de cheisteanna a éascú agus de cheadanna a eisiúint, de réir mar is gá, do Chuideachtaí Meán agus Léiriúcháin ar mian leo scannánú a dhéanamh sa chontae.
- Comhordú agus oibriú na trádála le linn Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe i mí Dheireadh Fómhair i gcomhpháirtíocht le hOifig Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe.

## 18 Gníomhaíocht maidir le hIniúchadh Inmheánach

Tá an tAonad Iniúchta Inmheánaigh freagrach as deimhniú a thabhairt do Phríomhfheidhmeannach na Comhairle maidir le dóthanacht agus éifeachtacht chórais inmheánacha na Comhairle i ndáil le rialú agus bainistiú rioscaí.

Déanann an tAonad iniúchtaí agus athbhreithnithe a chur i gcrích trína Phlean Iniúchta bliantúil a tharraingítear suas i gcomhar le an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus leis an gCoiste Iniúchta.

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Cuireadh 9 n-iniúchadh san iomlán i gcrích de réir Phlean Iniúchta 2015 agus tíolacadh 5 cinn don Choiste Iniúchta.
- Rinneadh athbhreithniú forleathan ar 3 scéim chaipitiúla i gcomhréir le beart deimhnithe cáilíochta an Chóid maidir le Caiteachas Poiblí.
- Athbhreithníodh moltaí Thuarascáil Iniúchta 2014.
- Rinneadh seiceálacha randamacha maidir le sonraisc i leith Ranníocaíochtaí Forbartha.

- Seiceáil mhíosúil ar an oifig airgid thirim, seiceáil ráithiúil ar fháltais agus ar thaiscí an bhailitheora ioncaim, mar aon le seiceáil sheachtainiúil ar an gceannoifig mhótarchánach in Áras an Chontae. De bhreis air sin, rinneadh seiceáil thréimhsiúil sna fo-oifigí mótarchánach i mBéal Átha na Sluaighe agus sa Cheathrú Rua.
- Rinneadh scrúdú tréimhsiúil ar leatháin na dtaifead faoi fhruiliú gléasra chun a chinntiú go raibh rialacha tairisceana an Údaráis Áitiúil á gcomhlíonadh.
- Freastal ar oscailt tairiscintí.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfaidh an tAonad Iniúchta Inmheánaigh d'obair an Choiste Iniúchta a éascú.
- Athbhreithnithe ar mholtaí atá ann i dtuarascálacha iniúchta 2015.
- Beidh Plean Iniúchta 2016 riosca-bhunaithe agus déanfar rátáil i leith na moltaí a bheidh ann.
- Cuirfear iniúchtaí i gcrích de réir Phlean Iniúchta 2016.
- Comhlíonfar na ceanglais maidir le Deimhniú Cáilíochta atá ann sa Chód maidir le Caiteachas Poiblí.
- Leanfar den obair a bhaineann le tástáil faoi chomhlíonadh Beartais.
- Seiceálacha désheachtainiúla, míosúla, ráithiúla agus tréimhsiúla ar na sruthanna éagsúla trína mbailítear ioncam.
- Seiceáil thréimhsiúil agus stocáireamh sna fo-oifigí mótarchánach i mBéal Átha na Sluaighe agus sa Cheathrú Rua.

## Seirbhísí Comhairle Dlí

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Chuir an Roinn seirbhísí dlí ar fáil i leith gach réimse cláir, lena n-áirítear ceannach agus díol maoine, seoladh dlíthíochta, lena n-airítear Ionchúisimh sa Chúirt Dúiche, Dlíthíocht sa Chúirt Chuarda agus san Ard-Chúirt, lena n-áirítear Athbhreithniú Breithiúnach. Go háirithe, ba réimsí móra oibre iad Dlíthíocht sa Chúirt Dúiche agus Athbhreithniú Breithiúnach.
- Tá an Córas Bainistithe Cásanna, trína n-éascaítear úsáid teimpléad chun sreabhadh oibre a chruthú ar mhaithe le soláthar seirbhísí dlí ar mhodh éifeachtúil agus cost-éifeachtach, á uasdátú i gcónaí agus á chur i bhfeidhm maidir le réimsí eile oibre.
- Maidir le Clár na dTailte, tá an tOll-Fhóilió is Mó, GY23906, beagnach críochnaithe.
- Rinneadh líon suntasach seanchomhad a athbhreithniú agus a chartlannú faoin mBeartas maidir le Bainistiú Taifead.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Díreofar ar sheirbhísí comhairle dlí a sholáthar agus leanfar de sheirbhísí dlí a sholáthar do gach réimse cláir.
- Leanúint de Sheirbhísí Dlí a sholáthar do *Chlár Iompair Chathair na Gaillimhe*.
- Uasghrádú nua *Keyhouse* don Chóras Bainistithe Cásanna - díreofar ar Thiomsú Mionteagasc.
- Bailchríoch a chur ar Bhunachar Sonraí Chlár na dTailte.
- Tá obair ar siúl fós i ndáil le clárú roinnt seanchomhad maidir le Seirbhísí Bóthair/Uisce agus Tithíocht.
- Leanúint de chur i bhfeidhm an bheartais maidir le Bainistiú Taifead i.e. na comhaid neamhreatha go léir a bhaint amach as na hoifigí agus, ina theannta sin, díriú ar chomhaid atá á dtabhairt ar ais lena nAthbhreithniú/nDiúscairt.

## Seirbhísí Tithíochta agus Éigeandála

- Cuireadh maoiniú ar fáil sa bhliain 2015 chun tithe folmha a chur i riocht n-úsáidte arís agus rinne an Chomhairle oibreacha ar 72 theach.
- Lean Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh d'fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh an stoic tithíochta i rith na bliana 2015 agus críochnaíodh oibreacha ar 290 teach.
- Soláthraíodh maoiniú do Dheontais do Dhaoine faoi Mhíchumas agus glactar leis go ndéanfar oibreacha ar 38 dTeach Údaráis Áitiúil chun feabhas a chur ar cháilíocht bheatha na dtionóntaí.
- Tá ceamaraí CCTV ann i dtrí Eastát Údaráis Áitiúil. Is iad seo a leanas na láithreáin phíolótacha a roghnaíodh: Gortbride, Baile Locha Riach, Bridge Court, Áth Eascrach, agus An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí; d'éirigh go han-mhaith leo agus táthar tar éis ceithre láithreán eile ina suiteálfar ceamaraí CCTV sa bhliain 2016 a shainaithint.

## Tithíocht Shóisialta

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Déantar Tithíocht Shóisialta a sholáthar tríd an Scéim Cóiríochta ar Cíos, tríd an Earnáil Dheonach agus trí stoc traidisiúnta Tithíochta na Comhairle. De bhreis air sin, déanfar an Íocaíocht Chúnaimh Tithíochta a chur i bhfeidhm i gComhairle Chontae na Gaillimhe ó mhí na Samhna 2015 ar aghaidh. Meastar gurb ionann leithroinnt tithíochta sóisialta trí aon cheann ar leith de na bealaí sin agus freastal ar riachtanais tithíochta an iarratasóra.
- Cheannaigh an Chomhairle 28 n-aonad sa bhliain 2015. Tá 41 aonad eile ag céim an chonartha. Tá an tAonad Tithíochta ag iarraidh tithe cónaithe dea-cháilíochta breise a aimsiú sna réimsí éilimh de réir mar atá leagtha amach inár Liosta Feithimh Tithíochta.
- Faoi láthair, tá os cionn 4,000 iarratasóir ar an liosta feithimh tithíochta.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfaidh an Chomhairle den dul chun cinn maidir le Tithíocht Shóisialta a sholáthar do dhaoine ar an Liosta Tithíochta Sóisialta agus féachfar leis an líon aonad folamh atá ag an gComhairle a laghdú tuilleadh, ach sin faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, agus leithroinnfear aonaid ar mhodh tráthúil.
- Féachfaidh an Chomhairle leis an leas is fearr is féidir a bhaint an soláthar aonad tithíochta agus na haonaid a sholáthar trí na bealaí ar fad atá ar fáil.

## Daoine Gan Dídean

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tá méadú mór tagtha at an éileamh ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean agus, go háirithe, ar sheirbhísí do theaghlaigh gan dídean. Tá tograí i ndáil le tithíocht idirlinne á mbreithniú ag an gComhairle. Beidh cúnamh maidir le cothabháil tionóntachta ag teastáil ó roinnt teaghlach.
- Is é atá sa Chóras Cóiríochta agus Tacaíochta Slí Abhaile (PASS) ná comhchóras tacaíochta cliant agus bainistithe leapacha atá ar fáil do gach seirbhís do dhaoine gan dídean agus is léir go raibh taifeadadh tráthúil ábhair sa bhunachar sonraí seo an fhóinteach do chomhghleacaithe agus do ghníomhaireachtaí eile a mhéid a bhaineann le stair cásanna agus cúrsaí staidrimh.
- Tá an bhéim mhéadaithe ar chúram agus ar bhainistiú cásanna, agus ar “roghanna maidir le gluaiseacht ar aghaidh” atá ar fáil d’úsáideoirí na seirbhíse, an-fhóinteach ach tá na nithe sin teoranta mar gheall ar ghanntanas roghanna maidir le gluaiseacht ar aghaidh san earnáil phríobháideach nó i gcóiríocht faoi thacaíocht. Tá méadú ag teacht i gcónaí ar an éileamh ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean ó thaobh an líon

daoine atá i gceist agus chastacht na n-éileamh. Tá líon airithe de na hiarratasóirí tar éis a gcóiríocht ar cíos a chailleadh gan aon locht orthu féin ina leith agus ní féidir leo cóiríocht mhalartach a fháil. Níl aon tacaíocht uathu seachas teach cónaithe a fháil.

- Forbraíodh Foireann Gníomhaíochta i leith Daoine Gan Dídean/Coiste Stiúrtha maidir le Daoine Gan Dídean
- Rinneadh aidhm na Straitéise maidir le Daoine Gan Dídean, is é sin, cóiríocht fhadtéarmach lena ngabhann na tacaíochtaí riachtanacha go léir, a bhaint amach go rathúil i gcás 7 dteaghlach agus 4 iarratasóir aonair i mbliana.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le cóiríocht idirlinne do theaghlaigh, i gcomhar le comhlachtaí deonacha agus le tacaíochtaí a oireann do riachtanais.
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le laghdú tacaíochta/cóiríocht idirlinne i gcás daoine aonair a bhfuil tacaíochtaí áirithe ag teastáil uathu, i gcomhar le comhlachtaí deonacha agus le tacaíochtaí a oireann do riachtanais.
- Oibriú le comhlachtaí deonacha & reachtúla chun cásanna ina mbíonn daoine gan dídean a chosc (e.g. Threshold, Tusla etc.)
- Leanúint de bhainistiú cásanna agus béim á leagan ar ghluaiseacht ar aghaidh chuig cóiríocht chuí.
- Tiocfaidh an Fhoireann Gníomhaíochta i leith Daoine Gan Dídean/an Coiste Stiúrtha maidir le Daoine Gan Dídean le chéile ar bhonn ráithiúil.
- Leanúint de chóiríocht fhadtéarmach lena ngabhann na tacaíochtaí riachtanacha go léir a sholáthar do theaghlaigh gan dídean agus d'iarratasóirí aonair gan dídean araon.

## Tithíocht Dheonach

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tá an Chomhairle ag leanúint de bheith ag obair i gcomhar leis an earnáil dheonach chun uasmhéadú a dhéanamh ar an líon aonad atá á gcur ar fáil dúinn trí na scéimeanna maoinithe **CAS** (An Scéim Chúnaimh Chaipitiúil) agus **CALF** (Saoráid Airleacain Caipitil & Léasaithe).
- Tá na tionscadail seo a leanas ag leanúint ar aghaidh le maoiniú ó CAS:
    - Tógáil 12 aonad ag Cumann Tithíochta *Clúid* agus ag Cumann N Uinseann de Pól i gCnoc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe.
    - Tógáil 13 aonad ag *Clúid* i Leitir Fraic.
    - Rinneadh 41 aonad eile a cheadú sa bhliain 2015 sa Chreagán, i mBaile Chláir, sa Ghort, in Indreabhán, sa Cheathrú Rua agus in Órán Mór.

- o Cuireadh tús le comhaontuithe Íocaíochta agus Infhaighteachta sa bhliain 2015 i gcás 35 aonad faoin tSaoráid Airleacain Caipitil & Leasaithe (CALF). Tá cearta iomlána ainmniúcháin ag an gComhairle maidir leis na haonaid seo ata suite sa Chlochán (14 aonad), i mBéal Átha na Sluaighe (10 n-aonad) agus i mBaile Locha Riach (11 aonad) go ceann tréimhsí idir 19 mbliana agus 30 bliain.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Tá sé beartaithe go leanfaidh an Chomhairle de bheith ag obair go réamhghníomhach leis na AHBanna i ndáil le tithíocht a sholáthar de réir na roghanna atá ar fáil faoi láthair. Ceaptar go ndéanfar líon suntasach aonad a sholáthar faoi scéimeanna atá ar fáil agus déanfar na roghanna go léir a scrúdú in éineacht leis an earnáil. Tá an Chomhairle ag leanúint de bheith ag obair leis na AHBanna i ndáil le tuilleadh aonad a aimsiú faoi CALF agus ceaptar go bhfaighfear líon airithe aonad faoin scéim sa bhliain 2016.

## An Scéim maidir le Cíos in ionad Morgáiste

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Scéim maidir le Cíos in ionad Morgáiste a thabhairt isteach sa bhliain 2012. Faoin scéim sin, is féidir le daoine a bhfuil deacracht acu maidir lena morgáiste a íoc athrú a dhéanamh ó úinéireacht a bheith acu ar a dteach cónaithe chuig a dteach cónaithe a bheith ar cíos acu mar thionóntaí sóisialta. Má aontaíonn tú páirt a ghlacadh sa scéim maidir le cíos in ionad morgáiste, ní bheidh úinéireacht agat ar do a thuilleadh ar do theach cónaithe ná ní bheidh aon leas airgeadais agat ann. Íocann an teaghlach cíos, de réir a n-ioncaim, leis an gComhlachas Tithíochta.
- Chun cáiliú don scéim, ní mór d'úinéir na maoine a bheith tar éis páirt a ghlacadh i bPróiseas Réitithe Riaráistí Morgáiste (MARP) a n-iasachtóra, ar próiseas é nach mór don iasachtóir agus don úinéir leas a bhaint as chun iarracht a dhéanamh a gcuid deacrachtaí a réiteach. Ní mór nach féidir an morgáiste a íoc agus ní mór don teaghlach a bheith cáilithe i gcomhair tithíochta sóisialta sa cheantar ina bhfuil cónaí orthu. Ní mór a mheas go bhfuil an mhaoin oiriúnach lena ceannach ag Comhlachas Tithíochta. Déanfaidh iarratasóirí ceadaithe seilbh ar a dteach cónaithe a thabhairt suas go toildeonach dá n-iasachtóir morgáiste agus díolfaidh an t-iasachtóir sin láithreach é le Comhlachas Tithíochta a ligfidh an teach cónaithe ar cíos ansin leis an teaghlach lena mbaineann. Úsáidfear na fáltais ó dhíol na maoine chun an fiachas morgáiste a íoc agus déanann an t-iarratasóir socrú lena n-iasachtóir i leith aon

íocaíochtaí atá dlite agus atá gan íoc fós. Tá deis ann an teach cónaithe a cheannach ar ais tar éis tréimhse 5 bliana má thagann feabhas ar staid airgeadais an teaghlaigh. Déanfar an t-athrú stádais ó úinéir go cíosaí a choimeád faoi rún i gcónaí. Go dtí seo, tá 1 iarratas maidir le morgáiste príobháideach agus 1 iarratas maidir le morgáiste Údaráis Áitiúil curtha i gcrích ag an gComhairle agus tá 7 gcás idir lámha aici. Tá 19 n-iarratas ghníomhacha ann faoin scéim seo.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfaidh an Chomhairle d'idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus leis na hiarratasóirí chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lena n-iarratais agus chun measúnacht a dhéanamh ar iarratais nua maidir le hathrú ó Mhorgáiste go Cíos.

## Deontais Tithíochta

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Ba é a bhí sa líon iarratas ar Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta a íocadh sa bhliain 2015 ná 132, agus bhí 118 n-iarratas ar fad ann i ndáil le Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta & Deontais Chúnaimh Tithíochta.
- Ba é a bhí sa bhuiséad iomlán don bhliain 2015 ná €2,057,454 agus bhí €411,491 den tsuim sin le soláthar as acmhainní dílse na Comhairle.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Gealltanas i leith leanúint de riaradh na scéimeanna deontais, ach sin faoi réir an maoiniú riachtanach a bheith ar fáil.

## Tógáil Tithe

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Faoin Straitéis maidir le Tithíocht Shóisialta, dheonaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil ceadú do Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun leanúint ar aghaidh le tógáil 54 aonad nua tithíochta sóisialta (25 aonad ag Bóthar na Cora, Tuaim, 10 n-aonad ag Céide Gharbhaile, Béal Átha na Sluaighe, 3 aonad ag Esker Hills, Béal Átha na Sluaighe, 10 n-aonad ag Gort Mhaoilir, Baile Átha an Rí, agus 6 theaghais aonair tuaithe in ionaid éagsúla). Tá an soláthar i leith foirne dearthóireachta curtha i gcrích ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus tá creat i bhfeidhm. Tá réamhdhearthaí á n-ullmhú agus tá súil ag an gComhairle go gcuirfear tús leis an bpróiseas pleanála reachtúil roimh dheireadh na bliana 2015 agus go ndéanfar an soláthar agus go dtosófar an tógáil ina dhiaidh sin sa bhliain 2016.

*Tograí don bhliain 2016:*

- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le tionscadail tógála a fuair ceadú i leith maoinithe sa bhliain 2015, agus ceadú a lorg i ndáil le híocaíochtaí breise.
- Deiseanna straitéiseacha a shainaithint, ar bhonn bhunachar talún na comhairle agus ar bhonn na roghanna eile atá ar fáil.

## Méaduithe ar Thithe de chuid an Údaráis Áitiúil

*Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:*

- Leanann an Chomhairle de scrúdú a dhéanamh ar na roghanna go léir chun freastal ar riachtanais iarratasóirí ar thithíocht agus ar riachtanais tionóntaí láithreacha a bhfuil athrú tagtha ar a riachtanais.
- Ní dhearnadh aon mhéaduithe sa bhliain 2015.

*Tograí don bhliain 2016:*

- Leanfaidh an Chomhairle de scrúdú a dhéanamh ar na roghanna go léir chun freastal ar riachtanais a cuid tionóntaí, lena n-áirítear an rogha a bhaineann le cóiríocht mhalartach chuí a sholáthar. Breithneofar méaduithe i gcásanna tosaíochta nuair is dealraitheach gurb é an réiteach is fearr é, ach sin faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.

## An Scéim Cóiríochta ar Cíos (RAS) & Léasú

*Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:*

- Tá maoiniú leithroinnte ag an Rialtas d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun maoin phríobháideach a léasú nó a ligean ar cíos i gcás iarratasóirí ar an liosta tithíochta. De ghnáth, bíonn RAS dírithe ar dhaoine a bhfuil forlíonadh cíos á fháil acu le tréimhse is faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011 ar aghaidh, meastar go bhfuil an riachtanas tithíochta comhlíonta ag aon iarratasóir ar thithíocht a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht de chineál RAS.
- Rinne Aonad RAS feachtas forleathan meán a eagrú ar an raidió áitiúil agus i nuachtáin áitiúla agus iad ag féachaint le méadú a dhéanamh ar an soláthar tithíochta tríd an margadh cóiríochta príobháidí ar cíos.
- Ag deireadh Ráithe 3 den bhliain 2015, bhí 1041 iarratasóir ann a raibh forlíonadh cíosa á fháil acu ar feadh tréimhse is faide na 18 mí.
- Tá cóiríocht ag 437 dteaghlach faoi láthair trí Scéim RAS.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfaidh an Chomhairle de Scéim RAS a riaradh chomh maith le hobair a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le roghanna soláthair faoin nGné den Straitéis maidir le Tithíocht Shóisialta a bhaineann le Caiteachas ar Thithíocht Shóisialta.

## Tithe Folmha & Iarfheistiú Éifeachtúlachta Fuinnimh

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Cuireadh maoiniú ar fáil sa bhliain 2015 chun tithe folmha a chur i riocht táirgiúil arís agus rinne an Chomhairle oibreacha ar 72 theach.
- Tá oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh déanta ag an gComhairle ar níos mó ná 60% dár stoc ón tráth ar tugadh isteach clár na bliana 2013.
- Rinneadh maoiniú do thithe tréigthe a fhógairt le linn Ráithe 4 den bhliain 2015. Tá aighneacht curtha faoi bhráid na Roinne agus má chuirtear maoiniú ar fáil sa bhliain 2016, féachfaidh an tAonad Tithíochta le haonaid thréigthe a chur ar ais i riocht inúsáidte.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Tá sé beartaithe tuilleadh oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh sa bhliain 2016, ach sin ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil.
- Leanfaimid den treocht i leith laghdú a dhéanamh ar an líon tithe folmha atá ann inár stoc. Beidh dul chun cinn ag brath ar chistí dóthanacha a bheith ar fáil.

## Bainistiú Tionóntachtaí agus Eastáit

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Leanann an tAonad Tithíochta de bheith ag obair lena chuid teaghlach leochaileach chun cabhrú leo a dtionóntachtaí a chothabháil.
- Bunaíodh an tAonad Bainistithe Tionóntachtaí agus Eastáit/an tAonad Iompair Fhrithshóisialta sa bhliain 2013.
- Ceapadh Oifigeach Iompair Fhrithshóisialta chuig an Aonad i Márta 2014 agus tá an tOifigeach sin ag obair go dian i roinnt limistéar.
- Mar chuid de Straitéis na Comhairle maidir le Bainistiú Tionóntachtaí agus Eastáit, áirítear teagmháil/rannpháirtíocht ghníomhach pobail ar an leibhéal áitiúil ar bhonn leanúnach agus béim á leagan ar iompar frithshóisialta agus sáruithe ar chomhaontú tionóntachta a shainaithint ag céim luath. Leanann an Chomhairle de bheith i dteagmháil leis na Gardaí agus buaileann an tAonad go rialta leis an lucht bainistíochta sinsearaí sna Gardaí chun plé a dhéanamh faoi limistéir faidhbe agus faoi conas is féidir leis an dá eagraíocht obair a dhéanamh i gcomhar lena chéile chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta.

- Tá CCTV i ngníomh ar thrí láithreán agus tá se le cur i bhfeidhm i 4 láithreán eile.
- D'oibrigh an tAonad Tithíochta ar leibhéal idirghníomhaireachta chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta agus chun cabhrú le tionóntaí a gcuid tionóntachtaí a chothú.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Mar chuid den chur chuige straitéiseach idir-roinne agus idirghníomhaireachta, shainaithin an tAonad Tithíochta sprioc-eastáit tithíochta a ndéanfar dianghníomhaíochtaí forleathana bainistithe eastáit iontu sa bhliain atá romhainn.
- Cuirfear CCTV i bhfeidhm in eastáit eile de chuid na Comhairle sa bhliain 2016.

## Rialú Capall

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- I rith na bliana 2015, lean an Chomhairle dá prótacal maidir le Rialú Capall a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an nGarda Síochána. Tá laghdú suntasach ar an líon capall ar strae agus capall tréigthe i rith na bliana 2015. Seo a leanas na staitisticí maidir leis an líon capall a tugadh chun bealaigh:
    - 2011 – bailíodh 52 capall
    - 2012 – bailíodh 243 capall
    - 2013 – bailíodh 331 capall
    - 2014 – bailíodh 240 capall
    - 2015 – bailíodh 87 gcapall (suas go dtí 12/11/2015)
- De bhreis ar shaincheist na gcapall fánaíochta ar bhóithre poiblí, déileálann an tÚdarás Áitiúil le hainmhithe atá ar strae agus ag fánaíocht ar mhaoin agus ar eastáit tithíochta de chuid na Comhairle. Tá roinnt feachtas eagraithe ag an gComhairle chun feasacht a mhéadú agus chun laghdú a dhéanamh ar choinneáil ainmhithe ar eastáit. I measc na bhfeachtas sin, áirítear fógraí poiblí, litreacha chuig cónaitheoirí agus cuairteanna ó Mhaoir Phobail.
- Soláthraíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maoiniú de réir ráta €375 in aghaidh an chapaill a urghabhtar agus a mharaítear nó €200 (ar a mhéad) i gcás ina n-urghabhtar capall agus ina ndéantar é a athshocrú. Cé go ndéanann an Chomhairle gach iarracht chun oibriú de réir theorainneacha na dtáillí atá leagtha amach, d'fhéadfadh costais níos airde a bheith ann mar gheall ar chúinsí eisceachtúla.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Cuireadh Conradh Seirbhísí i bhfeidhm i mí Iúil 2015 agus fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh 12 mhí agus rogha ann an conradh a fhadú go ceann 2 thréimhse 6 mhí eile,

rud a d'fhágfadh gur chonradh 2 bhliain a bheadh ann. Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag obair i gcomhar leis na Gardaí chun dul i ngleic le saincheist na gcapall atá ar strae agus atá ag fánaíocht ar bhóithre poiblí. Ina theannta sin, tá sé beartaithe againn leanúint den fheachtas oideachais agus beart coiscthe a cuireadh i gcrích cheana féin ar ár gcuid eastát, le tacaíocht ó Mhaoir Phobail, ón bhFoireann Tithíochta agus ó Chumainn Chónaitheoirí.

## An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha – Aonaid Ar Cíos a Chlárú

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tháinig an tAcht um Thionóntachtaí Príobháideacha 2004 i ngníomh ar an 1 Meán Fómhair 2004. Déileálann Cuid 7 den Acht sin le clárú tionóntachtaí leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha. Tá an clár atá foilsithe ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ag www.prtb.ie.
- Bhí iniúchadh déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar 72 aonad maoine suas go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2015 chun a chinntiú go raibh na caighdeáin a bhaineann le tithe ar cíos á gcomhlíonadh. Bhí 72 aonad maoine ann san iomlán nár chomhlíon na caighdeáin reatha agus seirbheáladh fógraí feabhsúcháin ar thiarnaí talún á gceangal orthu feabhsúcháin a dhéanamh.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Iniúchadh leanúnach ar Mhaoin Phríobháideach Ar Cíos chun comhlíonadh na gCaighdeán Reatha do Mhaoin Phríobháideach Ar Cíos a dhaingniú. Tá sé beartaithe béim a leagan ar mhéadú an líon iniúchtaí; ach beidh sé sin ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil.

## An Coiste Beartais Straitéisigh maidir le Seirbhísí Tithíochta & Éigeandála

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tháinig an Coiste Beartais Straitéisigh maidir le Seirbhísí Tithíochta & Éigeandála le chéile trí huaire go dtí seo sa bhliain 2015. I measc na réimsí ar déileáladh leo, áirítear Stoc Tithe Folmha na Comhairle & Beartas maidir le Bainistiú Tithe Folmha, Bainistiú Eastáit, an Straitéis maidir le Tithíocht Shóisialta, an Clár Maoinithe Chaipitiúil, an Lámhleabhar nua do Thionóntaí, agus an Clár maidir le Caiteachas Reatha ar Thithíocht Shóisialta.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Sa bhliain 2016, ceaptar go ndéanfaidh an coiste scrúdú, inter alia, ar na ceantair is fearr le haghaidh tithíochta, ar an Scéim Incriminteach nua Ceannaigh ag Tionóntaí, ar an scéim cíosanna difreálacha, ar an gclár nua maidir le cothabháil phleanáilte,

agus ar phleananna bainistithe eastáit agus, chomh maith leis sin, déanfar monatóireacht dian ar an dul chun cinn maidir le spriocanna a bhaint amach faoi na cláir chaipitiúla agus faoi na cláir reatha i ndáil leis an Straitéis maidir le Tithíocht Shóisialta agus maidir le cur i bhfeidhm leanúnach na nÍocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta.

| CHES: BAINISTIÚ MÓR-ÉIGEANDÁLAÍ (MEM) |
|---|

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tá an Coiste Forbartha Mór-Éigeandálaí (MEDC) a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Chreat Nua Náisiúnta i gcomhair MEM i mbun oibre faoi láthair agus is é an tUas. Peter Gavican (Stiúrthóir Seirbhísí) atá ina chathaoirleach air. Tá obair an choiste ag leanúint ar aghaidh agus tá an Plean Oibríochta maidir le Drochaimsir & Déileáil le Tuiliú á ullmhú aige.
- Leanann Grúpa Stiúrtha MEM do Réigiún an Iarthair de bheith ag teacht le chéile mar chuid dá ról maidir le comhordú a dhéanamh ar Bhainistiú Mór-Éigeandálaí i nGaillimh, i Maigh Eo agus i Ros Comáin.
  Leanann Grúpa Oibre MEM do Réigiún an Iarthair ina gcuimsítear baill de na Príomhsheirbhísí Éigeandála (PESanna) i Réigiún an Iarthair, i.e. Seirbhísí Dóiteáin Údaráis Áitiúil, Rannáin Áitiúla de chuid na nGardaí agus Otharsheirbhís Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do Réigiún an Iarthair, de bheith ag teacht le chéile faoi choimirce Ghrúpa Stiúrtha MEM do Réigiún an Iarthair.
- Is é Ceanncheathrú Chomhairle Chontae na Gaillimhe suíomh an Lárionaid Áitiúil Comhordúcháin fós do na trí Phríomhghníomhaireacht Freagartha (PRAanna) - Comhairlí Cathrach/Contae na Gaillimhe, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i réigiún an Iarthair agus Rannán Gardaí na Gaillimhe - i gcás Mór-Éigeandálaí i gceantar Chathair agus Chontae na Gaillimhe.
- Tá grúpa comhtháthúcháin MEM na Cathrach/an Chontae, a bunaíodh idir na PRAanna i gcathair agus i gComhairle na Gaillimhe faoi chathaoirleacht an Uas. Joe O'Neill, Stiúrthóir Seirbhísí - Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun déileáil le saincheisteanna i gceantar na Cathrach/an Chontae agus, go háirithe, le himeachtaí a bhfreastalaíonn sluaite móra daoine orthu, de bheith ag teacht le chéile.
- Rinne na PRAanna iomchuí (an Chomhairle Cathrach, lena n-áirítear Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe; Gardaí na Gaillimhe & Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do réigiún an Iarthair) agus sainchomhairleoirí Ráschúrsa na Gaillimhe plean nua éigeandála seachtraí a ullmhú – ar bhonn neamhreachtúil - i gcomhair imeachtaí ag Ráschúrsa na Gaillimhe a mbíonn sluaite móra daoine ag freastal orthu agus bhí an plean sin i bhfeidhm le linn Rásaí na Gaillimhe sa bhliain 2015.

- Tá oiliúint réigiúnach ar fáil i gcónaí do dhaoine iomchuí den fhoireann sna hocht PRA atá ann i réigiún an iarthair.
- Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe Feithicil Lárionaid Comhordúcháin Ar An Láthair (OSCC) a fháil do MEM thar ceann na 8 PRA atá ann san Iarthar. Táthar ag súil go bhfaighfear roinnt tacaíochta caipitiúla don fheithicil sin ón nGrúpa Stiúrtha Réigiúnach MEM sa bhliain 2015.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Gheobhaidh daoine den fhoireann áitiúil agus den fhoireann réigiúnach tuilleadh oiliúna agus tástála maidir lena róil nua éagsúla mar atá leagtha amach i sa Phlean maidir le Mór-Éigeandálaí.
- Samhlaítear go leanfar de Phlean Mór-Éigeandála na Comhairle Contae a bhailíochtú agus a uasdátú sa bhliain 2016.
- Tá obair leanúnach ar siúl ar an bplean comhordúcháin réigiúnach le haghaidh Mór-Éigeandálaí.
- Leanfaidh daoine d'fhoireann na Comhairle agus d'fhoireann sheirbhís dóiteáin na Gaillimhe de thacaíocht a thabhairt don Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnach agus do Ghrúpaí Oibre Réigiúnacha agus don MEDC áitiúil agus do ghrúpa comhtháthúcháin Chontae/Chathair na Gaillimhe.
- Déanfar cleachtadh Mór-Éigeandála, a mbeidh 4 LCA, lena n-áirítear Údarás Cuain na Gaillimhe agus an t-oibreoir láithreáin, TOPAZ, páirteach ann agus a mbeidh teagmhas ionsamhlaithe ann mar chuid de ag láithreán Seveso II ag Dugaí Chathair na Gaillimhe, a sceidealú sa bhliain 2016 mar chuid de thástáil agus de bhailíochtú an phlean éigeandála seachtraí de réir mar a cheanglaítear faoi rialacháin Seveso II.
- Gheobhaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe dara haonad soghluaiste stórála sealadaí corpán don 11 Údarás Áitiúil i réigiún MEM an Iarthair, an Iarthuaiscirt agus Lártíre chun méadú a dhéanamh ar an acmhainn sna réigiúin sin faoi seach.
- Leanfar den obair ar uasghrádú na Feithicle OSSC a bheidh á coimeád i Stáisiún Dóiteáin Chathair na Gaillimhe agus a ndéanfaidh pearsanra CD de chuid Chathair na Gaillimhe a oibreoidh í.

**CHES: CLÁIR CHOISCTHE AGUS OIDEACHAIS DÓITEÁIN**

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Rinneadh Clár Sábháilteachta Dóiteáin na Scoileanna a chur i bhfeidhm arís i mbunscoileanna i Limistéir na Stáisiún Contae.
- Tá aláraim dheataigh neamhspleácha ina bhfuil cadhnraí fadsaoil á bhfáil ag Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe do 250 teaghlach agus leanfar de na haláraim sin a eisiúint chuig teaghlaigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe lena suiteáil ag grúpaí pobail de réir mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Cuireadh an tionscadal

seo i gcrích le cúnamh ó na hAonaid Pobail agus Fiontraíochta i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus i gComhairle Chontae na Gaillimhe araon mar chuid de Chlár leanúnach na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála (NDFEM).

***Tograí don bhliain 2016:***

- Táthar ag súil go gcuirfear tús athuair le Clár Sábháilteachta Dóiteáin na Scoileanna sa bhliain 2016 agus, mar chuid de sin, tabharfaidh oifigigh dóiteáin áitiúla cuairt ar an 4ú rang i roinnt scoileanna náisiúnta i gCeantar Bhriogáid Chathair na Gaillimhe. Cuireann an clár seo teachtaireacht náisiúnta faoi shábháilteacht dóiteáin in iúl ach bíonn sé faoi réir acmhainní airgeadais a bheith ar fáil.
- Sa bhliain 2016, déanfar aláraim dheataigh neamhspleácha a eisiúint sa chathair agus sa chontae as leithroinntí a fuarthas sna blianta 2014 agus 2015.

| CHES: | OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN |
|---|---|

**POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE (KCS)**

**CREAT DON tSÁBHÁIL TEACHT SLÁN Ó DHÓITEÁN IN ÉIRINN**

Tagann an tSeirbhís Dóiteáin faoi réir na srianta airgeadais céanna atá ann i ndáil le gach seirbhís Údaráis Áitiúil agus tagann sí faoi réir an ghrinnscrúdaithe chéanna ar chaiteachas a dhéantar mar thoradh ar na srianta sin. Mar thoradh ar laige chúrsaí airgeadais phoiblí agus rialtais áitiúil, ní bheidh sé éasca infheistíocht bhreise a aimsiú do Sheirbhísí Dóiteáin, is é sin le rá, os cionn an méid atá á sholáthar cheana féin sa chlár.

Is é a bheidh sa dúshlán – mar is léir i dteideal an doiciméid – “Pobail a Choinneáil Sábháilte” – ná bainistiú a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach don phobal i dtaca lena sábháilteacht ar leithligh, agus íoslaghdú a dhéanamh ar chaillteanas agus ar shuaitheadh i measc an phobail.

Chun príomhfhorálacha KCS a chur i bhfeidhm go rathúil faoi dheireadh na bliana 2016, beidh gá le tiomantas agus dianiarracht ar thaobh na Seirbhíse Dóiteáin agus Fhoirne Bainistíochta na Cathrach agus an Chontae, agus iad ag obair i gcomhar le hIonadaithe Tofa na Cathrach agus an Chontae. Beidh gá le Plean Forbartha Seirbhíse/Plean Gníomhaíochta a ullmhú agus beidh léiriú air sin le fáil i nDréacht-Phlean nua Alt 26 atá ullmhaithe ag Lucht Bainistíochta na Seirbhíse Dóiteáin. I mBealtaine 2014, rinneadh Dréacht-Phlean Alt 26 a thíolacadh don Choiste Beartais Straitéisigh maidir le Seirbhísí Tithíochta & Éigeandála lena bhreithniú ag an gcoiste sin agus leagadh amach cúlra agus ábhar an doiciméid mar aon leis na hathruithe a bheadh le déanamh ar Bheartas an Údaráis Dóiteáin mar thoradh ar an bplean.


Déanfar Dréacht-Phlean uasdátaithe Alt 26 a thíolacadh do chruinniú iomlán den Chomhairle ag deireadh na bliana 2015 nó ag tús na bliana 2016.

Tá an obair go leir ar KCS ar fionraí i láthair na huaire go dtí go mbeidh deireadh le plé idir NDFEM agus na ceardchumainn ag an leibhéal náisiúnta agus táthar ag súil go dtarlóidh sin roimh dheireadh na bliana 2015.

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tá **10** Stáisiún Dóiteáin ann sa Chathair agus sa Chontae agus iad suite i mBaile Átha an Rí, i mBéal Átha na Sluaighe, sa Chlochán, i gCathair na Gaillimhe, sa Ghort, i mBaile Locha Riach, sa Chreagán, i bPort Omna, i dTuaim agus in Inis Mór. Tá foireann áirithinte ann sna stáisiúin go léir seachas stáisiún Chathair na Gaillimhe ina bhfuil meascán daoine lánaimseartha a oibríonn de réir sealaíochta agus daoine áirithinte.
- Bíonn tuairim is **150-155** dhuine ar fostú ag an gComhairle nuair a bhíonn an líon iomlán foirne ann agus iad ar fostú go díreach i Seirbhís Dóiteáin na Gaillimhe, lena n-áirítear comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus áirithinte sa chathair agus sa chontae agus oifigigh dhóiteáin shinsearacha agus pearsanra tacaíochta sibhialtach i Stáisiún Dóiteáin Chathair na Gaillimhe,
- I rith na bliana **2014**, d'fhreastal an tseirbhís dóiteáin ar **1,507** dteagmhas éigeandála san iomlán, agus i gcás **806** theagmhas díobh sin ba iad Briogáidí Contae a bhí i gceist agus i gcás **701** teagmhas díobh Briogáid Chathair na Gaillimhe a bhí i gceist ina fearann dóiteáin sa Chathair agus sa Chontae. Is ionann na figiúirí sin agus laghdú **3.6%** ar an líon glaonna éigeandála i gcomparáid leis an mbliain **2014**; féach **FÍOR 1a** chun an líon glaonna Éigeandála ar freastail Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe orthu sa tréimhse 2008-2014 a fháil agus, chomh maith leis sin, tá miondealú le fáil i bhFíor1b ar na glaonna don chathair agus don chontae faoi seach. Leanann an Bhriogáid Dóiteáin de bheith ag freastal ar theagmhais éigeandála sa Chathair agus sa Chontae, de réir mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe seo. Ba é a bhí sa líon teagmhas – go garbh – i gCathair agus i gContae na Gaillimhe ar fhreastail na briogáidí go léir orthu suas go dtí an **1 Meán Fómhair 2015** ná **1,127** agus bhí **498** dteagmhas díobh sin i gCeantar Bhríogáid Chathair na Gaillimhe.
- Tá an laghdú ar an líon glaonna dóiteáin agus éigeandála ar freastalaíodh orthu sa chéad 3 ráithe i mbliana measartha beag, is é sin, **1.6%** nuair a chuirtear é i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh.

**Fig 1b Galway Fire Service   Calls Summary By Type  2008-2014**





| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| no of fire calls | 1181 | 1082 | 1477 | 1046 | 823 | 1030 | 813 |
| no of special service calls | 292 | 356 | 280 | 295 | 266 | 299 | 317 |
| no of false alarm calls all types | 415 | 347 | 395 | 283 | 225 | 235 | 206 |
| assisting calls | 212 | 180 | 211 | 161 | 74 | 125 | 171 |

year

no of fire calls   no of special service calls   no of false alarm calls all types   assisting calls

**Fig 1a GFB TOTAL NO OF EMERGENCY CALLS ATTENDED 2008-2014**




- D’fhéach an Chomhairle lena chinntiú go bhfuair na daoine go léir d’fhoireann a cuid Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála oiliúint ag an leibhéal áitiúil de réir mar a tharla i mblianta roimhe seo. Fuair oifigigh dhóiteáin shinsearacha agus shóisearacha oiliúint freisin leis an Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dóiteáin & Bainistíocht Éigeandála (NDFEM). Sa bhliain 2015, cuireadh oiliúint ar fáil de réir an chláir bhliantúil oiliúna díreach mar a rinneadh i mblianta roimhe seo.
- Tá an fhoireann oibríochta áirithinte go léir ag oibriú faoin gCóras Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas (NICS) ó bhí an bhliain 2009 ann de réir Chlár Athraithe na Seirbhísí Dóiteáin faoin gcúram Sláinte agus Sábháilteachta. Rinneadh an NICS don fhoireann i stáisiúin dóiteáin, idir fhoireann lánaimseartha agus fhoireann áirithinte, i gCathair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2014.
- D’earcaigh an Chomhairle 1 chomhraiceoir nua lánaimseartha do Chathair na Gaillimhe agus tugadh oiliúint don duine sin a earcaíodh as measc na foirne áirithinte a bhí ann cheana féin chun folúntas a líonadh sa bhliain 2014. Mar an gcéanna, tá suas go 20 duine áirithinte earcaithe ag an gComhairle le 3 bliana anuas chun folúntais a líonadh de réir mar a thagann siad chun cinn.
- Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint de phleananna réamhdhóiteáin a ullmhú i leith rioscaí sa Chathair agus sa Chontae; is dualgas reachtúil é sin faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003.
- Lean Grúpa Stiúrtha Sláinte & Sábháilteachta na Seirbhíse Dóiteáin de bheith ag teacht le chéile sa bhliain 2015 chun an Plean Bainistíochta Sláinte & Sábháilteachta a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhísí dóiteáin, agus é beartaithe acu Creidiúnú OSHAS 18001 a fháil.
- Beidh Treoirlínte Caighdeánacha Náisiúnta Oibríochta (SOGanna), atá mar bhun taca le measúnachtaí cineálacha riosca sa Ráiteas Foghabhálach Sábháilteachta (ASS), ina chuid lárnach dár bpleananna oiliúna ar fud na Cathrach agus an Chontae i gcás an phearsanra dóiteáin go léir go dtí deireadh na bliana 2015.
- Tá dul chun cinn déanta ag an gComhairle maidir le bunú Briogáide Dóiteáin áirithinte nua sa Cheathrú Rua trí 9 nduine áirithinte nua a oiliúint agus a earcú le haghaidh criú áirithinte nua sa Cheathrú Rua. Tá obair curtha i gcrích ar an bhFoirgneamh atá léasaithe ó Údarás na Gaeltachta sa Cheathrú Rua agus áiteofar an foirgneamh sin roimh dheireadh na bliana 2015. Tá dhá fhearas dóiteáin athláimhe faighte agus tá siad á n-úsáid mar chuid den chlár oiliúna. Tá oiliúint leanúnach pearsanra áirithinte ar siúl sa bhliain 2015.
- Ar an drochuair, bhí 4 bhás ann i gCathair na Gaillimhe go dtí seo sa bhliain 2015 mar gheall ar dhóiteáin thimpisteacha. Cé go bhfuil an figiúr sin níos ísle ná na 8 mbás de bharr dóiteán timpisteach sa bhliain 2014, tá sé ró-ard fós i gcomparáid leis na meánfhigiúirí náisiúnta.


*Tograí don bhliain 2016:*

**Cúrsaí Oibríochtúla**

- Déanfar an Dréacht-Phlean athbhreithnithe Dóiteáin agus Oibríochtaí, ar cheadaigh an Coiste Beartais Straitéisigh maidir le Seirbhísí Tithíochta & Éigeandála é sa bhliain 2014, a athbhreithniú i gcomhthéacs KCS (Pobail a Choinneáil Sábháilte). Leagfar an dréacht nua faoi bhráid na Comhairle lena cheadú go foirmiúil ag deireadh na bliana 2015 nó ag tús na bliana 2016, agus déanfar toradh an phróisis athbhreithnithe agus aicmithe rioscaí don chathair agus don iarthar a léiriú sa dréacht sin.
- Féachfaidh an Chomhairle lena chinntiú go leanfaidh na daoine go léir d'fhoireann a cuid Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála oiliúint ag an leibhéal áitiúil de réir mar a tharla i mblianta roimhe seo. I gcomhar leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Pleanáil i leith Éigeandála, tabharfar oiliúint d'Oifigigh Dhóiteáin de réir an chláir bhliantúil oiliúna don bhliain 2016, ach sin faoi réir forálacha buiséadachta.
- Sa bhliain 2016, leanfaidh SOGanna Náisiúnta de bheith ina gcuid lárnach dár gcuid pleananna oiliúna ar fud na Cathrach agus an Chontae i gcás gach duine den phearsanra dóiteáin. Déanfar an chéad sraith eile SOGanna a chur i bhfeidhm sa bhliain 2016 agus tá Briogáid Dóiteáin na Gaillimhe ag leanúint den chlár náisiúnta a chur i gcrích go dtí go n-eiseofar SOGanna i lár na bliana 2016.
- Bainfear úsáid as an gCreat Náisiúnta 2010-2015 agus as "Pobail a Choinneáil Sábháilte", atá foilsithe ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta, mar eolas le haghaidh oibre eile atá le déanamh ag briogáid dóiteáin na Gaillimhe sa bhliain 2016.
- Tá sé beartaithe tús a chur le hoibríochtaí trí Sheirbhís Dóiteáin áirithinte nua a chur ar fáil sa Cheathrú Rua.
  Féach na FÍORACHA atá i gceangal leis seo chun na seanfhearainn, agus na fearainn nua, Stáisiúin Dóiteáin i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a fheiceáil, roimh 2016 agus tar éis 2016.



**Fíor  Na 10 bhfearann stáisiúin dóiteáin láithreacha**




Carraroe Station Ground and Populations from Census 2011

- **Fíor  AN 11 FHEARANN STÁISIÚIN DÓITEÁIN ATÁ BEARTAITHE, LENA nÁIRÍTEAR An Cheathrú Rua GY22**

**CAMP WEST**

- Tá Údaráis Dóiteáin Chonnacht agus Dhún na nGall agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don Iarthar páirteach sa tionscadal lárnach glao amach agus cumarsáide seo atá á reáchtáil ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo, ina cáil mar Údarás Conarthach, ó Lárionad Cumarsáide Réigiún an Iarthair (WRCC) i gCaisleán an Bharraigh. Bhí Otharsheirbhís Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don Iarthar tarraingthe siar ón WRCC faoi dheireadh mhí na Nollag 2014. Tiocfaidh méadú dá réir ar ranníocaíochtaí na gcomhpháirtithe Údaráis Áitiúil go léir chun t-easnamh atá ann d'éagmais ranníocaíocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chúiteamh. Tá gach ceann de na trí Thionscadal réigiúnach Camp á n-athbhreithniú faoi láthair ag NDFEM mar chuid de thionscadal nua CAMP II. Tá Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe – chomh maith le gach Seirbhís Dóiteáin eile de chuid Údarás Áitiúil - ag athrú chuig ardán náisiúnta nua digiteach ina gcuimsítear Raidió Soghluaiste Príobháideach (PMR) agus Feidhm Slógtha agus ar a dtugtar TETRA; tá sé comhchosúil le PESanna comhpháirtíochta e.g. na Gardaí agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS) a bhfuil athrú déanta acu cheana féin. Déanfar trealamh

cumarsáide ár gcuid stáisiún a athrú i stáisiúin dóiteáin na Gaillimhe sa bhliain 2016 mar chuid de Thionscadal CAMP II. Beidh impleachtaí airgeadais ag an athrú chuig córas TETRA do na seirbhísí Dóiteáin Údaráis Áitiúil go leir amach anseo ós rud é go mbeidh táille bhliantúil ann i leith gach feiste Tetra ar leith a úsáidtear agus beidh an táille sin le híoc le Tetra Ireland a ghnóthaigh an tionscadal náisiúnta cumarsáide digití do na seirbhísí éigeandála go leir in Éirinn.

**Tionscadal Réigiúnach maidir le Bainistíocht ar an Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla (CISM)**

- Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an tÚdarás Conarthach a dhéanfaidh córas CISM a chur i bhfeidhm sna 6 Údarás Dóiteáin i gConnachta agus i nDún na nGall. Tá socrú á dhéanamh i mbuiséid 2016 chun leanúint den tionscadal seo, agus Comhairle Chontae na Gaillimhe ag gníomhú mar údarás conarthach ina leith. Ina cáil mar Údarás Conarthach, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe conradh nua don Iarthar don tréimhse 2013-2016 a eisiúint chuig VHI mar sholáthraí CISM d'údaráis dóiteáin san IARTHAR agus i nDún na nGall tar éis comórtas tairisceana i ríomhthairiscintí sa tréimhse 2012-2013.
  Faoi láthair, tá athbhreithniú ar siúl ar chórais CISM a úsáideann seirbhísí dóiteáin údaráis áitiúil in Éirinn agus táthar ag súil le tuarascáil ina leith sin ag tús na bliana 2016.

| CHES: | DEIMHNITHE SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN AGUS INIÚCHTAÍ FSA 1981 |
|---|---|

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015 (bunaithe ar shonraí 2015/2015):***


- Sa bhliain 2014, rinne foireann choiscthe dóiteáin na Seirbhíse Dóiteáin **285** iniúchadh ar áitribh mar chuid dá Feidhm Choiscthe Dóiteáin faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin (FSA) 1981 & 2003, faoi na hAchtanna Ceadúnúcháin, faoi na hAchtanna Pleanála agus faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha agus **256** iniúchadh i ndáil le heisiúint Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (FSCanna) faoin Acht um Rialú Foirgníochta 1990. Phróiseáil an Roinn Coiscthe Dóiteáin **246** iarratas ar cheadúnais phoiblí sa bhliain 2014 agus tá **240** iarratas ar cheadúnais phoiblí próiseáilte acu go dtí seo sa bhliain 2015. Dhéileáil an Roinn Coiscthe Dóiteáin le **126** iarratas pleanála sa bhliain 2014 agus go dtí seo sa bhliain 2015 tá siad tar éis déileáil le **98** n-iarratas pleanála ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Dhéileáil an Roinn Coiscthe Dóiteáin le **231** Iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (FSC) sa bhliain 2014 faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta; bhain **132** iarratas díobh sin le limistéar an Chontae agus bhain **99** gcinn díobh le limistéar na Cathrach.


- Is mar a leanas atá an miondealú ar na cineálacha iarratas ar Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin a rinneadh sa Chathair agus sa Chontae, faoi seach, sa bhliain 2014:
    - FSC Caighdeánach 133 Iarratais
    - Deimhnithe Tabhairt Chun Rialtachta 54 Iarratais
    - FSC Fhógra 7 Lá 35 Iarratais
    - FSC Athbhreithnithe 9 Iarratais

Tá an líon seo a leanas Iarratas FSC de gach cineál faighte ag an Roinn Coiscthe Dóiteáin ó Eanáir go Deireadh Fómhair 2015: 85 don Chathair agus 132 don Chontae.

- Rinne oifigigh dhóiteáin **76** Iarratas ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas (**DACanna**) a phróiseáil thar ceann an Chontae sa bhliain 2014 agus tá próiseáil déantar ar **63** iarratas go dtí seo sa bhliain 2015.
- Lean Oifigigh Dhóiteáin d'iniúchadh a dhéanamh ar thithe altranais sa bhliain 2014 faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003 agus rinneadh iniúchtaí ar stórais mhiondíola peitriliam faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha 1972 & faoi na Rialacháin um Stórais Mhiondíola Peitriliam 1979.

    Féach na Fíoracha atá ag gabháil leis seo maidir leis an líon FSCanna, agus maidir leis na táillí FSC, a fuarthas sa Chathair agus sa Chontae sa tréimhse 2008-2014.




***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfaidh an fhoireann choiscthe dóiteáin de gach cineál iarratas ar FSCanna a phróiseáil thar ceann an Chontae agus na Cathrach agus de dheimhnithe DAC a phróiseáil thar ceann an Chontae.
- Próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais agus ar iarratais phleanála a fhaightear sa bhliain 2015.
- Leanfar den chlár iniúchtaí ar stórais mhiondíola peitriliam sa chathair agus sa chontae.
- Leanfar de phróiseáil a dhéanamh ar cheadúnais DSA do stórais mhiondíola peitriliam sa chathair agus sa chontae de réir mar a fhaightear iad.
- Leanfar d'iniúchadh a dhéanamh ar thithe altranais sa Chathair agus sa Chontae.
- Cuirfear tús le clár iniúchtaí ar bhrúnna agus ar óstáin sa chathair agus sa chontae.
- Déanfar iniúchtaí sa chathair agus sa chontae de bhun gearán, agus déanfar sin ar bhonn ord tosaíochta.

## COSAINT SHIBHIALTA NA GAILLIMHE

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Bhí bliain an-ghnóthach ag Cosaint Shibhialta na Gaillimhe trína 5 lárionad oiliúna i gCathair na Gaillimhe, in Órán Mór, i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe agus i gCluain Bheirn agus cuireadh gníomhaíochtaí dualgais agus oiliúint i gcrích, go háitiúil agus go lárnach, tríd an gColáiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré.
- Tá clár oiliúna faoi Chéad-Fhreagairt ar Chásanna Cairdiacha, faoi Gharchabhair Cheirde agus faoi Chéad-Fhreagairt Éigeandála ar siúl faoi láthair.
- Beidh gach aonad ag déileáil, ar bhonn leanúnach, le hiarrataí ón bpobal ar chúnamh le linn imeachtaí pobail áitiúil, agus soláthróidh siad clúdach garchabhrach agus cúnamh eile a iarrfar.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Beidh cúrsaí oiliúna sa bhliain 2016 dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar acmhainn Bainistíochta Cuardaigh agus ar oiliúint Mhear-Tharrthála Uisce do dhaoine a ghlacann páirt i gcúrsaí a reáchtálann an Coláiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré.
- Bíonn fáilte roimh bhaill nua ón bpobal i gcónaí agus déanfaidh ár lucht oiliúna oiliúint den chaighdeán is airde a thabhairt do gach ball.

# AN tAONAD AIRGEADAIS

**Luach ar Airgead, Seirbhísí Comhroinnte agus Soláthar Poiblí**

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Baineadh úsáid as cur chuige láraithe ag leibhéal Ceantair Bhardasaigh le haghaidh comórtas tairisceana ar SupplyGov.ie i gcomhair Ábhar Marcála Bóithre agus Fruiliú Gléasra don bhliain 2015 agus rinneadh torthaí Miontairiscintí a scaipeadh ar na réimsí innealtóireachta iomchuí.
- Cuireadh 133 RFT agus 54 RFQ isteach in **SupplyGov.ie** (LA Quotes) go dtí seo in 2015. Rinneadh 44 Thairiscint a phróiseáil trí **eTenders** freisin.
- Tá roinnt athruithe agus breisithe ann maidir le Creata SupplyGov don bhliain 2015. Scaipeadh na mionsonraí ina leith sin ar dhaoine iomchuí den fhoireann. I rith na bliana 2015, bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe ag obair in éineacht le LGOPC maidir leis na creata seo a leanas:
    - Seirbhísí Fruiliú Gléasra, Ábhair Mharcála Bóithre – Soláthar amháin, Ábhair Mharcála Bóithre – Soláthar & Socrúchán, Athbhunú Cosán & Pábhála Bóthair, Réamh-Mheascán & Breiseáin Choincréite (Soláthar amháin)
- Ina theannta sin, bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe ag obair leis an OGP maidir leis na Conarthaí agus na Creataí Náisiúnta seo a leanas: Bulc-Bhreosla, Leictreachas, Gás Nádúrtha, Cártaí Breosla, Staiseanóireacht, Clúdaigh, Páipéar Cóipeála, Trealamh Cosanta Pearsanta, Feighlíocht.
- I rith na bliana 2015, lean muid d'úsáid a bhaint as Tairseach Lighthouse BCS chun idirbhearta a phróiseáil chuig Agresso. Tá muirear cothromráta bliantúil €6,000 ann anois chun an córas seo a úsáid. Faoi láthair, tá 167 gCárta Ghníomhacha againn mar aon le caiteachas go dtí seo in 2015 €759K agus tá 8,159 n-idirbheart próiseáilte go dtí seo in 2015 againn.
- Tharla moill mhór leis an gconradh nua náisiúnta do PPE (Trealamh Cosanta Pearsanta) agus do Sholáthairtí Feighlíochta. Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ag an OGP ar na freagraí ar RFTanna agus is ceart go mbeidh conarthaí nua ann ag tús na bliana 2016. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis fadú sealadach na socruithe láithreacha a chomhaontú leis na soláthraithe náisiúnta reatha.
- Staiseanóireacht: Thit an conradh náisiúnta reatha as a chéile i Meán Fómhair. Tá an OGP ag reáchtáil Comórtas nua faoi láthair. D'eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe socrú sealadach tar éis próisis comórtais idir trí sholáthraí áitiúla agus an soláthraí láithreach.
- Bulc-Bhreosla: Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe d'úsáid a bhaint as creat náisiúnta an OGP.

- Cártaí Dochair Breosla: Faoi láthair, tá 219 gcárta ghníomhacha breosla againn lena ngabhann caiteachas €568K go dtí seo in 2015 ina gcuimsítear 8,625 idirbheart i 70 Garáiste. Ar bhonn mheándifríocht 5 Cent idir praghsanna in ionaid éagsúla, is ionann sin, nuair a chuirtear an lascaine i bhfeidhm, agus sábháil €24.5K go dtí seo i mbliana nó sábháil €26.7K i mbliain iomlán.
- Seisiún Oiliúna/Faisnéise: D'eagraigh an tOifigeach Soláthair cúrsa oiliúna ardleibhéil dhá lá maidir le soláthar ag deireadh mhí na Samhna. Tá an cúrsa dírithe ar fhoireann bhainistíochta ag an leibhéal sinsearach agus ag an leibhéal meánach. Beidh Achilles ag soláthar na hoiliúna agus tá tuairim is 21 duine den fhoireann chun freastal air.
- Bailiú Airgid Thirim: Faoi láthair, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag oibriú ar bhonn conartha rollaigh. Rinne an OGP (Oifig Soláthair an Rialtais) RFT a fhoilsiú le déanaí le haghaidh Seirbhísí CIT.
- Ciorclán 16/13: I Meán Fómhair 2013, d'eisigh an OGP (Oifig Soláthair an Rialtais) Ciorclán 16/13 i ndáil le Conarthaí Náisiúnta a úsáid. Tá ábhar an chiorcláin sin curtha san áireamh i mBeartais Soláthair Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Ciorclán 10/14: I gcomhthéacs an athchóirithe ar an tSeirbhís Phoiblí agus bhunú Oifig Soláthair an Rialtais, cinneadh uasdátú agus neartú a dhéanamh bhearta atá dírithe ar rannpháirtíocht SME sa Soláthar Poiblí a éascú chun feidhmiú na mbeart sin a threisiú ar fud na hearnála poiblí.
- Tuairisceáin Sonraí: Rinneadh na tuairisceáin sonraí go léir a éilíonn an LGER agus OGP a chomhlánú agus a chur ar ais.
- Tá obair shuntasach déanta ar leibhéal coiste agus tá formáid nua do Chódú Náisiúnta Táirge beagnach réidh. Tá struchtúr nua códaithe curtha i ngníomh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Beidh forbairtí eile ann i rith na bliana 2016.
- Seisiún Eolais – SMEanna – LEO: Rinneadh seisiún eolais i ndáil le Soláthar agus Gnóthú Conarthaí a sheoladh i mí Dheireadh Fómhair agus d'fhreastail tuairim is 50 cuideachta air. Fuarthas aiseolas dearfach ina leith agus déanfar tuilleadh eolais a sholáthar.
- *Meet West*: Bhí sé seo ar siúl ar an 18 agus ar an 19 Samhain agus bhí os cionn 400 cuideachta cláraithe lena aghaidh. Rinne Oifigeach Soláthair Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2 X 10-1 Seisiún Eolais a sholáthar do chuideachtaí rannpháirteacha.
- Córas Bainistithe Conarthaí - LGSPC: Tá obair ag leanúint ar aghaidh ar fhorbairt Córais Bainistithe Conarthaí.
- Cód maidir le Caiteachas Poiblí: Táthar tar éis córas nua rianaithe gach gné den chaiteachas feadh a shaolré ar fad a chur i bhfeidhm. Go bunúsach, glacann sé ionad na staidéar go léir faoi luach ar airgead. Rinneadh an chéad tuarascáil faoin gcód maidir le caiteachas poiblí a eisiúint chuig NOAC ag deireadh mhí Mheán Fómhair. Is ceanglas é sin a bheidh ann amach anseo,

- Ciorclán Fin 07/2012: Faoin bPlean maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí – Tá liostú ráithiúil Orduithe Ceannaigh os cionn €20k foilsithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.

***Tograí don bhliain 2016:***

- SupplyGov.ie – oiliúint bhreise a eagrú gach daoine iomchuí den fhoireann.
- Úsáid SupplyGov agus eTenders a leathnú ar fud na heagraíochta.
- Monatóireacht, rialú ar Chonarthaí Náisiúnta, agus laghdú ar neamhchomhlíonadh Conarthaí Náisiúnta, ar conarthaí iad a bhfuil OGP agus LGOPC araon i gceannas orthu, go háirithe a mhéid a bhaineann le Ciorclán 16/13.
- Tuilleadh oiliúna foirne a dhéanamh i ndáil le soláthar i gcoitinne.
- Teagmháil a dhéanamh leis na geallsealbhóirí go leir chun a chinntiú go ndéantar gach gné den Chód maidir le Caiteachas Poiblí a chur i gcrích.
- Mionsonraí faoi Chreata Náisiúnta agus faoi Chonarthaí Náisiúnta a fhoilsiú; i dtaca leis sin de, tá Saoráid nua Soláthair Eislín LGMA ar fáil anois do dhaoine iomchuí den fhoireann.
- Uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid Cártaí Breosla chun ionad Chártaí LVP a ghlacadh agus an líon Cártaí LVP a laghdú.
- Torthaí RFTanna SupplyGov a fhoilsiú ar an Inlíon ar mhaithe le húsáid níos leithne ag daoine den fhoireann
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chóras na gCártaí Ceannaigh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacháin Inmheánacha Airgeadais Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le Soláthar.
- An Struchtúr nua Códaithe Táirge a thabhairt isteach in Agresso; dul i dteagmháil leis an LGSPC maidir le tabhairt isteach próisis nua maidir le Sainaithint Soláthraithe.
- Leanúint de bheith ag iarraidh laghdú a dhéanamh ar an líon foriomlán Orduithe Ceannaigh a ghintear trí úsáid a bhaint as Cártaí LVP & Breosla.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Doiciméad Beartais maidir le Soláthar Corparáideach agus Plean nua maidir le Soláthar Corparáideach a bheith ann i gcomhréir le Treoir Nua 2014/24 AE a trasuífear isteach i ndlí na hÉireann faoi Aibreán 2016.
- Anailís a dhéanamh ar phróifíl chaiteachais 2015 d'fhonn tionscnaimh ionchasacha Sábhála Costas a shainaithint i gcomhréir le creata agus conarthaí OGP agus LAQuotes.
- Teagmháil a dhéanamh le LGOPC agus le OGP agus a chinntiú go ndéantar na Ciorcláin, na Treoirleabhair agus treoracha go léir a scaipeadh agus a chur i bhfeidhm.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chothabháil agus ar shuiteáil Soilsiúcháin Phoiblí i dtaca le soilse LED a sholáthar.

- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an bhFoireann nua Tionscadail i ndáil le Milestone 4.

## Íocaíochtaí a Dhéanamh

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Cur i bhfeidhm leantach modhanna leictreonacha íocaíochta/uasghrádaithe chun comhlíonadh ríomh-Íocaíochtaí a chinntiú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dea-chleachtais, agus leanúint de dhea-chleachtas a chur i bhfeidhm, sna feidhmeanna Cuntas Iníoctha & Párolla araon
- Cur i bhfeidhm leantach Treoracha atá eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim
- A chinntiú go gcomhlíonann feidhm na gCuntas ceanglais BPI

***Tograí don bhliain 2016:***

- Comhoibriú le Cur i bhFeidhm thionscadal Milestone 4
- Tionscnaimh leictreonacha, amhail ríomh-Imréiteach Cánach & ríomh-PSWT a chur i bhfeidhm

**Bailiú Ioncaim**

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Athbhreithniú leantach ar an bhfeidhm bailithe ioncaim – chun a chinntiú go mbaintear dea-chleachtas amach agus go ndéantar aon sruth nua ioncaim a ionchorprú go héifeachtach.
- Breithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil Athbhreithnithe ar Bhainistiú Fiachais don tSeirbhís Phoiblí – BearingPoint Ireland 2014.
- Úsáid a bhaint as córas ASCENDAS maidir le bainistiú dliteanas ráta tráchtála agus riaráistí cíosa.
- Cur i bhfeidhm an chórais nua maidir le Rabhadh Tionóntachta chun ionad an nós imeachta maidir le Fógra Fágála a ghlacadh – de réir mar a cheanglaítear le hAcht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014
- Breithniú ar reachtaíocht nua a bhfuil tionchar aici ar bhailiú ioncaim – Acht na gCuideachtaí 2014 (a tháinig i bhfeidhm ar an 1-6-2015), an tAcht um Fhiachas Sibhialta (Nósanna Imeachta) 2015, na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 & 2015 & an tAcht Luachála (Leasú) 2015.
- Breithniú ar sheirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí/gníomhaireachtaí gairmiúla ar féidir leo cúnamh a thabhairt maidir le bailiú ioncaim.
- Cur i bhfeidhm leantach modhanna leictreonacha íocaíochta e.g. Billpay, Buiséad Teaghlaigh, EFT, saoráid íocaíochta ar líne etc mar éascaíocht do chustaiméirí.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Monatóireacht agus uasdátú a dhéanamh ar an bhfeidhm bailithe ioncaim i dtaca le dea-chleachtas de.
- Leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta bailithe fiach, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí gairmiúla.
- Leathnú an rogha maidir le híocaíochtaí ar líne, le go mbeidh íocaíochtaí i leith Táillí Pleanála, Táillí Dóiteain, RAS, PEL etc. san áireamh.
- Leanfaidh an tAonad den rogha Bill Pay a thairiscint do chustaiméirí Cíosa, Iasachta, RAS agus Rátaí.
- Tuilleadh oiliúna a sholáthar don fhoireann maidir le reachtaíocht nua a bhfuil tionchar aici ar chúrsaí ioncaim.

## Córais Mhótarchánach agus Cheadúnaithe Tiománaithe

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Mar thoradh ar achomharc chuig an gCúirt Uachtarach i mí Dheireadh Fómhair 2015 as ar éirigh breithiúnach á rá nach raibh aon chreat dlíthiúil ann chun mótarcháin a thobhach ar chomh-mheáchan aonaid an tarracóra agus an leantóra atá ann i dtrucailí altacha, chuir an tAonad Beartais Mótarchánach in iúl do gach Oifig Mhótarchánach go mbeidh mótarcháin do na feithiclí sin bunaithe ar aonad an tarracóra amháin agus go ndéanfaí an cháin sin a mhuirearú, go dtí go dtabharfaí fógra eile ina leith, de réir an ráta ghinearálta do tharracóirí tarlaithe, is é sin, €333.
- Phróiseáil Oifigí Mótarchánach na Gaillimhe 103,745 idirbheart suas go deireadh Mheán Fómhair 2015 agus bhí suim €19.6m i gceist leis na hidirbhearta sin (sa tréimhse chéanna sa bhliain 2014, próiseáladh 115,859 n-idirbheart agus bhí suim €22m i gceist leis na hidirbhearta sin).
- Rinneadh 61% den ghníomhaíocht iomlán mhótarchánach i gceantar na Gaillimhe a chur i gcrích ar líne go dtí seo sa bhliain 2015 - sin méadú 56% i gcomparáid leis an mbliain 2014.
- Tá 5,221 dearbhú maidir le neamhúsáid taifeadta go dtí seo sa bhliain 2015. Rinneadh an teorainn ama ar laistigh di nach mór do chustaiméir dearbhú a dhéanamh maidir le neamhúsáid a mhéadú ó 10 lá go 21 lá ó dháta cláraithe feithicle nua nó feithicle allmhairithe nó ó dháta ceannaithe feithicle athláimhe.
- Tar éis do Chór Tráchta an Gharda Síochána a fháil amach go bhféadfadh sé go raibh dearbhú calaoiseach maidir le hathrú innill á dhéanamh i leith só-fheithiclí paisinéara áirithe le roinnt blianta anuas, rinneadh nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le dearbhú athraithe innill a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta agus iarradh ar gach Oifig Mhótarchánach na doiciméid a bhí acu a athbhreithniú. Chuir an Garda Síochána tuairim is 50 cás faoi bhráid na hoifige seo agus tá tromlach na gcásanna sin réitithe anois, agus na mionsonraí cearta innill daingnithe ina leith agus an mhótarcháin gann-dearbhaithe aisíoctha i gcás inar cruthaíodh go ndearnadh dearbhú calaoiseach.
- I rith na bliana, chuir Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tús le hathbhreithniú ar an gcóras mótarchánach trí suirbhé leictreonach a scaipeadh ar gach Oifig Mhótarchánach. Ba é a bhí i gcuspóir sonraithe an athbhreithniú ná faisnéis a bhailiú faoi chostais phá agus neamhphá agus faoi chleachtais oibriúcháin údarás áitiúil nuair atá iarratais mhótarchánach á bpróiseáil acu.

*Tograí don bhliain 2016:*

- Tar éis comhairle a ghlacadh leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, chinn an CCMA (Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach) go ndéanfadh gach údarás áitiúil breithniú i dtaobh an ndéanfaí a gcuid comhad ceadúnais tiomána a dhiúscairt, agus tá tús á chur le socruithe anois chun na comhaid go léir atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a dhiúscairt.
- Tá obair ar siúl i gcónaí ar thaifid feithicle a aisghabháil agus a tharraingt le chéile as ionad stórála chun clár inrochtana ina bhfuil seantaifid feithicle a chruthú.
- Mar a fógraíodh sa bhuiséad náisiúnta, déanfar na rátaí le haghaidh feithiclí troma earraí a laghdú, le héifeacht ón 1 Eanáir 2016, ó 18 mbanda éagsúla go dtí 3 cinn, agus déanfar an ráta uasta a laghdú ó €5,195 go €900.
- Leanfar de gach iarratas agus gach seirbhís i ndáil le mótarcháin a phróiseáil i gcomhréir le beartas agus nósanna imeachta náisiúnta maidir le mótarcháin.

**Córais Bhainistíochta Airgeadais**

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Baineadh éifeachtúlachtaí breise amach maidir leis na nithe seo a leanas: Córas dréachtaithe buiséid (Buiséadú/Réamhaisnéisiú de réir Eilimint Chuntais, rialuithe breise).
- Baineadh éifeachtúlachtaí breise amach maidir leis na nithe seo a leanas: córas le haghaidh éileamh maidir le taisteal & cothú.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Uasghrádú Agresso, Milestone 4, a chur i bhfeidhm.
- Leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar an Modúl Féichiúnaithe.
- Aon uasghráduithe breise a chur i bhfeidhm sa Chóras Bainistíochta Airgeadais.

***Córais Teicneolaíochta Faisnéise***

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Mar thoradh ar an rath a bhain le tionscadal píolótach Office 365, tá tús curtha lena chur ar fáil san eagraíocht ina hiomláine. Faoi dheireadh na bliana 2015, beidh sé curtha i bhfeidhm i roinnt rannóg, lena n-áirítear TF, Comhairleoirí, LEO agus Tithíocht.
- Cuireadh obair i gcrích i ndáil le roinnt feabhsúchán ar naisc WAN, lena n-áirítear an Gort, an Clochán, an Cheathrú Rua agus Baile Átha an Rí.

- Uasghrádaíodh roinnt freastalaithe de bharr deireadh a bheith tagtha le saolré chóras oibriúcháin Microsoft Windows Server 2003.
- Tugadh isteach *Hybrid Cloud*. Tá Microsoft Azure á úsáid faoi láthair chun ár láithreán gréasáin poiblí agus ár n-eislíon a óstáil.
- Chuir na foirne GIS agus Forbartha tacaíocht ar fáil le linn na héirchóid a thabhairt isteach.
- Rinneadh an próiseas tairisceana le haghaidh uasghrádú an Chroí-Laisc a chur i gcrích agus tá bonneagar nua curtha i bhfeidhm.
- Soláthraíodh tacaíocht TF i ndáil le roinnt tionscadal tábhachtach, lena n-áirítear athchóiriú Sheomra na Comhairle agus Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe.
- Cuireadh Córas Tuairiscithe Spásúil i bhfeidhm sa rannóg pleanála chun déileáil le hábhair tharchurtha
- Láithreán 'Sonraí Saor-Rochtana' Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur i bhfeidhm agus naisc ann leis an láithreán náisiúnta sonraí saor-rochtana
- Athdhearadh agus lainseáladh tairseach nua na gComhaltaí Tofa. Cumasaíonn an tairseach nua riaradh agus scaipeadh doiciméad tacaíochta a bhfuil gá leo le haghaidh cruinnithe de chuid na Comhairle agus na gCeantar Bardasach.
- Uasghrádaíodh an t-inlíon. Athdhearadh an t-inlíon ar bhonn na smaointe/na faisnéise a fuarthas ón idirghníomhaíocht le roinn ranna ar fud na heagraíochta.
- Forbraíodh áirge Phleanála/Thuairiscithe Gnó Chorparáidigh lena ngabhann Clár Rioscaí. Bainfear úsáid as an gcóras sin i gcomhair thimthriall phlean gnó 2016. Agus sinn ag glacadh leis go n-éiríonn le cur i ngníomh an chórais, is féidir é a fhorbairt tuilleadh chun doiciméid, monatóireacht agus tuairisciú CBFF a bhainistiú.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Bailchríoch a chur ar Office 365 a chur ar fáil do na húsáideoirí go léir nach bhfuil sé acu fós.
- Leathnú a dhéanamh ar ár néalbhonneagar poiblí chun sruthlíniú a dhéanamh ar na riachtanais i ndáil lenár mbonneagar inmheánach agus le hathshlánú tar éis tubaiste sula ndéantar an chéad mhór-athnuachan crua-earraí eile.
- Leanúint de chlár feabhsaithe an bhandaleithid WAN, agus an bhéim á díriú ar Oileán Altanach, ar Bhaile Locha Riach agus ar láithreáin eile a bhfuil malairtí réasúnacha, i gcomparáid lena bhfuil ann faoi láthair, á moladh acu.
- Uasghrádú a dhéanamh ar na freastalaithe deireanacha atá ag brath ar chóras oibriúcháin Windows Server 2003.
- Tacaíocht TF a sholáthar i ndáil le cur i bhfeidhm uasghrádú Agresso, Milestone 4.
- Tacaíocht TF a sholáthar i ndáil le cur i bhfeidhm an Chórais Náisiúnta Bainistíochta Leabharlainne.
- Tús a chur leis an athrú chuig Windows 10.
- Leanúint de chur i bhfeidhm éirchód ar fud na heagraíochta
- Tuairisciú suíomh-bhunaithe Fíor-Ama a thabhairt isteach don Phobal agus don fhoireann

## *AN tAONAD PLEANÁLA, FIONTRAÍOCHTA POBAIL & FORBARTHA EACNAMAÍOCHTA*

### *Pleanáil i ndáil le Forbairt Inbhuanaithe*

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tá 1365 iarratas pleanála faighte go dtí seo (an 5 Samhain 2015).
- Rinneadh an Plean Forbartha Contae, na hAguisíní agus na doiciméid Chomhshaoil/Tacaíochta a ghlacadh ar an 26 Eanáir 2015 agus tháinig siad i bhfeidhm ar an 23 Feabhra 2015.
- Glacadh Plean Cheantar Áitiúil Áth Cinn ar an 28 Meán Fómhair 2015 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 26 Deireadh Fómhair 2015.
- Glacadh Plean Cheantar Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe ar an 19 Deireadh Fómhair 2015 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 15 Samhain 2015.
- Déanfar Dréacht-Phlean Cheantar Áitiúil Phort Omna a bhreithniú ag Cruinniú Míosúil na Comhairle Contae i mí na Samhna.
- Rinneadh scagadh agus tuarascálacha i ndáil leis an Measúnacht Timpeallachta Straitéiseach a ullmhú go hinmheánach i gcomhair Phleananna Cheantair Áitiúla Áth Cinn, Bhéal Átha na Sluaighe & Phort Omna.
- Cuireadh tús le Scagadh Timpeallachta Straitéiseach & leis an Tuarascáil ina leis an Dréacht-Phlean Eacnamaíochta Pobail Áitiúil.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanúint de chur i bhfeidhm chuspóirí Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021
- Bailchríoch a chur ar Phlean Cheantar Áitiúil Phort Omna agus ar dhoiciméid ghaolmhara.
- Saolré Phlean Cheantar Áitiúil Thuama a fhadú nó tús a chur leis an athbhreithniú ar an bplean sin.
- Tús a chur le Pleananna nua Ceantair Áitiúil maidir le hUachtar Ard agus Baile an Chláir chun a chinntiú go bhfuil cuspóirí na bPleananna Ceantair Áitiúil i gcomhréir le Cuspóirí agus le Croí-Straitéis Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.
- Bailchríoch a chur ar an Tuarascáil Timpeallachta Straitéiseach don Phlean Eacnamaíochta Pobail Áitiúil.
- Tús a chur leis an Straitéis maidir le Fuinneamh In-Athnuaite.
- Tús a chur leis an Straitéis maidir le Cúrsaí Miondíola i gcomhairle le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

- Aistriú gach beartais nua (athruithe ar an bPlean Forbartha Contae, Pleananna iomchuí Ceantair Áitiúil) a eagrú agus a bhainistiú de réir na Scéime Teanga.

## Rialú Foirgníochta/Glacadh Faoi Chúram

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tá 351 fhógra tosaithe faighte suas go dtí an 5 Samhain 2015
- Lean Oifigeach Rialaithe Foirgníochta d'fhorbairtí atá tosaithe a iniúchadh i ndáil le comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta.
- Lean an tAonad d'fhaireachán agus de phróiseáil a dhéanamh ar iarratais maidir le heastáit a Ghlacadh faoi Chúram de réir na dtreoirlínte nua, 'Forbairtí a Ghlacadh Faoi Chúram, atá glactha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Rinneadh bunachar sonraí ina luaitear 398 n-eastát sa Chontae a thiomsú d'fhonn stádas reatha gach ceann ar leith acu a leagan amach agus liosta tosaíochta a dhéanamh i ndáil le heastáit atá le Glacadh faoi Chúram.
- Go dtí seo i mbliana, rinneadh 12 Eastát Tithíochta a ghlacadh faoi chúram.
- Go dtí seo sa bhliain 2015, tá 9 n-iarratas nua ar Ghlacadh faoi Chúram déanta.
- Leanann an fhoireann Rialaithe Foirgníochta de bheith ag obair i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil agus leis an Údarás Sláinte & Sábháilteachta chun deireadh a chur le rioscaí sábháilteachta ar eastáit neamhchríochnaithe.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Tá sé beartaithe leanúint de mheasúnacht agus próiseáil a dhéanamh ar iarratais maidir le glacadh faoi chúram de réir na n-acmhainní atá ar fáil sa bhliain 2016 d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar chur chuige foriomlán i ndáil le heastáit tithíochta neamh-chomhlíontacha agus neamhchríochnaithe.
- Leanúint d'idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn agus le gníomhaireachtaí iomchuí eile maidir le hEastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe.

## Bearta Forfheidhmiúcháin

***Gníomhaíochtaí tábhachtacha sa bhliain 2015:***

- Bhí 147 Fógra/Litir Rabhaidh seirbheáilte suas go dtí an 23 Deireadh Fómhair 2015.
- Bhí 55 Fógra Forfheidhmiúcháin seirbheáilte suas go dtí an 23 Deireadh Fómhair 2015.
- Bhí 16 Comhad tarchurtha i gcomhair caingne dlí suas go dtí an 23 Deireadh Fómhair.
- Bhí 187 Comhad Nua oscailte suas go dtí an 23 Deireadh Fómhair 2015.
- Bhí tuairim is 94 Comhad Forfheidhmiúcháin réitithe/dúnta suas go dtí an 23 Deireadh Fómhair 2015.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Tá sé beartaithe leanúint d’acmhainní a sholáthar don Fhoireann Forfheidhmiúcháin chun cur i bhfeidhm na Rialachán Foirgníochta a áirithiú sa bhliain 2016.
- Tá sé beartaithe leanúint de scrúdú a dhéanamh ar sheanchomhaid forfheidhmiúcháin d’fhonn iad a dhúnadh más cuí sin.
- Liosta tosaíochta a tharraingt suas i ndáil le heastáit tithíochta neamhchríochnaithe ar gá gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh ina leith.

## Cúrsaí Oidhreachta

***Gníomhaíochtaí tábhachtacha sa bhliain 2015:***

- Tionscadal Oidhreachta Loch Deirgeirt – Lainseáil *‘Go Wild in Lough Derg’* – rian oidhreachta nádúrtha, agus seimineár gaolmhar i Lárionad Theach na mBocht i bPort Omna ar an 30 Aibreán. D’fhreastal thart ar 100 duine ar an seoladh agus ar an seimineár. Seachtain Oidhreachta – Turas Bus *‘Go Explore: Lough Derg’*, ar an 27 Lúnasa 2015, ó Lárionad Theach na mBocht i bPort Omna, timpeall an locha agus ar ais go dtí Port Omna. Bhí 44 dhuine páirteach sa turas bus. Rinneadh obair ar Rian Cultúir le haghaidh Loch Deirgeirt, fuarthas seirbhísí ó Shainchomhairleoir oidhreachta maidir leis an téacs a scríobh. Beidh an leabhrán á chló i mí na Samhna/Nollag 2015. Scrúdú á dhéanamh ar na féidearthachtaí i ndáil le Tionscadal LIFE do Loch Deirgeirt. Clár oibreacha a thiomsú don bhliain 2016.
- Rian Oidhreachta Eaglasta do Thoghlimistéar Bhéal Átha na Sluaighe – Rinneadh iniúchadh oidhreachta eaglasta do Thoghlimistéar Bhéal Átha na Sluaighe agus bailíodh doiciméid agus cruthaíodh bunachar sonraí maidir leis an saothar saibhir ealaíne atá ann sna heaglaisí.

- Céim 2 den Chúrsa *'Reading the Landscape'*: Rinneadh obair i gcomhar le roinnt grúpaí pobail a bhí páirteach i gCéim 1 den Chúrsa agus, chomh maith leis sin, le daoine nua atá ag obair ar thionscadail oidhreachta sa chontae. D'fhoghlaim siad scileanna a bhaineann le hobair allamuigh agus baineadh úsáid astu chun ábhar a uaslódáil chuig an láithreáin gréasáin nua oidhreachta pobail. Lainseáladh leabhar *'Reading the Landscape'* i Mionlach i mí Mheán Fómhair.
- Tionscadal Seandálaí Pobail – Is é atá i ról an tSeandálaí Pobail na comhairle agus faisnéis a sholáthar faoi chúrsaí seandálaíochta sa chontae. Tá an Seandálaí Pobail ag dul i mbun tionscadal seandálaíochta pobail i gceantar Shliabh Eachtaí den Chontae, sa Ghráig, i dTuaim, i Maigh Cuilinn etc. I rith na bliana, seoladh roinnt seimineár ar éirigh go han-mhaith leo.
- An Tionscadal Bithéagsúlachta – Oibríonn an tionscadal mar Thionscadal Comhpháirtíochta idir an Chomhairle Contae, tríd an Oifig Oidhreachta, agus Aonad na hÉiceolaíochta Feidhmí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i gcomhar le Fóram Forbartha Tuaithe na Gaillimhe agus Oidhreacht Chontae na Gaillimhe, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Lorgaíodh maoiniú chun tuarastal agus forchostais i ndáil leis an mBainisteoir Tionscadail a íoc agus chun dul i mbun tionscadal amhail tuilleadh Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a ullmhú do bhailte agus do shráidbhailte sa chontae, straitéis maidir le speicis ionracha a fhorbairt, plean bainistithe/caomhnaithe reiligí i ndáil le líon airithe reiligí, agus clár oideachais agus feasachta a sholáthar do phobail an chontae.
- Lá na mBailte Múrtha i mBaile Átha an Rí – Mheall an t-imeacht seo thart ar 5000 duine agus bhí sé ar siúl ar an Domhnach, an 23 Lúnasa. Ba é ab aidhm don lá na oidhreacht shaibhir Bhaile Átha an Rí a chur ar taispeáint.
- Rinneadh an Chomhdháil dar teideal '*Athenry Irelands Town Walls: Past, Present and Future'* a sheoladh ar an 18 Meitheamh 2015 in Ionad Pobail Bhaile Átha an Rí. Bhí os cionn 80 duine i láthair ag an imeacht seo agus rinneadh an leabhrán dar teideal *'Athenry Town: Past, Present and Future'* a sheoladh lena linn freisin.
- Oibreacha Caipitiúla ar Bhallaí Bhaile Bhaile Átha an Rí – fuarthas maoiniú ón gComhairle Oidhreachta i leith an tionscadail seo. Díríodh obair na bliana 2015 ar an túr theas agus ar na ballaí atá i gceangal leis. Rinneadh oibreacha caomhantais.
- Tionscadal Múnlúcháin 3 D Bhaile Meánaoiseach Bhaile Átha an Rí & Bhaile Meánaoiseach Bhaile Locha Riach: Rinne an Oifig Oidhreachta obair in éineacht le Coiste Lá Bhaile Mhúrtha Bhaile Átha an Rí agus le Coiste Cúrsaí Meánaoiseacha Bhaile Locha Riach ar fhorbairt Chéim 3 de mhúnla 3d den dá bhaile sin. Realsim a rinne an obair i leith na múnlaí.

- Plean Caomhantais, Bainistíochta agus Léirmhíniúcháin Bhaile Meánaoiseach Bhaile Locha Riach. Rinneadh iarratas ar mhaoiniú chuig an gComhairle Oidhreachta don tionscadal seo, lorgaíodh aighneachtaí agus rinneadh measúnacht ar na haighneachtaí a fuarthas. Tá obair ar siúl le Grúpa Fhéile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach agus leis na sainchomhairleoirí maidir le forbairt an Phlean.
- Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach: Ba é Coiste Fhéile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach a reáchtáil an t-imeacht 3 lá seo i gcomhar leis an Oifig Oidhreachta ón 28 Lúnasa go dtí an 30 Lúnasa agus d’fhreastail os cionn 15,000 duine air. Bhí imeachtaí ann ar fud an bhaile agus iad dírithe ar fheasacht, eolas agus tuiscint a chruthú faoi oidhreacht shaibhir mheánaoiseach Bhaile Locha Riach.
- Deich mBliana na gCuimhneachán: Tuilleadh forbartha ar thionscadal mapála cuimhne agus ar láithreán gréasáin dátheangach i gcomhair Dheich mBliana na gCuimhneachán. Cuireadh tús le foilseachán don bhliain 2016, is é sin, foilseachán maidir le 1916. Soláthraíodh cúnamh do RTÉ maidir le cláir faoi 1916 a scannánú sa Chontae.
- Iontaobhas agus Tionscadal na nIolar Mara: Freastalaíodh ar chruinnithe agus tugadh ionchur de réir mar ba ghá maidir le hIolair Mhara i gContae na Gaillimhe, go háirithe ar láithreán Phort Omna.
- Tairiscint i ndáil le Príomhchathair an Chultúir 2020 – Freastalaíodh ar chruinnithe a bhain leis an tairiscint i ndáil le Cathair an Chultúir agus eagraíodh roinnt cruinnithe agus imeachtaí i gcomhair leis an earnáil oidhreachta agus le hoifig Ghaillimh 2020.

- Imeachtaí Pobail – sa bhliain 2015, freisin, tugadh cúnamh, comhairle agus tacaíocht do líon mór imeachtaí Baile agus Pobail. I Meán Fómhair, seoladh deireadh seachtaine móréilimh 'Féile na gCloch' in Inis Oírr agus d'fhreastail os cionn 65 rannpháirtí as gach cearn den domhan ar an gceardlann deireadh seachtaine maidir le ballaí cloiche. Seoladh cuid mhór imeachtaí oidhreachta i rith na Seachtaine Oidhreachta i mí Lúnasa. D'eagraigh an Rannóg Oidhreachta turais don tSeachtain Oidhreachta: *Discover Connemara* agus Turas ar Bhaile Locha Riach Meánaoiseach. Bhí os cionn 50 rannpháirtí ann i ngach turas ar leith. I gcomhar le Bailte Slachtmhara Bhaile an Mhuilinn, forbraíodh iniúchadh oidhreachta don cheantar agus rinneadh obair ar bhróisiúr oidhreachta, aip, léarscáil-chlár etc a ullmhú. Tugadh cúnamh do Bhailte Slachtmhara Thuama maidir le forbairt rian baile. Tugadh cúnamh do Ghrúpa Oidhreachta Chill Íomair maidir le forbairt láithreáin gréasáin agus leathanach Facebook agus, freisin, maidir le hábhar do na nithe sin. Tugadh cúnamh do Bhailte Slachtmhara Bhéal Átha Ghártha maidir le tionscadail éagsúla, lena n-áirítear tionscadal ainmnithe sráideanna agus tionscadal geataí. Tugadh comhairle agus cúnamh d'Órán Mór, do Chorr na Móna, do Mheáraí, do Pháirc na Sceach, do Leitir Fraic, do Bhaile Liam, do Chluain Tuaiscirt, d'Inis Oírr, do Chill Fhir Iarainn, don Mhainistir, do Ghrúpa Chogadh Domhanda I i nBéal Átha na Sluaighe, do Ghrúpa Ada English, do Ghrúpa Oidhreachta Ospidéal N Bríd, do Ghrúpa Oidhreachta Mhaigh Cuilinn, do Chumann Shean-Tuama, do Scoil Náisiúnta Ghlinsce, agus do Ghrúpaí Oidhreachta Dhroichead an Chláirín, do Scoil an Ghoirt Mhóir, Ros Muc, do Mhúsaem agus Grúpa Oidhreachta Bhaile Chláir maidir le tionscadail agus taighde faoi oidhreacht áitiúil.
- Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe: Tionóladh cruinnithe agus leagadh amach clár oibre agus cuireadh sin i bhfeidhm.
- Coiste Logainmneacha: ball de Choiste Logainmneacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus soláthraíodh comhairle agus rinneadh measúnacht ar thograí maidir le hainmneacha d'fhorbairtí etc.
- Obair i gcomhar le comhghleacaithe i Ranna eile de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear Seirbhísí Corparáideacha (e.g. Ionad Cuairteora Chath Eachroma, Páirc Rinn Mhíl,); Bóithre (e.g. Glas-Bhealach Chonamara, comhairle ghinearálta faoi chúrsaí oidhreachta); an Rannóg Comhshaoil (e.g. reiligí); Tithíocht (e.g. ainmneacha d'eastáit); Pleanáil (e.g. ionchuir maidir le pleananna agus bainistiocht forbartha de réir mar ba ghá).
- Deontais Oidhreachta: Rinneadh measúnacht ar dheontais, dréachtaíodh coinníollacha, riaradh deontais.
- Gradaim an Chathaoirligh: ina measc sin áirítear an tionscadal oidhreachta is fearr, an foilseachán oidhreachta is fearr agus an tionscadal Gaeilge/oidhreachta scoile is fearr. Eagraíodh painéal agallaimh.

- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail na Gaillimhe, Straitéis Chultúir an Chontae agus na Cathrach, Cultúr 2025. Freastalaíodh ar chruinnithe agus rinneadh aighneachtaí i ndáil le pleananna agus straitéisí.
- 'Tírdhreacha Beo na Gaillimhe-Cuid 2: Crainn agus Coillearnach' a lainseáladh i bPáirc na Cúile ar an 19 Márta 2015. D'fhreastail os cionn 40 duine ar an imeacht sin.
- Comhdháil Uachtar Ard: *'Connemara: Famine & The Landscape'* 23-25 Aibreán, sa Teach Cúirte, Uachtar Ard. Ba é an Oifig Oidhreachta a d'fhorbair an chomhdháil seo i gcomhpháirtíocht le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard. D'fhreastail os cionn 250 duine ar imeachtaí éagsúla, lena n-áirítear freagra ealaíontóirí i leith a dtírdhreacha – sheol siad taispeántas dar teideal 'M'áit Dhúchais – My Native Place'; bhí comhdháil oidhreachta ann mar aon le turas bus in éineacht le Michael Gibbons ar lena linn a tugadh léargas ar thírdhreach Chonamara.
- Comhdháil dar teideal *Galway's Changing Military History Landscape* ar an 17 Deireadh Fómhair 2015. Rinneadh obair i gcomhar le Grúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach maidir le forbairt agus soláthar an tionscadail seo. D'fhreastail os cionn 40 duine ar an imeacht seo.
- *Aran Farming for Life Project*: tá an tOifigeach Oidhreachta ar an gcoiste comhairleach agus déantar freastal ar chruinnithe de réir mar is gá.
- OÉG – Bord Comhairleach Ealaíon, Cultúir agus Oidhreachta. Feidhmíonn an tOifigeach Oidhreachta mar bhall den bhord agus déantar freastal ar chruinnithe den bhord in OÉG de réir mar is gá.
- *Next Stop: Stories for Galway's Railways*. Sraith 4 scannán ghearra 5 nóiméad a forbraíodh i gcomhpháirtíocht le hIonad Scannán na Gaillimhe. Cuireadh na gearrscannáin *'Next Stop'* ar taispeáint le linn *Sky Road Film and TV Festival* ar 12.00 Dé Domhnaigh an 11 Deireadh Fómhair in Amharclann Theach an Stáisiúin an Chlocháin.
- ICAN – láithreán gréasáin Oidhreachta Pobail. D'oibrigh an Oifig Oidhreachta i gcomhpháirtíocht le Músaem Shaol na Tuaithe i gCaisleán an Bharraigh chun forbairt a dhéanamh ar láithreán gréasáin Oidhreachta Tuaithe ar a dtugtar www.galwaycommunityheritage.org. Lainseáladh an tionscadal seo go hoifigiúil i mBealtaine 2015. Déantar oiliúint leanúnach a sholáthar do na grúpaí ar baill iad agus táthar ag glacadh le baill nua. Tugadh 22,000 cuairt ar an láithreán gréasáin sna chéad 4 sheachtain ón tráth ar cuireadh ar bun é.
- Tionscadal Scéim Eisimirce Tuke: Rinneadh obair in éineacht le Grúpa an Chlocháin 2012 agus le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard agus tionscnaíodh dhá thionscadal eisimirce maidir le Tuke agus eisimirce i gConamara i mblianta na 1880-idí. Rinneadh obair in éineacht le Grúpa an Chlocháin 2012 maidir le Tionól Shliocht Chonamara i Meán Fómhair 2015.
- *Burren World Tentative List* – rinneadh tuilleadh oibre ar an Tionscadal seo.

- *'Come Here Til I Tell Ya!'* - ceardlann oidhreachta béil 6 seachtaine a seoladh i gcomhpháirtíocht le Cumann Shean-Tuama ó Aibreán go Meitheamh 2015.
- Leanadh den Mhapáil Dhigiteach ar Reiligí sa Chontae agus rinneadh roinnt reiligí a mhapáil agus inscríbhinní leachta cuimhneacháin a thaifeadadh agus a uaslódáil chuig www.galway.ie.
- Tá Tionscadal Scoileanna 'Beo' ar siúl i gcónaí i gcomhar le DERI agus le hIonad Oideachais na Gaillimhe. Tá Gradaim an Chathaoirligh le seoladh i mí na Samhna agus tá Féilire an Mhíle Órga le hullmhú i mí na Nollag agus tá Searmanas Ghradaim an Mhíle Órga le seoladh i mí na Nollag. Tugadh comhairle agus treoir freisin do dhaoine aonair, do scoileanna agus do ghrúpaí ar fud na bliana.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Tionscadal Oidhreachta Loch Deirgeirt – Clár Oiliúna do Threoraithe Oidhreachta, Turais Bhus timpeall an Locha, foilseachán faoi na hiolair mhara agus, b'fhéidir, Tionscadal Lough Derg + faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.
- Rian Oidhreachta Eaglasta do Thoghlimistéar Thuama – Déanfar iniúchadh oidhreachta eaglasta do Thoghlimistéar Thuama agus baileofar doiciméid agus cruthófar bunachar sonraí maidir leis an saothar saibhir ealaíne atá ann sna heaglaisí.
- An Tionscadal Seandálaí Pobail: Oibreoidh an seandálaí pobail le grúpaí, scoileanna agus daoine aonair éagsúla sa chontae chun méadú a dhéanamh ar fheasacht, ar eolas agus ar thuiscint ar oidhreacht seandálaíochta an chontae. Ina theannta sin, soláthróidh sé treoir agus cúnamh faoi thionscadail atá bunaithe ar oidhreacht seandálaíochta a sheoladh de réir an dea-chleachtais oidhreachta.
- Clár faoi Theicníochtaí Taifeadta Fuaime agus Agallóireachta. Is é atá san aidhm atá ann ná cúrsa 6 seachtaine a reáchtáil a rachaidh chun tairbhe do dhaoine atá ag dul i mbun tionscadal oidhreachta béil.
- Céim 2 den Chúrsa *'Reading the Landscape'*: oibreofar le roinnt grúpaí pobail a bhí páirteach i gcúrsaí roimhe seo agus foghlaimeofar scileanna faoi obair allamuigh agus úsáidfear na scileanna sin chun ábhar a uaslódáil chuig an láithreán gréasáin nua oidhreachta.

- An Tionscadal Bithéagsúlachta – Oibríonn an tionscadal mar Thionscadal Comhpháirtíochta idir an Chomhairle Contae, tríd an Oifig Oidhreachta, agus Aonad na hÉiceolaíochta Feidhmí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i gcomhar le Fóram Forbartha Tuaithe na Gaillimhe agus Oidhreacht Chontae na Gaillimhe, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Lorgófar maoiniú chun tuarastal agus forchostais i ndáil leis an mBainisteoir Tionscadail a íoc agus chun dul i mbun tionscadal amhail tuilleadh Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a ullmhú do bhailte agus do shráidbhailte sa chontae, straitéis maidir le speicis ionracha a fhorbairt tuilleadh, plean bainistithe/caomhnaithe reiligí i ndáil le líon airithe reiligí, agus clár oideachais agus feasachta a sholáthar do phobail an chontae.
- Lá Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí – Lorgófar maoiniú as Cistí na mBailte Múrtha atá ag an gComhairle Oidhreachta agus má éiríonn leis an iarratas seolfar Lá Baile Mhúrtha i mí Lúnasa 2016.
- Bailte Múrtha Bhaile Átha an Rí & Bhaile Locha Riach – Céim 2 den tionscadal múnlúcháin 3d.
- Tionscadal Oideachais Bhailte Múrtha Bhaile Átha an Rí & Bhaile Locha Riach.
- Oibreacha Caipitiúla ar Bhallaí Baile Bhaile Átha an Rí – lorgófar maoiniú chun dul i mbun cláir eile oibreacha ar na Ballaí agus déanfar oibreacha eile a leanfaidh as sin má éiríonn leis an iarratas.
- Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach: Imeacht 3 lá a sheoladh i mBaile Locha Riach i mí Lúnasa 2016 i gcomhpháirtíocht le Coiste Fhéile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach.
- Deich mBliana na gCuimhneachán: Tuilleadh forbartha ar thionscadal mapála cuimhne agus ar láithreán gréasáin dátheangach i gcomhair Dheich mBliana na gCuimhneachán. Cuirfear tús le foilseachán sa bhliain 2016 faoi 1916. Seimineár faoin gCeanntach, Garraí Cuimhneacháin i mBéal Átha Mó, Comhdháil faoi Chumann na mBan, Comhdháil faoin Diaspóra, Imeacht Teagasc 2016, Rian Oidhreachta 1916.
- Iniúchadh Geolaíochta ar Chuid den Chontae.
- Gradaim an Chathaoirligh: ina measc sin áirítear an tionscadal oidhreachta is fearr, an foilseachán oidhreachta is fearr agus an tionscadal Gaeilge/oidhreachta scoile is fearr.
- Ican – láithreán gréasáin Oidhreachta Pobail. Leanfaidh an Oifig Oidhreachta de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le Músaem Shaol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh, chun an láithreán gréasáin seo a fhorbairt tuilleadh.

- Tionscadal Oiliúna 3 D na Gaillimhe: Cuirfidh an oiliúint bheartaithe seo gearrchúrsa ar fáil maidir le teicníocht taifeadta neamhionrach nua na Fótagraiméadrachta le haghaidh cúrsaí oidhreachta. Is é ata i bhFótagraiméadracht ná próiseas taifeadta réad 3D trí úsáid a bhaint as fótagrafaíocht dhigiteach. Tá an modh simplí seo maidir le taifeadadh réad 3D ag teacht chun bheith ina scil thábhachtach do dhaoine atá ag obair i réimse na hoidhreachta agus na seandálaíochta.
- Imeachtaí Pobail, Comhdhálacha agus Ceardlanna – Déanfar cúnamh, comhairle agus tacaíocht do líon mór imeachtaí Baile agus Pobail sa bhliain 2016 freisin, lena n-áirítear Féile na gCloch, Imeachtaí na Seachtaine Oidhreachta, oiliúint oidhreachta agus comhdhálacha agus seimineáir iomchuí a bhaineann le hoidhreacht áitiúil.
- Comhdháil dar teideal 'Ó Ghaillimh chuig an Somme' i mí na Samhna 2016.
- *Burren World Monument Tentative List*: déanfar tuilleadh oibre ar an tionscadal seo.
- Tionscadal Scéim Eisimirce Tuke: tuilleadh oibre ar an tionscadal seo in éineacht le Coiste an Chlocháin 2012 agus le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard.
- Leanfar den Mapáil Dhigiteach ar Reiligí sa Chontae agus déanfar roinnt reiligí a mhapáil agus inscríbhinní leachta cuimhneacháin a thaifeadadh agus a uaslódáil chuig www.galway.ie.
- Beidh Tionscadal Scoileanna 'Beo' ar siúl i gcónaí i gcomhar le DERI agus le hIonad Oideachais na Gaillimhe.
- An Coiste Logainmneacha, Bord Comhairleach Ealaíon, Oidhreachta agus Cultúir OÉG, *Aran Life Project*.
- Scéim Deontas Oidhreachta mar chuid de Dheontais Phobail.
- Beidh Comórtas agus Féilire an Mhíle Órga, agus searmanas ghradaim an Mhíle Órga, ann i rith na bliana freisin.

## Caomhantas

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Chuathas i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí iomchuí roinne stáit, agus le heagraíochtaí iomchuí deonacha agus idirnáisiúnta, maidir le nithe a bhaineann le caomhantas ailtireachta, lena n-airítear AACO agus ICOMOS.
- Rinneadh imscrúdú ar bhearta maoinithe Eorpacha; URBACT
- Rinneadh idirchaidreamh le pobail áitiúla maidir le Bailte Slachtmhara agus tionscnaimh phobail.

- Sainaithníodh agus measúnaíodh déanmhais, limistéir grúpaí déanmhas agus gnéithe eile lena ngabhann tábhacht oidhreachta ailtireachta agus soláthraíodh comhairle maidir le déanmhais den sórt sin. Soláthraíodh comhairle d'úinéirí agus d'áititheoirí déanmhas stairiúil faoi dhea-chleachtas agus maidir le cúnamh, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, atá ar fáil do chaomhantas den sórt sin.
- Rinneadh measúnacht ar Dhéanmhais ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta (RPS) d'fhonn Dearbhuithe a eisiúint i ndáil le hoibreacha nach mór cead pleanála a fháil ina leith agus comhairle réamhphleanála a sholáthar d'úinéirí/áititheoirí. Rinneadh tuairisciú, agus tugadh comhairle, maidir le hiarratais phleanála i gcás inar tháinig saincheisteanna oidhreachta ailtireachta chun cinn.
- Rinneadh monatóireacht ar an riocht ina bhfuil déanmhais ar an RPS agus, de réir mar ba ghá, rinneadh moltaí faoin ngá, má bhí gá ann, le beart forfheidhmiúcháin ar thaobh an údaráis pleanála.
- Creat Sócmhainní Stairiúla: Rinneadh leabharlann agus spás taispeántais Bhéal Átha na Sluaighe a chur i gcrích de réir mar a bhí sceidealaithe. Cuireadh spuaic leabharlann an Ghoirt i riocht sábháilte. Comhfhreagras leanúnach le grúpaí pobail; Port Omna agus Cill Chonla.
- Ciste na nDéanmhas i mBaol 2015: Fógraíodh an scéim, rinneadh moltaí ar bhonn na n-iarratas a fuarthas. D'éirigh le Leabharlann an Ghoirt maoiniú a fháil agus cuireadh oibreacha i gcrích go rathúil.
- Rinneadh bunachar sonraí na ndéanmhas cosanta, an Córas Fardail Ailtireachta (AIS) a chothabháil i gcomhar leis an rannóg GIS.
- Ionchur maidir le Pleananna Ceantair Áitiúil, de réir mar ba ghá. (Áth Cinn, Port Omna agus Béal Átha na Sluaighe)
- Próiseáladh tograí atá le cur isteach, agus atá le scriosadh, san RPS mar chuid de Phlean Forbartha an Chontae. Bhreithnigh na Comhaltaí Tofa na tograí sin, agus rinne siad cinneadh orthu, ag an Cruinniú den Chomhairle Contae i mí Iúil 2015.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanúint de dhualgais an Oifigigh Caomhnaithe Ailtireachta a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i gCiorclán 5/99 nó de réir an chiorcláin sin arna leasú.
- Moltaí a dhéanamh faoi nithe atá le cur isteach, agus a scriosadh, san RPS agus taighde a dhéanamh faoi ACAanna agus ACAanna a mholadh. Idirchaidreamh a dhéanamh le húinéirí agus le háititheoirí.
- Deiseanna a chur chun cinn chun feasacht ar an oidhreacht ailtireachta a mhéadú agus chun feasacht ar chaomhnú cuí agus athúsáid chuí na hoidhreachta sin a mhéadú.

- Leanúint d’úsáid scileanna traidisiúnta, agus d’oiliúint ar scileanna traidisiúnta, a chur chun cinn, lena n-áirítear lá oscailte Chumann Seoirseach na hÉireann/OOP maidir le scileanna traidisiúnta tógála a óstáil i bPort Omna.
- Leanúint de rannchuidiú leis an gCreat Sócmhainní Stairiúla.
- Aon tionscnaimh mhaoinithe atá ar fáil a chur chun cinn, lena n-áirítear Ciste Infheistíochta na hOidhreachta Foirgnithe agus maoinithe do Bhailte agus Sráidbhailte Tuaithe.

## Seirbhís don Chustaiméir

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Uasdátaíodh roinn CEED de láithreán gréasáin na Comhairle chun faisnéis úsáideach cothrom le dáta a sholáthar do phobail, do ghnóthaí agus do shaoránaigh.
- Glacadh páirt i dtionscnaimh Sheirbhíse don Chustaiméir laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Leathnaíodh bunachar sonraí PPN chun grúpaí agus teagmhálacha eile a n-oibríonn an rannóg leo a chur san áireamh ann.
- Oiliúint aois-bháúil curtha san áireamh i bplean oiliúna na gComhaltaí Tofa, curtha i gcrích i measc Fhoireann na Leabharlainne agus Fhoireann Riaracháin Oifigí Ceantair, lena n-áirítear Comhaltaí Tofa agus Maoir Phobail.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanúint den roinn CEED ar an láithreán gréasáin a athbhreithniú chun faisnéis úsáideach cothrom le data a chur ar fáil
- Bearta comhaontaithe atá ann sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís don Chustaiméir agus sna Treoirlínte maidir leis an nGaeilge a chur i bhfeidhm.
- Teagmháil mhéadaithe leis an bPobail ar fud ardán na Meán Sóisialta

## Comhordú gníomhaireachtaí a chur chun cinn

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Rinneadh éascaíocht i leith Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe (LCDC)
- Rinneadh éascaíocht i leith an Straitéis maidir le Léiriú Spéise agus Forbairt Áitiúil do chlár LEADER a ullmhú thar ceann LCDC na Gaillimhe.
- Eagraíodh ceardlann réitithe Físe agus Aidhmeanna do Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) Chontae na Gaillimhe, ar ceardlann í ar ar fhreastail os cionn 80 rannpháirtí ó na príomheagraíochtaí geallsealbhóra agus pobail.
- Eagraíodh Comhdháil Rannpháirteachais Pobail i gcomhar leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) i gContae na Gaillimhe chun gníomhartha a shainaithint a bhféadfaí úsáid a bhaint astu chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha atá ann i bpobail i gContae na Gaillimhe.
- Forbraíodh an Plean Áitiúil comhtháite Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) do Chontae na Gaillimhe.
- Leanadh de thacú le Comhtháthú an tsoláthair Iompair Phoiblí isteach i seirbhís uile-Chontae mar Bhealach na Gaillimhe, is é sin, Aonad Comhordaithe Iompair (TCU) do Chontae na Gaillimhe. Bunaíodh seirbhís nua faoi Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse le Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Feidhmiú mar chomhpháirtí i gclár UNESCO, Cathair na Scannán 2015.
- Tugadh tacaíocht d'iarratas agus do thairiscint na Gaillimhe chun bheith mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020.
- Feidhmíodh mar phríomh-chomhpháirtí sa tairiscint maidir le Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018 i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus GMIT, chomh maith le raon leathan geallsealbhóirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.
- Glacadh páirt i gCoiste na Seirbhísí do Leanaí & Daoine Óga, agus feidhmíodh mar chathaoirleach ar an gcoiste sin, agus soláthraíodh tacaíocht dhíreach i ndáil le forbairt Phlean na Seirbhísí do Leanaí & Daoine Óga.
- Glacadh páirt i Líonraí Foghlama GRETB agus bhíothas i dteagmháil leis na líonraí i ndáil le forbairt an LECP

***Tograí don bhliain 2016:***

- Bunú Choiste Áitiúil Forbartha Pobail (LCDC) Chontae na Gaillimhe agus fochoistí a éascú.
- Seirbhís an Aonaid nua Comhordúcháin Iompair (TCU) agus an branda-ainm 'Bealach na Gaillimhe' a chur chun cinn.
- Athbhreithniú ar sheirbhísí Iompair Tuaithe agus ar riachtanais gníomhaireachtaí agus spriocghrúpaí chun seirbhísí a stiúradh ar mhaithe le freastal ar riachtanais.
- Feidhmiú mar chomhpháirtí i gclár UNESCO, Cathair na Scannán 2015.
- Feidhmiú mar chomhpháirtí agus tacaíocht a thabhairt i ndáil le tairiscint na Gaillimhe chun bheith mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020.
- An conradh a bhronnadh i ndáil leis an gClár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) i gContae na Gaillimhe agus tacaíocht a thabhairt maidir le cur i gcrích agus athbhreithniú an chláir i gcomhréir leis an gcomhaontú maoinithe.
- Comhordú i ndáil leis an gCoiste Idirghníomhaireachta Athlonnaithe a bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt i gceannas air.
- Leanúint de chomhpháirtíochtaí níos láidre le LEO agus le Comhairle na Cathrach a fhorbairt agus a chothú sna réimsí a bhaineann le Forbairt Eacnamaíochta.

## Fiontraíocht a chur chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíochta

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Comhpháirtí de chuid *Meet West* 2015 a bhí ann i Ros Comáin sa bhliain 2015. Bhí os cionn 250 toscaire ann i rith an 2 lá.
- Rinneadh tionscnamh 'Déanta i nGaillimh' a fhorbairt tuilleadh chun tacú le fiontair áitiúla rochtain a fháil ar mhargaí. Seoladh 4 imeacht taispeántais 'Déanta i nGaillimh' i nGaillimh sa bhliain 2015. Ghnóthaigh an tionscnamh seo Gradam Iris na hEarnála Poiblí i leith Seirbhísí don Fhiontraíocht 2015.
- Príomh-chomhpháirtí forbartha agus tacaíochta maidir le tairiscint chomhoibritheach na Gaillimhe chun bheith ainmnithe mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018. Rinneadh an iarrthóireacht chun bheith ainmnithe mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa sa bhliain 2018 a fhógairt go hoifigiúil ag seisiún comhairliúcháin eolais do gheallsealbhóirí a seoladh i mí Mheán Fómhair agus ar fhreastail níos mó ná 100 rannpháirtí air. Obair leanúnach maidir le forbairt na bpríomhréimsí a mbeadh aird le tarraingt orthu agus comhairle a ghlacadh leis na geallsealbhóirí agus le pobail chun feasacht faoin tionscadal a mhéadú agus chun tacaíocht a fháil don tionscadal.
- Tugadh tacaíocht do thionscadail agus to thionscnaimh fhiontraíochta pobail a chruthaíonn fostaíocht e.g. Deasca Sealaíochta Áth Cinn, Ionad Fiontraíochta BACD, Ionad Fiontraíochta Chluain Bheirn.

- Rinneadh bearta a sannadh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa Phlean Gníomhaíochta Réigiúnaí do Phoist a chur i bhfeidhm.
- Tugadh tacaíocht do ghnóthaí úrnua trí chomhoibriú le hOifig Fiontraíochta Áitiúla na Gaillimhe.
- Tugadh tacaíocht d'imeachtaí a chuireann ionad margaidh ar fáil do chuideachtaí de chuid na Gaillimhe (Aontaí Bia, Margaí Feirmeoirí/Baile) i.e. Margadh Áitiúil na Nollag do Tháirgeoirí na Gaillimhe, Margadh Táirgeoirí ag Seó Garraíodóireachta Bhaile Chláir, Féile Bhia na Gaillimhe, Margadh Nollag Bhaile Chláir, Margadh Feirmeoirí Chinn Mhara, Bia Bó Finne, Féile *'Bia Lover'*, Féile Dhiúilicíní Chonamara.
- Tugadh tacaíocht i ndáil le forbairt leanúnach na hEarnála Cruthaithí mar chruthaitheoir fostaíochta don Chontae.
- I gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, lainseáladh tuarascálacha Bunlíne Eacnamaíochta agus an láithreán gréasáin gaolmhar www.galwaydashboard.ie do Chontae agus do Chathair na Gaillimhe. D'ullmhaigh Institiúid Whitaker in OÉ, Gaillimh, tuarascála earnála do 10 n-earnáil i nGaillimh, ar tuarascálacha iad inar leagadh amach treochtaí idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnacha agus inar tugadh suntas do dheiseanna ionchasacha i ndáil le fás sna hearnálacha éagsúla i nGaillimh.
- Leanadh de Ghaillimh a chur chun cinn mar ionad inar féidir infheistíocht a dhéanamh agus fostaíocht a chruthú.
- Chun an Turasóireacht a chur chun cinn, rinneadh bróisiúr na bhFéilte a bhí ar siúl sa Chontae a thiomsú, a fhoilsiú agus a scaipeadh.
- Mar phointe eolais do chuairteoirí ar Chontae na Gaillimhe, rinneadh cothabháil ar an bhFéilire Imeachtaí ar líne atá le fáil ag www.galway.ie agus ina ndéantar os cionn 500 imeacht a bhíonn ar siúl sa Chontae a phoibliú.
- Leanadh de Ghaillimh a chur chun cinn trí chlár ceann scríbe Fháilte Éireann.
- Tugadh tacaíocht d'Fhéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe, do Ghradaim Fhiontraíochta SCCUL, d'Aonach Bronntanas Bia Áitiúil & Ceardaíochta Áitiúla na hOifige Fiontraíochta Áitiúla agus don *Foodie Forum*.
- Chomhordaigh an tAonad rannpháirtíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe I gCiste Forbartha Thairseacha agus Mhoil ERDF BMW.
- Ceadaíodh 6 thionscadal i gcomhair maoinithe faoin tionscnamh Píolótach 'Crios Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ) agus fuair an tÚdarás Áitiúil suim iomlán €207,500 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- Tionscnaíodh taighde maidir le forbairt Straitéise Turasóireachta do Ghaillimh agus rinneadh comhairliúchán le raon geallsealbhóirí Turasóireachta chun cur chuige maidir le straitéis Turasóireachta fhadtéarmach a cheapadh do Ghaillimh.
- Cuireadh tús le dréachtú Straitéise Turasóireachta, le measúnacht ghaolmhar timpeallachta agus le próiseas foirmiúil comhairliúcháin.

- Fuarthas maoiniú os cionn €500,000 le haghaidh tionscadal bonneagair Turasóireachta i bPort Omna agus tugadh tacaíocht d'fhorbairtí Turasóireachta i gcomhpháirtíocht le Grúpa Straitéise Margaíochta Loch Deirgeirt.
- Tugadh tacaíocht i leith roinnt imeachtaí thar lear a bhain le margú agus cur chun cinn na Turasóireachta e.g. Milwaukee, Lorient.
- Síníodh Meabhrán Tuisceana le SCCUL Enterprises agus le Teagasc chun réimsí comhoibrithe straitéisigh a fhorbairt. Cuireadh tús le forbairt Moil Nuálaíochta Bia agus Tuaithe, lena n-áirítear aonaid chothaithe fiontair agus tugadh tacaíocht do SCCUL Enterprises i ndáil lena n-iarratas ar mhaoiniú chun forbairt a dhéanamh ar an Mol Nuálaíochta Bia agus Tuaithe faoi iarraidh na hÉireann ar thograí.
- Éascaíodh cur i gcrích an Staidéir Féidearthachta a rinne *Future Analytics Consultants* maidir le húsáid eacnamaíoch sheanláithreán Aerfort na Gaillimhe amach anseo, agus rinneadh idirchaidreamh leanúnach maidir le léasanna, chomh maith le héascú próisis Léirithe Spéise agus cruinnithe éagsúla le páirtithe leasmhara.
- Leanadh de bheith ag obair le GMIT i ndáil le raon réimsí forbartha eacnamaíochta, lena n-áirítear earnálacha an bhia, na turasóireachta agus na cruthaitheachta.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Tacaíocht a thabhairt do *Meet West* 2016.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tionscnamh 'Déanta i nGaillimh' chun tacú le fiontair áitiúla rochtain a fháil ar mhargaí agus chun gur féidir táirgí a fhorbairt agus a mhargú go feadh méid níos mó agus chun gur féidir freastal ar imeachtaí. Oibreoidh an tAonad le comhpháirtithe gníomhaireachta agus tionscail chun an tionscnamh a fhorbairt tuilleadh chun aird a tharraingt ar na hearnálacha Bia agus Ceardaíochta i gContae na Gaillimhe.
- 'Leabhar Tairisceana' na Gaillimhe i leith ainmniúchán a fháil mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018 a chur isteach i mí Eanáir 2016 agus é a chur i láthair an phainéil moltóirí idirnáisiúnta i mí an Mhárta 2016. Leanfar den teagmháil le geallsealbhóirí agus le pobail maidir leis an tionscadal agus soláthrófar tionscnaimh agus tionscadail chomhoibritheacha i roinnt réimsí tábhachtacha.
- Ceadú a fháil maidir le Straitéis Forbartha Áitiúla LCDC LEADER do Chontae na Gaillimhe
- Tacaíocht a thabhairt do thionscadail agus do thionscnaimh fhiontraíochta pobail a chruthaíonn fostaíocht agus a thacaíonn le fostaíocht.
- Déanfar bearta a sannadh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa Phlean Gníomhaíochta Réigiúnaí do Phoist a chur i bhfeidhm.
- Tabharfar tacaíocht do mhicrifhiontair úrnua trí Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe.
- Tabharfar tacaíocht d'fhorbairt na hearnála Bia i gContae na Gaillimhe

- Foilseofar Straitéis Eacnamaíochta do Ghaillimh agus leanfar de dhíriú ar na hearnálacha Bia, Turasóireachta agus Cruthaitheachta i nGaillimh, agus de thacú leis na hearnálacha sin.
- Éascófar forbairt margaí áitiúla ar fud an Chontae.
- Leanfar de thacú le coincheap an Chreasa Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ) agus cinnteofar go ndéanfaidh na tionscadail a dtugtar tacaíocht dóibh sa chéim phíolótach an maoiniú a leithroinntear a tharraingt anuas.
- Straitéis Turasóireachta 10 mBliana a fhorbairt do Ghaillimh ar straitéis í a bheidh le cur i bhfeidhm trí shraith Pleananna Gníomhaíochta i gcomhar le raon geallsealbhóirí agus déanfar gníomhaíochtaí atá tábhachtach do Chontae na Gaillimhe a chur i bhfeidhm.
- Bunófar agus bainisteofar grúpa stiúrtha Turasóireachta, mar aon le foghrúpaí i leith gníomhaíochtaí sonracha, agus comhordófar grúpa Turasóireachta inmheánach.
- I gcomhar le SCCUL agus Teagasc, déanfar dul chun cinn maidir le forbairt an Mhoill Nuálaíochta Bia agus Tuaithe.
- Leanfar de bheith ag obair le Teagasc i ndáil le tacaíocht a thabhairt do thionscadail thábhachtacha a bhaineann leis na hearnálacha talmhaíochta agus bia, agus i ndáil le forbairt na n-earnálacha sin. Áireoidh an obair sin cur chuige comhordaithe comhoibritheach maidir le forbairt tacaíochtaí a chabhróidh le conairí fáis ón tráth a gcuirtear gnó úrnua ar bun go dtí céim onnmhairiúcháin agus déanfar modhanna chun méadú a dhéanamh ar bhreisluach an táirgthe phríomha i gContae na Gaillimhe a shainaithint agus a chur i bhfeidhm.
- Beidh ról leanúnach ann maidir le forbairt fhadtéarmach roghanna maidir le Seanláithreán Aerfort na Gaillimhe sa Charn Mór chun an tairbhe fhadtéarmach eacnamaíochta is fearr is féidir a bhaint amach do réigiún na Gaillimhe.

## AN OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

Rinneadh an Bille um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh) 2013 a achtú agus díscaoileadh na Boird Fiontar Contae a dhíscaoileadh ar an 14 Aibreán 2014. Ar an 15 Aibreán 2014 chuir Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe tús lena cuid oibríochtaí laistigh de struchtúr Údarás Áitiúil Chontae na Gaillimhe (ina cháil mar Údarás ceannais do Chontae & do Chathair na Gaillimhe) faoi Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse (féach an achoimre in Aguisín A) idir an tÚdarás Áitiúil agus Fiontraíocht Éireann.

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Forbraíodh 'Ionad Céadchéime' sármhaith éifeachtach do ghnóthaí i gContae & i gCathair na Gaillimhe

- Méadaíodh feasacht ar na seirbhísí atá ar fáil do ghnóthaí ar bhonn áitiúil agus ar bhonn náisiúnta agus tugadh cabhair maidir le forbairt caidreamh idir gnóthaí agus na soláthraithe seirbhíse sin.
- Cruthaíodh feasacht ar bhranda agus ar sheirbhísí LEO
- Soláthraíodh sraith tacaíochtaí agus seirbhísí méadaithe acmhainne a chuireann le breisluach gnóthaí agus a thugann tairbhí do ghnóthaí
- Tugadh tacaíocht maidir le cruthú fostaíochta sa chontae trí infheistíocht i ngnóthaí cáilithe
- Tugadh tacaíocht i ndáil le forbairt eacnamaíochta, ar tacaíocht í a bhí dírithe ar chruthú fostaíochta sa chontae agus sa réigiún
- Chuathas i dteagmháil le comhpháirtithe ar an leibhéal aitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta chun tionscnaimh chruthaithe fiontar agus tionscnaimh thacaíochta d’fhiontair a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Faisnéis a sholáthar – Ionad Chéadchéime
- Comhairle, Meantóireacht & Líonrúchán maidir le cúrsaí gnó
- Forbairt bainistíochta, cláir forbartha earnála
- Oiliúint, ceardlanna
- Maoiniú (díreach – cáilitheacht theoranta, neamhdhíreach – trí Microfinance Ireland)

## Achoimre ar Spriocanna 2016

| **Achoimre ar Spriocanna 2016** | **An Líon** |
|---|---|
| **Fostaíocht (Punainn i.e. cuideachtaí a fhaigheann cúnamh** | |
| An Líon Post a Cruthaíodh | 25 |
| **Deontais** | |
| Iarratais féidearthachta a ceadaíodh (líon & luach) | Freastal ar éileamh |
| Iarratais féidearthachta a ceadaíodh (líon & luach) | Freastal ar éileamh |
| Deontais Leathnaithe a ceadaíodh (líon & luach) | Freastal ar éileamh |
| Costas in aghaidh an phoist (uasmhéid) | €15,000 |
| **Cúrsaí maidir le Tús a Chur le do Ghnó Féin** | |
| An líon clár a reáchtáladh | 10 |
| **Cláir Forbartha Bainistíochta** | |
| An líon clár a reáchtáladh | 3 |
| ***Lean for Micro*** | |
| An Líon Rannpháirtithe | 3 |
| **Meantóirí/Comhairleoirí Gnó** | |

| | |
|---|---|
| Tascanna meantóra | 25 |
| Cruinnithe seachtracha maidir le Comhairle Ghnó do dhaoine | 40 |
| **Iarratais ar iasachtaí MFI a Measúnaíodh** | |
| Iarratais MFI a fuarthas | 18 |
| **Fiontraíocht Mhac Léinn** | |
| Na scoileanna rannpháirteacha (an líon) | 12 |
| **Gradaim Fiontraíochta Náisiúnta** | |
| An Líon Cliant rannpháirteach | 2 |

## Ag tacú le pobail inbhuanaithe

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Bhí ceithre phobal (Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhéal Átha na Sluaighe, Baile an Doirín. Áth Cinn agus Inis Mór) páirteach i gcomórtas Mhórtas Áite 2015.
- Leanadh de bheith ag obair le grúpaí Bailte Slachtmhara chun cabhrú leo maidir le comórtas na mBailte Slachtmhara. Coimisiúnaíodh saineolaithe sonracha chun bheith ag obair le grúpa Bailte Slachtmhara trí ceardlanna leathlae a bheidh ar siúl i ngach Ceantar Bardasach ar leith ag tús na bliana 2016 a eagrú.
- Bhí tionscnamh píolótach maidir le Pobail Níos Glaine ann sa bhliain 2015. Bhí 65 iarratas ann i leith ceithre chatagóir (Scuab do Shráid, An Ceantar Is Fearr Ó Thaobh Plandaí De, *Coast Boast* agus Reiligí) Rinneadh an mholtóireacht i rith thréimhse an tSamhraidh/Fhómhair agus seoladh searmanas bronnta gradam i mí na Samhna.
- Cuireadh tús le bunú Líonra Rannpháirtíochta Áitiúil (PPN) a ghlacann ionad an Fhóraim Pobail agus Dheonaigh. Cuireadh próisis ainmnithe agus roghnaithe i gcrích do Rúnaíocht an PPN, chomh maith le socrú a dhéanamh maidir le hionadaithe ar na Coistí Beartais Straitéisigh (SPCanna), ar an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC), ar an gComhchoiste Póilíneachta (JPC) agus ar an gComhpháirtíocht Spóirt. Ina theannta sin, rinneadh nascghrúpaí atá ailínithe leis na SPCanna agus leis an gComhpháirtíocht Spóirt a bhunú agus, i mí Dheireadh Fómhair, seoladh ceardlann oiliúna d'ionadaithe PPN, is é sin, ceardlann a bhain le róil na n-ionadaithe ar na coistí agus, freisin, lena gcuid freagrachtaí oibríochta i gcoitinne.
- Rinneadh an dara bliain den Chiste Turasóireachta Pobail don Diaspóra a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a sholáthar lucht eagraithe imeachtaí áitiúla agus pobail/tionscadal áitiúil agus pobail a bhainfidh leas as naisc Diaspóra ar mhaithe leis an turasóireacht áitiúil agus phobail. Tugadh tacaíocht do 27 dtionscadal i gContae na Gaillimhe sa bhliain 2015.
- Ceadaíodh tuairim is €378,500 i gcomhair tionscadal in 11 chatagóir faoin Scéim Tacaíochta Pobail sa bhliain 2015.

- Ceadaíodh €15,000 mar mhaoiniú do 28 dtionscadal faoi Scéim Dheontais Cuimhneacháin Pobail do Chothrom Céad Bliain Éirí Amach 1916.
- Lean an tAonad de 29 dtionscadal a éascú a raibh tacaíocht á fáil acu faoi Scéim Dheontais Chaipitiúil Speisialta Bhéal Átha na Sluaighe agus ba é a bhí as tsuim iomlán maoinithe a ceadaíodh ná €1,175,682.
- Tar éis dhíscaoileadh Chomhairle Baile Bhéal Átha n a Sluaighe, chuir Aonad CEED roinnt tionscadal a bhfeidhm a bhí ceadaithe le haghaidh maoinithe i mbuiséad Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe 2015. Ina measc sin, airíodh Bailte Slachtmhara Bhéal Átha na Sluaighe, Halla Baile Bhéal Átha na Sluaighe, Paráid Lá Fheile Pádraig, Soilse na Nollag, Nascadh Bhaile Bhéal Átha na Sluaighe agus Dinnéar Aonach mhí Dheireadh Fómhair agus Foireann Tagarmharcála Bhéal Átha na Sluaighe.
- Eagraíodh Gradaim Phobail an Chathaoirligh 2015.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Tacú le pobail sa Chontae maidir le páirt a ghlacadh i gcomórtas Mhórtas Áite sa bhliain 2016.
- Tacú le grúpaí Bailte Slachtmhara sa Chontae maidir le páirt a ghlacadh i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara sa bhliain 2016 agus ceardlanna leathlae a eagrú i ngach Ceantar Bardasach ar leith.
- Déanfar Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) a fhorbairt trí chruinnithe iomlánacha Contae agus Ceantair Bhardasaigh a eagrú agus trí chúnamh a sholáthar do Rúnaíocht dheonach an líonra.
- Leanfar den tionscnamh 'Pobail Níos Glaine' sa bhliain 2016 agus aird á tabhairt ar an aiseolas dearfach a fuarthas faoi fheachtas 2015.
- Déanfar an tríú bliain den Chiste Turasóireachta Pobail don Diaspóra a chur chun cinn.
- Cuirfear an Scéim Tacaíochta Pobail i bhfeidhm sa bhliain 2016 agus féachfar le tacú le roinnt tionscadal pobal-bhunaithe Cuimhneacháin a bhaineann le hÉirí Amach 1916 mar chuid de Chlár Céad Bliain 1916/2016 i gContae na Gaillimhe.
- Déanfar na tionscadail go leir faoi Scéim Dheontais Chaipitiúil Speisialta Bhéal Átha na Sluaighe a chur i gcrích.
- Eagrófar Gradaim Phobail an Chathaoirligh 2016 (i gcomhar leis an Aonad Seirbhísí Corparáideacha).

## Tacaíocht i ndáil le hUilechuimsitheacht Shóisialta

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Éascaíodh athbhunú Ghrúpa Idirghníomhaireachta Phobal Lucht Siúil Chontae na Gaillimhe agus fuarthas €10,750 ón Roinn Dlí & Cirt & Comhionannais ina leith sin agus chun Tionscadal Lucht Siúil a chur i bhfeidhm.
- Tugadh tacaíocht do choistí eile a ghabhann do ghníomhaíochtaí um Chuimsiú Sóisialta amhail an Grúpa Oibre Idirghníomhaireachta LGBT agus an Clár Neartaithe Teaghlach i gConamara.
- Eagraíodh Féile Bhealtaine do Chontae na Gaillimhe.
- Comhordaíodh Seachtain 'Mórtas an Lucht Siúil' thar ceann Ghrúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Chontae na Gaillimhe.
- Eagraíodh Seachtain um Chuimsiú Sóisialta 2015.
- Eagraíodh Oíche Cultúir do Chontae na Gaillimhe.
- Oibríodh in éineacht le Grúpa na nOifigeach Seirbhísí don Chustaiméir chun a chinntiú go gcuirtear Cuimsiú Sóisialta san áireamh i Seirbhísí don Chustaiméir.
- Comhordaíodh agus éascaíodh Clár Aoischairdiúil na Gaillimhe agus tugadh tacaíocht do Ghrúpa Forfheidhmiúcháin Chomhghuaillíocht Aoisbhá na Gaillimhe agus do Chomhairle na nDaoine Scothaosta.
- Tugadh tacaíocht do Chomhairle Aoisbhá Dhaoine Aoischairdiúil na Gaillimhe chun Eolaire na Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a uasdátú agus a fhoilsiú agus sheol an tAire Stáit, Kathleen Lynch T.D., an foilseachán sin i mí na Samhna 2015.
- Eagraíodh oiliúint 'Feasacht ar Chúrsaí Aoise' d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, lena n-airítear foireann Oifigí Ceantair, foireann Leabharlainne agus Comhaltaí Tofa.
- Leanadh de thacaíocht a thabhairt i ndáil le cur i bhfeidhm gníomhaíochta faoin Straitéis maidir le Lánpháirtíocht agus Éagsúlacht 2013-2017 do Chontae na Gaillimhe.
- Glacadh páirt sa Chiste Eorpach Lánpháirtíochta – chun tacú le hoiliúint a sholáthar, agus acmhainn a mhéadú i measc Náisiúnach Tríú Tíortha, le go bhféadfaidís cáilíocht NQF Leibhéal 6 i Scileanna Riachtanacha agus cáilíocht NQF Leibhéal 3 i mBéarla mar Dhara Teanga a bhaint amach, agus tacaíodh le soláthar áiseanna méadaithe acmhainne do ghrúpaí Mionlach Eitneach ar fud an Chontae.
- Tionscnaíodh clár seimineár taighde ag am lóin i gcomhar leis an Tionscnamh Eolais Pobail in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus béim á leagan ar shaincheisteanna a bhain le hIdirchultúrachas agus Lánpháirtíocht (seoladh 3 sheimineár sa bhliain 2015).

- Mar chuid den tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta, tugadh tacaíocht do lá ceiliúrtha gnóthachtála a baineadh amach sa bhliain 2015 i ndáil le bearta a cuireadh i bhfeidhm faoin Straitéis Lánpháirtíochta agus Éagsúlachta do Chontae na Gaillimhe.
- Leanadh de thacaíocht a sholáthar do Chomhairle na nÓg ar bhonn uile-Chontae.
- Riaradh maoiniú agus comhordú gníomhaíochtaí faoi Chiste Forbartha Chomhairle na nÓg, lena n-áirítear a bhfeachtas *'Lets Go Mental'* agus imeachtaí ardphróifíle eile.
- Éascaíodh óstáil Chruinniú Ginearálta Bliantúil Chomhairle na nÓg agus an imeachta dar teideal *'Lets Go Mental'* i mBaile Chláir i mí Dheireadh Fómhair 2015 ar fhreastail os cionn 220 duine óg air.
- Comhordaíodh Coiste Stiúrtha Aosach de chuid Chomhairle na nÓg, ar coiste é a tháinig le chéile trí huaire i rith na bliana.
- Eagraíodh seisiúin oiliúna faoi chúrsaí scannánaíochta in Ionad Scannán na Gaillimhe mar chuid de 'Gaillimh – Cathair Scannán UNESCO'. Oibríodh in éineacht le hIonad Scannán na Gaillimhe i ndáil le déantóirí óga scannán a chur ar fáil chun taifeadadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eile i rith na bliana, lena n-áirítear '*Galway Capital of Culture Speak Out on Food*' i gCaisleán Bhaile Chláir (Bealtaine 2015).
- Rinneadh éascaíocht le go bhféadfadh daoine óga as Contae na Gaillimhe freastal ar imeachtaí éagsúla, lena n-áirítear Dáil na nÓg.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Athsheoladh Scéim na nAláram Deataigh do Phobail agus díreofar ar dhaoine leochaileacha nach bhfuil aon aláram acu nó a bhfuil aláram acu atá ag tarraingt ar dheireadh a shaolré 10 mbliana.
- Tabharfar cúnamh do Ghrúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Chontae na Gaillimhe.
- Tabharfar tacaíocht do choistí eile a ghabhann do ghníomhaíochtaí um Chuimsiú Sóisialta amhail an Grúpa Oibre Idirghníomhaireachta LGBT agus an Clár Neartaithe Teaghlach i gConamara.
- Eagrófar Féile Bhealtaine do Chontae na Gaillimhe.
- Déanfar Seachtain Mhórtais an Lucht Siúil thar ceann Ghrúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Chontae na Gaillimhe a chomhordú i gcomhar leis an Aonad Tithíochta.
- Eagrófar an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta 2016.
- Eagrófar Oíche Cultúir do Chontae na Gaillimhe.
- Leanfar de bheith ag obair in éineacht le Grúpa na nOifigeach Seirbhísí don Chustaiméir chun a chinntiú go gcuirtear Cuimsiú Sóisialta san áireamh i Seirbhísí don Chustaiméir.
- Leanfar de thacaíocht a thabhairt do Chlár Chathair agus Chontae Aoischairdiúil na Gaillimhe.

- Scrúdófar agus forbrófar tionscadail in éineacht le Comhairle na nDaoine Scothaosta de chuid Chathair Aoisbhá na Gaillimhe agus le Comhaontas Idirghníomhaireachta Aoisbhá na Gaillimhe.
- Cinnteofar go bhfuil Comhairle na nÓg ina príomh-mhodh comhairliúcháin i gcás comhlachtaí agus coistí nua-bhunaithe i gContae na Gaillimhe.
- Leanfar de chiste forbartha Chomhairle na nÓg, a fhaightear ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, a riaradh agus a dháileadh chun tacú leis an gComhairle i gContae na Gaillimhe.

## Ag tacú le ceantair RAPID – Tuaim & Béal Átha na Sluaighe

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Lean Comhordaitheoirí RAPID de sheirbhísí bainistíochta leanúnacha a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do phobail d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas: Pleananna Straitéiseacha maidir le Sábháilteacht Phobail & Iompar Frithshóisialta, Oideachas, Fostaíocht & Oiliúint agus an Timpeallacht Fhisiciúil; agus tugadh cúnamh maidir le maoiniú a fháil chun na nithe sin a chur i gcrích.
- Tugadh tacaíocht do 8 dtionscadal i mBéal Átha na Sluaighe a bhain le tionscnaimh phobail agus dheonacha.
- Tugadh tacaíocht do ghníomhaíochtaí tosaíochta Fhoireann Forfheidhmiúcháin Cheantar Thuama (AIT) faoin gClár Forbartha Pobail Áitiúil (LCDP) agus bhí béim láidir ag na tionscadail ar chur i gcoinne míbhuntáiste san oideachas, lena n-áirítear tacaíocht leantach do chláir iarscoile, teiripí ealaíne agus súgartha agus tacaíochtaí síceolaíochta do leanaí agus do dhaoine óga a thagann tríd an gClár Críochnaithe Scolaíochta.
- Chuathas i mbun cláir chomhpháirtigh ealaíne poiblí agus scoileanna i dTuaim, le tacaíocht ón Oifig Ealaíon, ó chlár RAPID agus é á chomhordú ag an gClár Críochnaithe Scolaíochta agus nasc ann le hobair *Youth Work Ireland*.

- Lean an grúpa *Training Matters* le liosta tosaíochtaí a ullmhú i ndáil le clár cianrochtana Leibhéal 8 a sholáthar i dTuaim chun bealaí dul chun cinn a chur ar fáil dóibh sin a bhfuil cáilíochtaí Leibhéal 6 agus Leibhéal 7 acu cheana féin.
- Tugadh tacaíocht i leith lae oscailte faoi oiliúint agus chomhordaigh *Training Matters* tacaíocht forbartha gairmréime i dTuaim do dhaoine a raibh Iomarcaíocht ag fearadh orthu.
- Rinneadh lá oscailte oiliúna gairmréime agus faisnéise agus ceardlanna ullmhúcháin CV a sheoladh i dTuaim do dhaoine dífhostaithe agus dóibh sin ar scéimeanna fostaíochta.
- Leanadh de thacaíocht a thabhairt do chláir PEEP agus *Incredible Years* chun tacú le foghlaim i dteaghlaigh ina bhfuil leanaí óga, agus rinneadh clár rathúil eile, Neartú Teaghlach, a reáchtáil do 12 theaghlach ina bhfuil déagóirí i dTuaim.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Comhaontú a dhéanamh ar phróiseas chun clár RAPID a chur ar aghaidh i bhfianaise chlár oibre Athchóirithe an Rialtais Áitiúil agus i bhfianaise ainmniúchán leantach náisiúnta a bheith ag RAPID.
- I gcomhréir leis an méid sin thuas, leanfaidh Comhordaitheoirí RAPID de sheirbhísí leanúnacha comhairleacha bainistíochta tionscadail a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do phobail le gur féidir dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le Pleananna Straitéiseacha maidir leis na nithe seo a leanas: Sábháilteacht Phobail & Iompar Frithshóisialta, Oideachas, Fostaíocht & Oiliúint agus an Timpeallacht Fhisiciúil; agus tabharfar cúnamh maidir le maoiniú a fháil chun na nithe sin a chur i gcrích
- Oibreofar in éineacht leis an ngníomhaireacht (na gníomhaireachtaí) iomchuí chun a chinntiú go bhfuil tosaíocht ag ceantair RAPID Bhéal Átha na Sluaighe agus Thuama i ndáil le cur i bhfeidhm pleananna comhaontaithe tríd an gclár nua SICAP.
- Leanfar de laethanta comhghníomhaireachta gairmréimeanna agus fostaíochta/oiliúna a chur ar fáil i dTuaim.
- Leanfar de thacaíocht a thabhairt i leith ghníomhaíochtaí tosaíochta AIT Thuama le linn cláir a chur i gcrích chun tacú le Cuimsiú Sóisialta agus i leith gach gné den Phlean Eacnamaíochta Áitiúil agus Pobail.

## Gníomhaíochtaí Ealaíon a chur chun cinn agus a fhorbairt

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Rinneadh infheistíocht i bpobail trí na Deontais agus na Dámhachtainí Ealaíon.
- Tugadh tacaíocht d'fhorbairt agus do chur chun cinn gníomhaíochta nua ealaíon ag Ealaíontóirí Cónaithe i gContae na Gaillimhe trí €16,650 a infheistiú i Sparántachtaí d'Ealaíontóirí Aonair.
- Soláthraíodh seirbhís faisnéise agus comhairle do ghrúpaí pobail, d'ealaíontóirí aonair etc.
- Tugadh tacaíocht i ndáil le rochtain ar thionscadail agus forbairt tionscadal i Saoráidí Sláinte Poiblí, i Scoileanna agus i bPobail agus i ngrúpa daoine óga 'i mbaol' trí úsáid a bhaint as scannáin, as amharc-ealaíona, agus as ábhar amharclainne i gcomhpháirtíocht le grúpaí poiblí agus pobail eile agus le maoiniú ón gComhairle Ealaíon.
- Soláthraíodh clár 'Ealaíona agus Míchumas'
- Soláthraíodh Scéim na nEalaíontóirí san Oideachas do 8 scoil i gContae na Gaillimhe.
- Rinneadh clár iomlan tionscadal Aoischairdiúil a chur i gcrích do dhaoine scothaosta, lena n-áirítear tionscadail de chuid Bhealtaine agus *Burning Bright* (77 ar fad, idir thionscadail agus imeachtaí).
- Soláthraíodh oiliúint maidir le Cosaint Leanaí (bhí 24 ealaíontóir i láthair).
- Soláthraíodh Clár Oiliúna Drámaíochta Amaitéaraí do ghrúpa drámaíochta i gContae na Gaillimhe.
- Soláthraíodh ceardlanna scríbhneoireachta/scéalaíochta/drámaíochta do bhunscoileanna.
- Eagraíodh Oíche Chultúir do Chontae na Gaillimhe agus bhí os cionn 90 imeacht ar siúl i 31 ionad, idir bhailte agus shráidbhailte, ar fud an Chontae i gcomhar leis an Aonad um Chuimsiú Sóisialta.
- An Clár Ealaíon & Leabharlann
- Soláthraíodh Seimineáir ar Chleachtas Gairmiúil d'Ealaíontóirí.
- Tugadh tacaíocht d'fhorbairt an gheilleagair chruthaithigh **www.screenwest.ie**
- Cuireadh an Contae chun cinn mar shuíomh do léiriú scannán
- Imeacht Bailchríche Thionscadal Chumadóra Chónaithe Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil na Gaillimhe.
- Tugadh tacaíocht d'Áras Éanna (Ionad Ealaíon Inis Oírr).

- Tugadh tacaíocht i ndáil le tairiscint na Gaillimhe chun bheith ainmnithe mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 tríd an Oifigeach Ealaíon a thabhairt ar iasacht agus trí rannpháirtíocht níos leithne in imeachtaí éagsúla ar thaobh an Aonaid Ar Fad.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Na Deontais Ealaíon a chur i bhfeidhm.
- Riaradh na nDeontas d'Ealaíontóirí Aonair mar mhodh luachmhar tacaíochta laistigh den ealaíon chruthaitheach i gContae na Gaillimhe.
- Seimineáir ar Chleachtas Gairmiúil d'ealaíontóirí.
- Oiliúint ar Chosaint Leanaí d'ealaíontóirí.
- Clár Oiliúna Drámaíochta Amaitéaraí.
- An Clár Ealaíon agus Leabharlann
- Bunú agus cothabháil tionscadal in éineacht le gníomhaireachtaí agus institiúidí eile.
- Clár láidir comhpháirtíochta ealaíon a bhainistiú laistigh den chontae.
- Clár ealaíon agus oideachais i Scoileanna.
- Scéim na nEalaíontóirí i Scoileanna do 15 scoil agus béim á leagan ar Chomóradh 1916.
- Scéim na Scríbhneoirí i Scoileanna
- Scannáin i Scoileanna
- Leanúint den Chlár 'Ealaíona & Sláinte & Míchumas'.
- *Burning Bright* – Clár na nEalaíontóirí i dTithe Altranais.
- Clár Bhealtaine – Cruthaitheacht i measc Daoine Scothaosta.
- Iontaobhas Ealaíon UCHG.

- Cumas Ealaíon – Ár gClár Ealaíon Míchumais.
- Clár uile-chontae imeachtaí a bhainistiú agus a sholáthar i ndáil le hOíche Cultúir.
- Tacú leis an aon Ionad Ealaíon gairmiúil atá ann sa Chontae maidir le forbairt a dhéanamh ar Chlár Cultúir lena ngabhann Tionchair Eacnamaíochta agus Turasóireachta ar na hOileáin (Áras Éanna, Inis Oírr).
- Tacú le *Screen Commission West*.
- Margaíocht chomhpháirteach idirnáisiúnta níos fearr don réimse Scannánaíochta i nGaillimh.
- Feabhas a chur ar chláir agus ar thionscadail scannánaíochta atá ann cheana féin agus tacú le hOifig 'Gaillimh – Cathair Scannán UNESCO'.
- Maoiniú féideartha a fháil chun tacaíocht níos fearr a chur ar fáil don bhraisle gnóthaí scannánaíochta atá lonnaithe anseo.
- Cur chun cinn comhoibritheach na turasóireachta scannánaíochta.
- Tacú le tairiscint na Gaillimhe chun bheith ainmnithe mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 agus leanúint de bheith ag obair ar mhodh comhoibritheach ar roinnt tionscadal sa bhliain 2016 mar chuid den aighneacht a bheidh ag gabháil leis an tairiscint.

## An Chomhpháirtíocht Spórt Áitiúil

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tá dréacht den Phlean Straitéiseach nua do Chomhpháirtíocht Spórt na Gaillimhe ullmhaithe.
- Tá Plean Oibriúcháin 2015, do Chomhpháirtíocht Spórt na Gaillimhe curtha i bhfeidhm.
- Tá maoiniú faighte ón gComhairle Spóirt agus ó acmhainní áitiúla do ghníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta le linn 2015.
- Rinneadh príomhchláir na Comhairle Spórt a chur i bhfeidhm – Buntús, An Cód Eitice, *Women in Sport, Meet & Train,* Clubanna Siúil.
- Leanadh leis an gClár um Chuimsiú Míchumais Spóirt a chur i bhfeidhm ar fud na Gaillimhe, inar áiríodh oiliúint Mhíchumais tríd an gclár Oiliúna um Chuimsiú Míchumais a d'eagraigh CARA, Trá Lí, agus tríd an gclár spóirt nua *'Judo Assist'* do leanaí faoi mhíchumas.
- Rinneadh rás Bliantúil 10k Chomhpháirtíocht Spórt na Gaillimhe a eagrú agus a reáchtáil.
- Cuidíodh le gníomhaíochtaí Sheachtain Rothar na Gaillimhe 2015, a chomhordú agus rinneadh gníomhaíochtaí a eagrú le pobail áitiúla, clubanna agus le heagraíochtaí –

tugadh cúnamh agus rinneadh comhordú ar 28 n-imeacht i gCathair agus i gContae na Gaillimhe.

- Cuireadh an clár aclaíochta píolótach '*Men on the Move*' i bhfeidhm i 3 láthair, Uachtar Ard, Béal Átha na Sluaighe agus Dabhach Uisce, mar chuid de chlár píolótach náisiúnta a bhí maoinithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- Rinneadh duaiseanna a eagrú agus a bhronnadh le linn 2015, i gcur i bhfeidhm an tionscnaimh *FIT TOWNS* den chéad uair.
- Eagraíodh agus reáchtáladh *Operation Transformation* in Eanáir, 2015.
- Rinneadh bunachar sonraí ár gclubanna/scoileanna agus ár n-eagraíochtaí spóirt a chur i gcrích in 2015.
- Rinneadh an Clár Siúil Phobail a chur i bhfeidhm sa Chlochán in 2015.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Plean Straitéiseach Comhpháirtíochta Spórt na Gaillimhe 2015-2020, a sheoladh.
- Láithreán gréasáin nua do Chomhpháirtíocht Spórt na Gaillimhe a cheapadh.
- Maoiniú a fháil ó Spórt Éireann (an Chomhairle Spórt tráth) agus ó chomhlachtaí maoinithe eile e.g. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na hÚdaráis Áitiúla chun oibriúcháin Chomhpháirtíocht Spórt na Gaillimhe a mhaoiniú le linn 2016.
- Príomhchláir Spórt Éireann a chur ar fáil – Buntús, cúrsaí Cosanta Leanaí, an Clár *Women in Sport,* agus *Be Active ASAP.*
- An tionscnamh *Men on the Move* a bhunú i gceithre cheantar eile ar a laghad de chuid na Gaillimhe, seachas na ceantair sin ina bhfuil an tionscnamh faoi lán seoil iontu cheana féin.
- Rás 10k Chomhpháirtíocht Spórt na Gaillimhe, 2016, a eagrú agus a reáchtáil.
- Seachtain Siúil na Gaillimhe, 2016, a eagrú agus a reáchtáil.
- Maoiniú a dhaingniú do Sheachtain Rothar na Gaillimhe, 2016, i gcomhar le Comhairle Cathrach agus le Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Leanúint leis an gClár Míchumais i nGaillimh a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Oiliúint ar Fheasacht Mhíchumais.
- An tionscnamh *Fit Towns,* 2016, a eagrú agus a reáchtáil.
- Deiseanna spórt agus gníomhaíochta coirp do sheanóirí a eagrú agus a reáchtáil – lena n-áirítear Tai Chi, Qi-Gong agus damhsa.
- Lúthchleasa *Sportshall ,* Lúthchleasa *Xcessible Sportshall, Xcessible tag-rugby* a reáchtáil sna scoileanna.
- Na himeachtaí a bhaineann le *Operation Transformation,* 2016, a eagrú agus a reáchtáil i nGaillimh.
- Cúrsa Teagaisc Rothair a chur i bhfeidhm do theagascóirí nua.
- Oiliúint *Bike for Life* a chur i bhfeidhm trí na scoileanna.

- An clár *'Midnight Soccer'* a eagrú agus a chur i bhfeidhm do dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste.
- Leanúint leis an gclár Siúil Phobail a chur i bhfeidhm i 5 cheantar in 2016 – Béal Átha an Rí, Baile Locha Riach, Port Omna, An Gort agus Tuaim.
- An clár Tacaíochta Cóitseála Pobail a eagrú agus a reáchtáil don chlár Cuardaitheora Poist i gcomhar le Coláiste Pobail na Gaillimhe agus le Spórt Éireann.
- Gradam Leibhéal 1 i gceannaireacht Spóirt a chur i bhfeidhm i gcomhar le Coláiste Pobail na Gaillimhe agus le Spórt Éireann.
- Socrú agus éascú a dhéanamh i leith cruinnithe Ghrúpa Oibre agus Ghrúpa Stiúrtha Chomhpháirtíocht Spórt na Gaillimhe le linn 2016.

## Na Gníomhaíochtaí Acmhainní Daonna

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Reáchtáladh tríocha trí chomórtas earcaíochta le linn na bliana, inar áiríodh 482 iarrthóir in iomláine a fuair glaoch chun agallaimh do na poist éagsúla. Rinnaedh 47 gceapachán suas go deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2015.
- Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe tréimhsí taithí oibre a mhair naoi mí a chur ar fáil do 3 intéirneach tríd an Scéim Intéirneachta Náisiúnta *Job-Bridge.*
- Beidh dhá fhostaí is fiche éirithe as obair ón gComhairle in 2015.
- Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag cur 68 socrúchán oibre ar fáil a mhairfidh ar feadh tréimhse 22 mhí faoin Scéim *Tairseach.*
- Caitheadh farasbarr 3% de Chostais Phárolla Iomlána Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar Oiliúint agus ar Fhorbairt in 2015. Bhí oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta mar chuid mhór de Phlean Oiliúna 2015, inar áiríodh na cúrsaí a leanas: Deimhniú Tiománaí maidir le hOiliúint Inniúlachta Gairmiúla, Comharthaíocht, Oiliúint Soilsithe agus Ghardála, Pas Sábháilte agus Oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte.
- Tá roinnt Scéimeanna a Thacaíonn le Teaghlaigh i bhfeidhm ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear:
    - *An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe*: Seirbhís Comhairleoireachta Rúnda, tá fáil ar an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe nó CCF, d'fhostaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar fad. Cuireann Health Assured Ltd. an tseirbhís seo ar fáil thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
  - *An Scéim maidir le Bliain Oibre níos Giorra:* Bhain 33 chomhalta foirne leas as saoire gan phá faoin Scéim maidir le Bliain Oibre níos giorra in 2015.
  - *An Scéim Saoire Tuismitheoireachta*: Bhain 64 chomhalta foirne leas as saoire thuismitheoireachta in 2015.
  - *An Scéim Comhroinnt Oibre*: Bhain 51 comhalta foirne leas as socrúcháin comhroinnt oibre in 2015.
  - *Sosanna Gairme*: Bhain 5 chomhalta foirne leas as sosanna gairme in 2015.

- o *An Scéim Rothaíochta chun na hOibre*: Faoin scéim seo, féadfaidh fostóir rothar agus/nó trealamh sábháilteachta bainteach ar fiú €1000 é ar a uasmhéid a chur ar fáil d'fhostaí, gan an fostaí a bheith faoi dhliteanas cánach sochair comhchineáil a íoc. Rinneadh 33 iarratas ar pháirtíocht sa Scéim Rothaíochta chun na hOibre a phróiseáil d'fhostaithe na Comhairle go dtí seo in 2015.
- o *An Scéim Pas Taistil:* Tá 12 chomhalta foirne ag baint leas as an Scéim Pas Taistil Coigilte Cánach faoi láthair.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Foirne a earcú agus a imlonnú ar bhealach gairmiúil, éifeachtúil, agus a bheidh de réir beartas Rialtais.
- Cláir forbartha agus oiliúna a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, ina dtógfar riachtanais aonair agus eagraíochtúla san áireamh, agus ardchaighdeáin oiliúna a chur i bhfeidhm a chuirfidh ar chumas na bhfostaithe cuidiú go héifeachtach agus go táirgiúil le cuspóirí agus le spriocanna na Comhairle a bhaint amach ina n-iomláine. Leanfar tríd an Plean Oiliúna 2015 de dhíriú ar Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta éigeantach a chur ar fáil. Tabharfar tús áite do na Cláir Oiliúna a thacaíonn le bainisteoirí agus le foirne díriú ar na dúshláin a chruthaíonn cuir chuige nua agus ina mbíonn solúbthacht níos mó ag baint leis na bealaí ina gcuirtear cláir oibre le hacmhainní laghdaithe ar fáil, agus ina dtugtar aird ar na riachtanais forbartha phearsanta agus ghairmiúla a chuireann na comhaltaí foirne in iúl tríd an bpróiseas Córais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF).
- Beartais acmhainní daonna chuí a fhorbairt, a chur in iúl agus a chur i bhfeidhm, a bheidh ar aon dul le reachtaíocht reatha agus nua, agus a bheidh de réir dea-chleachtais.
- Tacaíocht agus comhairle a thabhairt do Bhainisteoirí Líne ar chur i bhfeidhm beartas ionad oibre.
- Dínit san ionad oibre, éagsúlacht agus comhionannas d'fhostaithe na Comhairle ar fad a chur chun cinn.
- Leanúint le caidrimh thionsclaíoch a chur chun cinn agus an cur chuige comhpháirtíochta maidir le comhréiteach ar fhadhbanna a láidriú, ar mhaithe le caidrimh fhostaí agus chustaiméara.
- Leanúint le gníomhaíochtaí a chur chun cinn mar atá leagtha síos i bPlean Gníomhaíochta Chomhaontú Poiblí Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe i gcomhar leis na Ranna éagsúla.
- De réir taifid seirbhíse, éireoidh 17 gcomhalta foirne as obair in 2016.

# An tAonad Comhshaoil, Uisce, Pobail, Fiontraíochta agus Forbartha Eacnamaíochta

## An Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- An 1 Eanáir, 2014, rinneadh na freagrachtaí seirbhísí uisce ar fad a aistriú chuig Uisce Éireann. Leanann an Chomhairle leis an gclár Caipitil a oibriú mar ghníomhaire d'Uisce Éireann. Tá Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann anois in ionad an Chláir Infheistíochta Seirbhísí Uisce. Tá roinnt scéimeanna i gContae na Gaillimhe atá áirithe sa phlean. Maidir leis na scéimeanna nach bhfuil áirithe sa phlean, beidh siad faoi réir athbhreithniú chás gnó le hUisce Éireann, a dhéanfaidh an cinneadh i leith faomhadh infheistíochta.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Déanfaidh an Chomhairle, i gcomhar le hUisce Éireann, iarracht an contae a fhorbairt go cothrom agus in ord tosaíochta agus ar bhealach a fhreastalaíonn ar riachtanais phobail agus tionscail. Is é an gá a bheidh leis an tsláinte phoiblí agus leis an gcomhshaol a chosaint, i gcomhairliúchán le hUisce Éireann, a chuirfidh in ord tosaíochta úsáid agus sannachán na n-acmhainní a bheidh ar fáil in 2016. Díreofar ar chaipiteal agus ar chaiteachas ioncaim, mar a comhaontaíodh le hUisce Éireann, chun feabhsúcháin bhreise a bhaint amach i gcomhlíonadh rialúcháin sna réimsí uisce ar fad agus i mbainistíocht chomhshaoil, le béim faoi leith ar sholáthair uisce le hól

## Bainistiú agus cothabháil ar an Scéimeanna Uisce agus Dramhuisce

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Aistríodh an fhreagracht as bainistiú, oibriú agus cothabháil an bhonneagair uisce agus dramhuisce chuig Uisce Éireann, an 1 Eanáir, 2014. Beidh an Chomhairle ag oibriú go dlúth le hUisce Éireann, d'fhonn beartais agus tosaíochtaí Uisce Éireann a chur i bhfeidhm, ar dóigh iad a bheith bunaithe ar Shláinte agus ar Shábháilteacht san ionad oibre, leis an tairbhe is fearr á baint as an soláthar creata agus le héifeachtúlachtaí i gcleachtaí oibre á gcur i bhfeidhm ag gach uile dheis.

- Tá an Clár Gníomhaíochta Feabhais maidir le hUisce le hÓl tugtha chun críche, agus bhí an-rath ar an gclár i dtaca leis an gcaighdeán uisce a fheabhsú agus le slándáil an tsoláthair sna scéimeanna. Mar thoradh ar mhéid chostas na n-impleachtaí cothabhála a bhain leis na córais agus leis an trealaimh nua, tháinig ardú ar chostais agus bhí tionchar ag an méid sin ar acmhainní foirne. Is ceist í sin a bheidh faoi Uisce Éireann le réiteach.
- Leis na rialacháin a tugadh isteach in 2007, éilíodh ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe ceadúnais a lorg – nó i gcás córais a bhí ní ba lú ná 500 P.E., éilíodh deimhniú ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) do na líonraí agus do na córais chóireála dramhuisce ar fad. Eisíodh an chéad cheadúnas agus na chéad deimhnithe ón GCC in 2011. Tá an Chomhairle, mar ghníomhaire d'Uisce Éireann, ag déanamh measúnú ar na himpleachtaí airgeadais agus riaracháin a bhaineann leis na coinníollacha a chomhlíonadh nuair a eiseofar iad, de bharr go bhféadfadh go mbeadh gá le huasghrádú a dhéanamh ar roinnt mhaith córas agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le scéim cosúil leis an gClár Gníomhaíochta Feabhais maidir le hUisce le hÓl chun na huasghráduithe a chur i gcrích. Tá an fháil a bheidh ar mhaoiniú d'aon oibreacha uasghrádaithe atá ainmnithe, mar chás d'Uisce Éireann le réiteach, agus comhoibreoidh an Chomhairle go dlúth le hUisce Éireann agus leis an GCC chun comhlíonadh na gcóras ar fad a chur chun cinn.

## Caomhnú Uisce

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha deisiúcháin agus leis na sceití uisce a aimsiú go gníomhach i rith 2015. Rinneadh oibreacha cothabhála agus uasghrádú forleathan ar na méadair a bhaineann leis na Ceantair Méadrú Áitiúla (CMA), a cheadaigh sonraí cruinne agus iomlána ar an líonra a bhailiú. Tá formhór mór na n-oibreacha athsholáthair déanta ar 11 km den phríomhlíonra sa chontae faoi Chéim 2 den Chlár Athshlánaithe, agus tá sé beartaithe go gcuirfear tús le hobair athsholáthair ar 18km breise den phríomhlíonra go luath in 2016.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Rinne Uisce Éireann sprioc de 42% maidir le hUisce gan Tásc (UGT) a leagan síos do 2015, bhí leibhéal 42.2 % bainte amach ag an gComhairle faoi ráithe dheiridh na bliana 2015. Beidh Uisce Éireann ag leagan síos spriocanna nua do 2016 agus do 2017, faoi Phleananna Seirbhíse Bliantúla comhaontaithe.
- Thángthas ar thuairim is 800 cás ina raibh uisce ag sceitheadh ón líonra le linn 2015. Táthar den tuairim go ndéanfar an líon céanna sceití a thaifeadadh i rith 2016. De bharr acmhainní teoranta níor deisíodh na sceití uisce ar fad a aimsíodh le linn 2015;

déanfaidh Uisce Éireann iarracht na hacmhainní reatha a fhorlíonadh in 2016, a cheadóidh dóibh na sceití ar fad a dheisiú.

- Iarradh ar an gComhairle an bonneagar líonra criticiúil lochtach ar fad a ainmniú agus a chur san áireamh i gclár athsholáthair in 2016 (Cothabháil Caipitil Neamhléirithe), áireofar leis na hoibreacha seo, athsholáthar comhlaí, hiodrant agus méadair lochtacha ar fud an chontae. Tá tús curtha ag an gComhairle leis na hoibreacha sin.
- Chomh maith leis an 18km d'oibreacha athshlánaithe atá beartaithe tosú in 2016, beidh an Chomhairle ag cur tograí faoi bhráid Uisce Éireann, i dtaobh athsholáthar a dhéanamh ar réimsí den phríomhlíonra ar fud an chontae atá ag sceitheadh uisce ar mhórscála. I gcás na bpríomhlíonraí nach fiú a chothabháil ó thaobh costas de, tabharfar tús áite dóibh san obair athsholáthair a dhéanfar in 2016.

## An Bonneagar Bainistithe Dramhaíola

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- D'iarr an Roinn Comhshaoil, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe an láithreán líonadh talún i gCill Chonaill a oibriú chun dramhaíl a ghlacadh ar feadh tréimhse sonraithe ama sa 2 cheall atá fanta fós gan líonadh agus ag an am céanna, tús a chur le hoibreacha caipitiúla chun na cealla reatha 1 go 7 a bharrchaidhpeáil go buan. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair, le hoibreacha ag tosú go luath in 2016.
- Cuireadh síneadh sé mhí bhreise leis an gconradh d'oibriú na nIonad Fóntais Phoiblí i mBéal Átha na Sluaighe, sa Chlochán agus i dTuaim, tar éis próiseas tairisceana in 2015. Rachaidh an conradh seo in éag i Márta 2016, beidh rogha áirithe sa chonradh do dhá shíneadh a chur leis an gconradh a mhairfidh ar feadh 3 mhí an ceann.
- Rinneadh bailitheoirí dramhaíola a scrúdú chun a chinntiú go raibh na meicníochtaí 'íoc de réir an mheáchain' cuí socraithe ar a bhfeithiclí.
- Leanann *Rehab Glasco* le seirbhís a chur ar fáil a bhailíonn ábhair ghloine agus cannaí dí ó na 92 ionad athchúrsála ar fud an Chontae, cé go bhfuil socrú comhpháirtíochta ag an gComhairle le hAthchúrsáil Árann Teo. (Athchúrsáil Árann, Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe), chun scéim bainistithe dramhaíola lánpháirtithe a chur i bhfeidhm d'Oileáin Árann. Tá seirbhís athchúrsála agus ionad líonadh talún curtha ar fáil ar Inis Bó Finne, atá maoinithe go hiomlán ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Leanann an Líonra Coisc Údaráis Áitiúil (an Clár Taispeánta Coisc Údaráis Áitiúil tráth) ag feidhmiú ach tá gearradh siar suntasach déanta ar mhaoiniú le gairid. Tá an Líonra bainteach le gníomhaíochtaí a aithint do chosc agus do thógáil ar acmhainní sa phobal, san earnáil ghnó agus sna hearnálacha poiblí i ndáil le heifeachtúlachtaí úsáid acmhainne leis na ceantair a chuimsítear, ina n-áirítear cosc ar dhramhaíl, caomhnú fuinnimh, caomhnú uisce agus tógáil ar acmhainní, oiliúint agus feasacht.

- Tar éis na Rialacháin Bainistithe Dramhaíola (Fuíollábhar Bia) 2009, a chur i bhfeidhm, bunaíodh feachtas feasachta cuimsitheach atá dírithe ar an earnáil tráchtála.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Na rialacháin 'íoc de réir an mheáchain' a chur i bhfeidhm faoi mhí Iúil 2016.
- Glacadh lena chinntiú go ndéanfaidh na bailitheoirí dramhaíola a chuireann seirbhís bailithe dramhaíola iarmharach ar fáil, seirbhís bailithe bia a chur ar fáil chomh maith ó mhí Iúil 2016 ar aghaidh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar ionaid athchúrsála léasaithe ar fud an chontae.
- Bailiúcháin Dramhthrealaimh Leictrigh agus Leictreonaigh (DTLL) agus dramhaíola guaisí soghluaiste a chur ar fáil ag na láithreáin roghnaithe.
- Fodhlíthe bailiúcháin dramhaíola a chur i bhfeidhm sna ceantair roghnaithe.
- Feachtas oideachais a chur ar fáil mar thaca le bailiúchán dramhaíola orgánaí ar leithligh, ar chur i bhfeidhm bailiúcháin ar leithligh le bailitheoirí príobháideacha.

## Monatóireacht Comhshaoil & Bearta Forfheidhmithe

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Déanfar sonraí fógraí forfheidhmiúcháin, litreacha rabhaidh agus ionchúisimh a tionscnaíodh faoi reachtaíocht Chomhshaoil in 2015, a leagan síos sna tuairisceáin Íoschritéar Molta d'Iniúchadh Comhshaoil (IMIC) 2015, (íoschritéir iniúchta d'iniúchadh comhshaoil) atá faoi réir le heisiúint an 31 Eanáir, 2016.
- Tugann na tuairisceáin IMIC 2015 sonraí ar iniúchtaí réamhghníomhacha pleanáilte a rinneadh ar ionaid rialaithe agus ar iniúchtaí frithghníomhacha nach raibh pleanáilte i ndáil le gearáin a fuarthas agus le heachtraí truaillithe comhshaoil. Déantar iniúchtaí i ndáil le gearáin, ionaid dramhaíola ceadaithe, bailitheoirí ceadaithe, cairéil, garáistí, earnálacha táirgeora dramhaíola éagsúla, ceadúnais sceite, saoráidí sloda séarachais, feirmeacha, córais chóireála dramhuisce phríobháideacha, ceadúnais truaillithe aeir, fóntais phéint deco agus suíomhanna cláraithe tuaslagacha.
- Cuireadh tús le hIniúchtaí Tionscnaimh Freagrachta Táirgeora faoi reachtaíocht Bainistithe Dramhaíola in 2015, mar a bhí leagtha síos san IMIC. Déanann na Maoir Phobail na hiniúchtaí ag úsáid na haipe *GeoPal.*
- Cuireadh conarthaí i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar uisce le hól, uisce folctha, aibhneacha, locha agus ionaid líonadh talún de réir cheanglais reachtaíochta. Glacadh le gníomhaíochtaí leantacha i gcás neamhchomhlíonta.
- Eisíodh fógraí neamhchomhlíonta i ndáil le huisce le hól chuig an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Eisíodh fógraí poiblí i ndáil le caighdeán uisce folctha agus rinneadh monatóireacht iniúchta de réir mar a bhí gá leis.

- Bronnadh cúig phlaic Bhrait Ghoirm agus sé phlaic Bhrait Uaine ar láithreacha snámha i gContae na Gaillimhe.
- Rinne an Chomhairle iniúchadh ar shealbhóirí ceadúnais bailitheora dramhaíola agus ar shealbhóirí ceadúnais ionaid dramhaíola ar bhonn leanúnach.
- Leanadh leis an gclár teilifíse ciorcaid iata (TCI) a chur i bhfeidhm i láithreachta éagsúla ar fud an Chontae, chun dumpáil mhídhleathach a aimsiú agus bhí rath ar an gclár ina ndearnadh roinnt ionchúiseamh mar thoradh air.
- Thug an Chomhairle faomhadh don Phlean Bainistíochta Bruscair 2015-2018 ag cruinniú míosúil Dheireadh Fómhair.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Déanfaidh an Chomhairle na hiniúchtaí réamhghníomhacha pleanáilte ar an fóntais údaraithe ar fad faoi Reachtaíocht Chomhshaoil éagsúil a leagan síos i bPlean IMIC 2016, a bheidh faoi réir le heisiúint an 31 Eanáir 2016. Tabharfaidh scála na gníomhaíochta Forfheidhmithe in 2016 léiriú ar na hacmhainní a bheidh ar fáil d'iniúchtaí a dhéanamh, agus a bheidh déanta ar bhonn tosaíochta ina dtógfar treoir Roinne san áireamh.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le hiniúchtaí agus le monatóireacht a dhéanamh faoi reachtaíocht chomhshaoil de réir beartais rialtais agus treoracha ón GCC, agus déanfar bearta forfheidhmithe a chur i ngníomh de réir mar is gá do neamhchomhlíonadh le reachtaíocht chomhshaoil.
- Leanfar le hIniúchtaí Tionscnaimh Freagrachta Táirgeora le linn 2016, chun a chinntiú go ndeanfaidh gnóthaí a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh faoi bhainistíocht dramhaíola.
- Bainfear tuilleadh úsáide as ceamaraí TCI nuair a bheidh gá leis, lena n-áireofar úsáid cheamaraí faoi cheilt ag na láithreacha ina mbíonn dumpáil ag tarlú go seasta iontu.
- Déanfar iniúchtaí ar chórais chóireála dramhuisce de réir cheanglais an GCC.

## Caomhnú Uiscí Nádúrtha

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tá na húdaráis áitiúla agus na húdaráis phoiblí eile ag corprú cláir na mbeart atá leagtha síos sna Pleananna Bainistíochta Abhantraí isteach ina bpleananna gnó féin agus ina sceidil oibre. Tugtar tús áite d'iniúchtaí sna ceantair nach mór an tsláinte phoiblí a chosaint iontu.

## Na Láithreáin Thréigthe agus Struchtúir Chontúirteacha

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Lean an Chomhairle ar aghaidh lena cumhachtaí a chur i bhfeidhm faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990, chun iallach a chur ar úinéirí talún agus foirgneamh mímhaiseach, creachach agus faillithe a gcuid maoine a fheabhsú. Cé nach bhfuil aon láithreán luaite ar an gClár Láithreáin Thréigthe faoi láthair, leanadh le gníomhaíocht forfheidhmithe a chur i bhfeidhm de réir mar a bhí gá leis.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh ar láithreáin sa chontae de réir beartas Láithreáin Thréigthe agus de réir beartas Struchtúir Chontúirteacha.

## Na Reiligí

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Tá 233 reilig liostaithe ar chlár reilige na Comhairle faoi láthair. Déanann an Chomhairle, i gcomhar le go leor coistí reilige áitiúla eile, oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar na reiligí de réir mar a cheadaíonn acmhainní dóibh a dhéanamh.
- Leanadh ar aghaidh leis an gclár chun síneadh a chur leis na reiligí i rith 2015, inar tugadh tús áite do na síntí a cuireadh leis na reiligí ag Eanach Dhúin, *Quansboro,* Baile Chláir, An Líonán etc. Tugadh tacaíocht d'oibreacha feabhsúcháin ag roinnt reiligí ina raibh áit d'uaigheanna breise mar thoradh ar na hoibreacha.
- Cuirtear deontas bliantúil ar fáil do na coistí a dhéanann obair chothabhála ar na reiligí ina gceantair féin. Bronnadh deontas 3 leibhéal ar Choistí in 2015, de luach €600, €450 nó €300, inar cuireadh deontais ar fáil do 163 choiste in 2015.

***Tograí don bhliain 2016:***

- **Leanfaidh an Chomhairle le hoibreacha a chuireann síneadh leis na reiligí a chur chun cinn i gcomhar leis na pobail áitiúla. Déanfar síntí ar reiligí a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla ag an Mainistir, Mainistir Chnoc Muaidhe, Béal an Átha Fada, Béal Átha Ghártha, Béal an Daingin, Baile Chláir, Droichead an Chláirín, Cluain Fearta, Cill Chiaráin, Cill Fhursa, Cill Mhian, An Cnoc, An Líonán, Leitir Mealláin agus *Quansboro* ag brath ar acmhainní.**

## Feasacht Chomhshaoil & Oideachas

***Gníomhaíochtaí tábhachtacha sa bhliain 2015:***

- Bíonn na hoifigigh feasachta gníomhach i gcur chun cinn feasacht chomhshaoil trí theagmháil leanúnach a dhéanamh leis na hearnálacha tráchtála agus teaghlaigh.
- Reáchtáladh os cionn 35 imeacht feasachta pobail inar díríodh ar bhainistíocht dramhaíola, dramhaíl a chosc, dramhaíl bhia, múiríniú teaghlaigh, dramhaíl ghuaiseach tí, caomhnú fuinnimh agus caomhnú uisce.
- Forbairt leanúnach agus scaipeadh eolais trí na meáin áitiúla, na meáin shóisialta, leabharlanna, scoileanna, grúpaí deonacha etc.
- Rannpháirtíocht leanúnach le grúpaí na mBailte Slachtmhara.
- Rannpháirtíocht leanúnach sa chlár Scoileanna Glasa ina bhfuil os cionn 90% de scoileanna an chontae páirteach ann.
- Ag glacadh páirte agus ag cur maoiniú ar fáil do thionscnaimh pobalbhunaithe in aghaidh an bhruscair.
- Tionscnaimh DTLL, Bailiúcháin Dramhaíola Guaisí Soghluaiste agus Glantacháin Náisiúnta Earraigh a chur ar fáil.
- Comhoibriú leis an Aonad Fiontraíochta agus Pobail, leis an Oifigeach Oidhreachta agus leis an Oifigeach Bithéagsúlachta ar thionscadail chomhshaoil éagsúla.
- Páirteach i gClár Feasachta Fuinnimh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.
- Cur i bhfeidhm leanúnach an Chláir um Chosc ar Dhramhaíl/An Líonra Údaráis Áitiúil um Chosc ar Dhramhaíl.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfar ar aghaidh leis an bhfeachtas Feasachta, ina leagfar béim faoi leith ar na comhpháirtíochtaí le grúpaí pobail agus le grúpaí deonacha a fheabhsú agus ar eolas a scaipeadh go leanúnach ar na hearnálacha ar fad ag baint úsáid as gach modh oiriúnach.
- An Clár um Chosc ar Dhramhaíl a chur i bhfeidhm go leanúnach.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

***Gníomhaíochtaí tábhachtacha sa bhliain 2015:***

- Tugadh uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh chun críche i 300 teach de chuid an údaráis áitiúil. Rinne an Chomhairle fuinneoga agus doirse atá tíosach ar fhuinneamh a shocrú i 23 theach chomh maith.

- Rinneadh eagar griancheall a ghineann leictreachas a fheistiú ar dhíon Áras an Chontae (le cois na bliana anuraidh). Rinneadh soilsiú an phasáiste inmheánach a uasghrádú go soilsiú LED.
- Cuireadh eolas ar éifeachtúlacht fuinnimh a chur ar fáil do na Comhlachais Tráchtála sa Chontae ar fad.
- Cuireadh eolas ar éifeachtúlacht fuinnimh ar fáil ag na cruinnithe *Meet West,* ag na laethanta Fiontraíochta Áitiúil agus ag na seisiúin chomhshaoil le pobail áitiúla.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanúint leis na foirgnimh atá faoi úinéireacht na Comhairle a uasghrádú le soilsiú agus le hinsliú feabhsaithe. Eagair ghriancheall bhreise a chur isteach.
- An obair ullmhúcháin do pháirtíocht sa chlár náisiúnta do shoilsiú sráide atá tíosach ar fhuinneamh a thabhairt chun críche.
- Leanúint le huasghrádú a dhéanamh ar an gcreatlach atá tíosach ar fhuinneamh agus clár iarfheistithe níos cuimsithí a chur i bhfeidhm do thithíocht an údaráis áitiúil.
- Leanúint le heolas a chur ar fáil ag imeachtaí pobail agus gnó áitiúla agus na deiseanna eile a scrúdú.

## Rialú & Leas Ainmhithe

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Rinneadh cásanna leasa ainmhithe a iniúchadh inar áiríodh madraí, eallach, caoirigh agus capaill i gcomhar leis na Gardaí, an Roinn Talmhaíochta agus le grúpaí leasa.
  Bhí an Chomhairle gníomhach go leanúnach i dtaobh áiseanna póna a chur ar fáil do chapaill, do chaoirigh agus do ghabhair. Rinneadh oibreacha feabhsúcháin struchtúracha ar Phóna Bhéal Átha na Sluaighe. Comhoibríonn seirbhís tréidliachta na Comhairle leis an Roinn Tithíochta i gcur i bhfeidhm an Achta um Rialú Capall lena n-áirítear na próisis tairisceana.
- Leanann an Chomhairle leis an tAcht um Bunachais Pórúcháin Madraí 2010, a chur i bhfeidhm ina n-éilítear ar na háitribh ar fad a áirítear faoin sainmhíniú ‘bunachais pórúcháin madraí’ clárú agus na caighdeáin a chomhlíonadh.
- Faoin Acht um Rialú Madraí, ardaíodh comhlíonadh le ceadúnú madraí trí acmhainní a shaindíriú.
- Tugadh reachtaíocht nua isteach maidir le micrishlisiú éigeantach a dhéanamh ar gach madra.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Leanfaidh an Chomhairle le seirbhísí póna a chur ar fáil agus le hoibreacha feabhsúcháin breise ar Phóna Bhéal Átha na Sluaighe.

- Déanfar feabhsúcháin leanúnacha ar éifeachtúlacht na seirbhíse Rialaithe Madraí a chur i bhfeidhm le linn na bliana, ina ndíreofar go leanúnach ar acmhainní a aimsiú d'fhonn comhlíonadh le ceadúnú madraí a mhéadú.
- Leanfaidh an Chomhairle le hiniúchadh a dhéanamh ar chásanna ina sáraítear leas na n-ainmhithe i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, an Garda Síochána agus le grúpaí leasa.
- Déanfaidh an Chomhairle forfheidhmiú agus cur i ngníomh ar an dlí nua micrishlise.

## Sábháilteacht Bia

***Gníomhaíochtaí táscacha sa bhliain 2015:***

- Rinne an Chomhairle Seirbhís Iniúchta Sláinte Phoiblí Tréidliachta a chur ar fáil do Chomhairlí Chathair agus Contae na Gaillimhe araon, faoi théarmaí a conartha seirbhíse 5 bliana le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- Tá 11 seamlas áitiúil sa chontae atá ceadaithe ag an gComhairle faoi reachtaíocht na hÉireann agus an AE. Déanann na háitribh seo eallach, caoirigh, gabhair agus éanlaith a mharú faoi mhaoirseacht na Comhairle.
- Thosaigh 3 sheamlas nua i mbun gnó sa chontae tar éis cead a fháil ó sheirbhís tréidliachta na Comhairle, éanlaith, eallach, caoirigh agus gabhair a phróiseáil.
- Déanann an Chomhairle maoirseacht ar 10 n-áitreabh próiseála feola atá cláraithe nó ceadaithe sa chontae agus sa chathair.
- Eagraíodh oiliúint shonrach maidir le leas ainmhithe tráth a marú, oiliúint arna héileamh ag an AE, d'fhoirne sheamlais na Gaillimhe. Rinne an Chomhairle oiliúint i lipéadú/Sláinteachas agus i AGPRC a chur ar fáil do ghnóthaí bia maoirsithe.

***Tograí don bhliain 2016:***

- Áiríodh acmhainní don tseirbhís seo i mbuiséad na bliana 2016.
- Tabharfar aird ar fhorbairtí a dhéanfar i réimse na seirbhísí náisiúnta comhroinnte tréidliachta.
- Tá sé beartaithe oiliúint bhreise a chur ar fáil d'Oibritheoirí Gnóthaí Bia agus do chigirí tréidliachta in 2016.
- Oibriú go leanúnach ar ghníomhaíochtaí comhlíonta Sábháilteachta Bia a chur in oiriúint do nósanna imeachta caighdeánaithe.

# TUARASCÁIL AR AN gCLÁR CAIPITIL TRÍ BLIANA

# 2016 – 2018

# BÓITHRE & IOMPAR

Tá críochnú na dtionscadal a leanas faoi réir ag na ceaduithe rannacha cuí, an maoiniú riachtanach a bheith ar fáil agus ag na forálacha rialála agus reachtaíochta cuí a chomhlíonadh.

Chomh maith le hoibreacha a dhéanamh ar Phríomhbhealaí Idiruirbeacha, glacfar le clár iomlán Mionoibreacha Feabhsúcháin agus Pábhála, Bearta Sábháilteachta agus le hOibreacha Feabhsúcháin Droichid ar an nGréasán Príomhbhóithre agus Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta. Tá an Clár seo ag brath ar leithdháiltí bliantúla ón Údarás um Bóithre Náisiúnta agus déanfar clár na n-oibreacha a chur faoi bhráid na Comhairle ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs an Chláir Bhliantúil Bóithre.

## NA BÓITHRE NÁISIÚNTA (lena n-áirítear na Príomhbhealaí Idiruirbeacha):

| **Tionscadal:** | **Stádas:** |
|---|---|
| **Seachbhóthar N6 na Gaillimhe** | Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach nach raibh an ceadú a bronnadh ar scéim Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe ag comhlíonadh na Treorach maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach EO 92/43. Cuireadh maoiniú ar fáil d'iarratas pleanála nua a fhorbairt agus rinneadh an próiseas soláthair do phríomhchomhairleoir a roghnú don scéim a thabhairt chun críche le *Arup Consulting Engineers.* Tá comhaontú déanta ar Chomhaontú Alt 85, idir na Comhairlí Cathrach agus Contae agus beidh an Chomhairle Contae ag feidhmiú mar an phríomheagraíocht i bhforbairt na scéime. Ceapadh na Comhairleoirí ARUP do Thionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe, agus tá siad bunaithe san Oifig Tionscadail i mBaile an Bhriotaigh. Beidh an cháipéisíocht riachtanach d'fhoilsiú na scéime ar fáil faoi lár na bliana 2016. |
| **N18/ N17 An Gort go Tuaisceart Thuama** | Tá na conarthaí sínithe. Tá conradh comhaontaithe idir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus *Direct Route.* Cuireadh tús le príomhoibreacha ar an tionscadal le linn ráithe 1, 2015. Táthar ag súil go dtabharfar an tionscadal chun críche faoi Fheabhra na bliana 2018. |
| **N59 Maigh Cuilinn Ar Líne** | Tá na hoibreacha ar Mhaigh Cuilinn Ar Líne ag leanúint ar aghaidh agus tá sé beartaithe go dtabharfar na hoibreacha chun críche i Ráithe 1, 2016. |
| **N59 An Clochán go hUachtar Ard** | Bronnadh Cead Pleanála ar na hoibreacha ón Teach Dóite go hUachtar Ard. Tosófar ar na réamhoibreacha faoi Ráithe 2, 2016. Rinneadh na hoibreacha ón gClochán go dtí an Teach Dóite a fhoilsiú agus bhí an Éisteacht ó Bhéal ar bun i lár mhí na Samhna, 2015. |
| **N17 Ceathrú an Urláir go Baile an Daighin** | Síníodh an conradh do na hoibreacha i mí na Samhna, 2015, agus leanfar leis an obair in 2016. Táthar ag súil go dtabharfar na hoibreacha chun críche le linn Ráithe 4, 2016. |
| **N84 Luimneach** | Táthar ag leanúint ar aghaidh leis na hoibreacha agus tá súil go dtabharfar na hoibreacha chun críche faoi Ráithe 4, 2016, agus tá an próiseas Fála Talún ar bun faoi láthair. |
| **N63 Cnoc an Eanaigh go Mainistir Chnoc Muaidhe** | Tugadh ceadú do Phleanáil Chuid VIII i nDeireadh Fómhair, 2015. Lorgaíodh ceadú ar Ordú Ceannaigh Éigeantaigh. |

| | |
|---|---|
| **N67 Cinn Mhara to Baile an Doirín** | Foilsíodh Ordú Ceannaigh Éigeantaigh in 2015, do réimse bóthair atá cóngarach do Chinn Mhara ar an mbóthar go Gaillimh, agus bhí Éisteacht ó Bhéal ar siúl i mí na Samhna, 2015. |
| **N83 Daichead Acra** | Rinneadh na hoibreacha fálaithe cheana féin. Tabharfar an chuid eile den scéim chun críche faoi dheireadh 2016. |

Tá an dul chun cinn a dhéanfar ar na tionscadail thuas ag brath ar an bhfáil a bheidh ar mhaoiniú agus de réir mar is gá, an fháil a bheidh ar acmhainní inmheánacha riachtanacha chun na tionscadail a chur chun cinn.

## TREALAMH A FHÁIL /A ATHNUACHAN & CLÁIR COTHABHÁLA GEIMHRIDH:

| **Tionscadal:** | **Stádas:** |
|---|---|
| Trealamh ionaid a cheannach chun éascú a dhéanamh ar oibriú leanúnach an Chlóis Innealra agus chun riachtanais oibríochtúla a chomhlíonadh. | Tá sé beartaithe go leanfar ar aghaidh leis an gClár Fála Trealaimh ag brath ar an maoiniú a bheidh ar fáil, le béim faoi leith ar threalaimh agus ar fhearais riachtanacha a athnuachan. Rachfar i ngleic leis an gcostas a bhaineann le trealaimh riachtanacha nua a fháil tríd an trealamh a ligean amach, de réir nósanna imeachta an Chuntais Costais Innealra. Beidh an Chomhairle ag lorg maoiniú a bhfuil géarghá leis chun trealamh nua a cheannach chun riachtanais Sláinte & Sábháilteachta agus an Chórais Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a chomhlíonadh. |
| Trealamh riachtanach a athnuachan nó a fháil agus na sciobóil salainn a fhorbairt chun seachadadh an phlean seirbhíse geimhridh a éascú. | Tá sé beartaithe trealamh cothabhála geimhridh nua a fháil agus sciobóil salainn nua a thógáil (*Bóthar an Ghainimh & Conamara)* faoi réir maoiniú riachtanach ón Údarás um Bóithre Náisiúnta. |

## NA SCÉIMEANNA MAIDIR LE MAOLÚ/FAOISIMH TUILTE:

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| Tacú go díreach le Scéimeanna maidir le Maolú/Faoisimh Tuilte a chur chun cinn, de réir mar is cuí, lena n-áirítear Scéim Faoisimh Tuilte Abhann Dhún Coillín, Scéim Faoisimh Tuilte Abhann an Chláirín agus na Gaillimhe Theas. | Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag oibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí tríd an gComhghrúpa Oibre agus Stiúrtha agus le páirtithe leasmhara eile chun scéimeanna maidir le maolú/faoisimh tuilte cuí a chur chun cinn agus an reachtaíocht chuí agus na forálacha rialaithe ar fad a chomhlíonadh, ag brath ar na hacmhainní a bheidh ar fáil. |
| **Scéim Faoisimh Tuilte Dhún Coillín/An Agaird** | Cuireadh an scéim seo faoi bhráid an Bhoird Pleanála agus bhí Éisteacht ó Bhéal ar siúl i nDeireadh Fómhair, 2015. |
| **Scéim Faoisimh Tuilte Abhann an Chláirín** | Thug an Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faomhadh d'fhorbairt na scéime seo in 2016. |
| **Baile an Doirín/Cinn Mhara** | Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí agus Bonneagar Iompair na hÉireann comhaontú maidir le maoiniú a chur ar fáil d'fhorbairt na scéime seo. Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe pleanáil agus forbairt na scéime a chur chun cinn le linn 2016. |

## AN CLÁR CALAFOIRT & CÉANNA STRAITÉISEACHA:

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Oibreacha Feabhsúcháin ar Ché Inis Oírr** | Baineann na gnéithe seo a leanas leis an bhforbairt atá beartaithe in Inis Oírr: muirmhúr leis an gcé a thógáil ar thaobh na farraige den ché, síneadh a chur leis an gcé, lena n-áirítear áit feistithe breise agus oibreacha teoranta dreideála chun áit shábháilte druidime a chur ar fáil. Luadh maoiniú €8 milliún d'fhorbairt na cé ar Inis Oírr sa Chlár Infheistíochta Caipitil agus Bonneagair 2016-2021. Ní bhfuair Comhairle Chontae na Gaillimhe aon chomhfhreagras go dtí seo fós áfach, maidir le maoiniú dá shórt. Déanfar an tionscadal seo a bhreithniú nuair a chuirfear maoiniú ar fáil. |

| | |
|---|---|
| **Cé an Chalaidh Mhóir, Céim III** | Tá sé beartaithe Iarratas Pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2007, amach anseo. Tá ceangal ag an tionscadal seo leis an bhforbairt ar Ché Inis Oírr, ina ndéanfar clocha ón gCaladh Mór a athchúrsáil chun Cé Inis Oírr a thógáil. |

# SEIRBHÍS DÓITEÁIN AGUS TARRTHÁLA NA GAILLIMHE (S.D.T.G.)

Tá S.D.T.G. ar an bpríomhsheirbhís slándála do Chomhairlí Chontae agus Chathair na Gaillimhe faoi seach. Leagtar síos an Clár Caipitil Táscach 2015-2017 do S.D.T.G. mar a leanas.

Tabhair do d'aire go bhfuil na tionscadail ar fad faoi réir ag maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRA). Déanfar maoiniú agus ceadú a bhreithniú de réir an tionscadail.

**<u>Na Fearais Dóiteáin</u>**

- Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil iarratas ar mhaoiniú caipitil a cheadú le gairid do dhá fhearas Aicme B réamhúsáidte agus déanfar éileamh aisghabhála a chur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil roimh dheireadh na bliana 2015.
- Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ceadú i leith fearas nua Aicme B d'Údarás Dóiteáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe, mar chuid den Tairiscint Réigiúnach do Réigiúin an Iarthair & an Iarthuaiscirt do 5 fhearas Aicme B in 2015. Tá an Tionscadal seo faoi stiúradh Chomhairle Chontae Ros Comáin, a d'eisigh cáipéisí tairisceana i Samhradh na bliana 2015.  Táthar ag súil leis an bhfearas nua Aicme B ag deireadh na bliana 2016/tús na bliana 2017.

**<u>Na Stáisiúin Dóiteáin</u>**

**An Cheathrú Rua**

- Faoi réir maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, mar atá leagtha síos thuas, tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe:
    - o Tionscadal Chathair na Gaillimhe a chur chun cinn – stáisiún Ceanncheathrún nua i.e. roghnú suímh agus pleanáil ar dhul chun cinn – tar éis torthaí athbhreithniú na Seirbhísí Dóiteáin agus tuarascáil na gcomhairleoirí seachtracha.
    - o An Tionscadal Stáisiúin Dóiteáin nua i dTuaim a chur chun cinn – bronnadh ceadú in 2008, ceapadh comhairleoirí in 2009, bronnadh cead pleanála in 2010, cuireadh líníochtaí iomlána oibre faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i Nollaig na bliana 2010. Ordaíodh do Chomhairleoirí

Innealtóireachta athbhreithniú a dhéanamh ar phlean costais/líníochtaí oibre 2010 i Samhradh na bliana 2015. Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ceadú a iarraidh ar an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leanúint ar aghaidh chuig an gcéim tairisceana, nuair a bheidh fáil ar na figiúirí athbhreithnithe.

- Cás a chur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, comhairleoirí deartha a cheapadh agus a chur i gcrích do stáisiún dóiteáin nua i mBéal Átha an Rí. Tá an suíomh ainmnithe agus faoi úinéireacht na Comhairle, agus thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ceadú i bprionsabal don togra in 2008.
- Cás a chur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ceadú i bprionsabal do stáisiún dóiteáin nua i mBaile Locha Riach. Tá suíomh faoi úinéireacht na Roinne ainmnithe i mBaile Locha Riach.
- Tionscadal chun Síneadh a chur le Stáisiún Dóiteáin i mBéal Átha na Sluaighe – iarratas curtha faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in 2008. Leanfaimid le cás a chur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil do thionscadal eatramhach do Stáisiún Dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe, ar an láthair chéanna.
- Tionscadal Stáisiún Dóiteáin an Chreagáin – leanúint le cás a chur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, an tionscadal a chur chun cinn. Cuireadh iarratas faoi bhráid na Roinne Comhshaoil in 2009.

## TITHÍOCHT

**<u>Tógáil Tithe:</u>**

- Faoin Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020, cuireadh maoiniú ar fáil don Chomhairle chun 54 aonad tithíochta a thógáil, faoi réir pleanála. Leithdháileadh maoiniú caipitil €8.7m ar an gComhairle chun an obair a dhéanamh agus tá ailtirí ag obair ar líníochtaí a ullmhú do thógáil na n-aonad sin. Ceaptar go mbeidh na haonaid críochnaithe faoi dheireadh 2017. D'fhéadfadh go ndéanfaí láithreáin eile a thógáil san áireamh agus coinneofar na comhaltaí ar an eolas maidir leis na hathruithe sin.
- Rinneadh socruithe d'oibreacha go náisiúnta faoi na cláir athnuachana, feabhais agus tíosachta ar fhuinneamh. Ullmhóidh an t-aonad tithíochta scéimeanna ag brath ar dheiseanna maoinithe d'oibreacha tógála ar a gcuid talún féin agus do thionscadal athnuachana.
- Tá roinnt iarratas ag an gComhairle faoi láthair faoin Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC) agus faoin Áisíneacht Léasaithe Réamhíocaíochta Caipitil (ALRC). Tá ceadú bronnta ar 13 aonad i Leitir Fraic, Conamara. Tá formhór mór na hoibre tógála déanta ar na

haonaid seo agus tabharfar an obair chun críche go luath in 2016. Bronnadh ceadú ar 12 aonad ag Cnoc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe, agus tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an obair go luath in 2016, agus tá an tionscadal ag an luathchéim soláthair faoi láthair.

**<u>Iasachtaí um Cheannach Tí:</u>**

- Eiseofar iasachtaí do cheannaitheoirí incháilithe, suas don luach atá ceadaithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, faoi na scéimeanna iasachta éagsúla atá faoi chúram na Comhairle. Faightear an maoiniú trí iasachtaíocht agus déantar an fiachas a aisíoc trí na haisíocaíochtaí a fhaightear ó na hiasachtaí.

**<u>Éadálacha:</u>**

- Táimid ag leanúint de réadmhaoin a fháil ar an margadh oscailte chun ár riachtanas tithíochta a chomhlíonadh.

**An Clár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta, Maoiniú Caipitil Beartaithe 2016 go 2018**

| Cur Síos | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|
| **An Príomhchlár Tógála/Fála** | €8,500,000.00 | €9,200,000.00 | €77000,000.00 |
| **An Scéim Cúnaimh Caipitil** | €1,500,000.00 | €3,800,000.00 | €1,000,000.00 |
| **Cóiríocht don Lucht Siúil** | € 500,000.00 | €600,000.00 | €650,000.00 |
| **Oibreacha Feabhsúcháin** | € 250,000.00 | €500,000.00 | €200,000.00 |
| **Energy Efficiency/Voids Retrofitting** | | | |
| **Éifeachtúlacht Fuinnimh/Iarfheistiú ar Láithreáin Fholmha** | €1, 550,00.00 | €1,000,000.00 | €1,000,000.00 |

**Tabhair do d'aire go bhfuil na tionscadail ar fad faoi réir ag maoiniú na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil agus ag ceadú ar leith de réir an tionscadail**

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDE

Díreoidh infheistíochtaí caipitil, thar thréimhse na dtrí bliana amach romhainn, ar thionscadail a thabhairt chun críche ar tugadh gealltanais dóibh cheana faoin gCreat Fóntais agus Caithimh Aimsire agus faoin mBeartas Áit Súgartha, chomh maith le tacú le hoibreacha feabhsúcháin leanúnacha ar Pháirc Rinn Mhíl. Lorgófar maoiniú seachtrach chun tograí a chur chun cinn d'oibreacha athshlánaithe a dhéanamh ar Halla Bhaile Locha Riach, agus ar thionscadail tosaíochta eile atá ainmnithe mar chuid den Straitéis Sócmhainní Stairiúla. Braitheann cur i bhfeidhm na Straitéise ar fhoinsí seachtracha Cómhaoinithe agus ar oibriú le grúpaí pobail d'fhonn oibreacha athshlánaithe ar fhoirgnimh atá faoi úinéireacht Chorparáide a chur chun cinn.

Tá an dul chun cinn a dhéantar ar na tionscadail ar fad áfach, faoi réir ag maoiniú inmheánach agus seachtrach, i gcomhar le ceadú reachtaíochta agus reachtúil riachtanach, de réir mar is cuí, ar bhonn tionscadail ar thionscadal.

| Tionscadal | Buiséad | Foinsí Maoinithe |
|---|---:|---|
| Tionscadail Áit Súgartha (Teoranta do ghealltanais reatha) | €90,000 | An Scéim Ranníocaíochta Forbartha, teoranta do ghealltanais reatha faoin mBeartas Áit Súgartha. |
| Bealaí Siúil agus Caitheamh Aimsire Sámh & Forbairt Conláiste | €67,000 | Teoranta don ghealltanas reatha a chomhlíonadh faoin gCreat Fóntais agus Caithimh Aimsire |
| Forbairt Fhóntas Pháirc na mBó Dhroichead an Chláirín | €95,000 | An Scéim Ranníocaíochta Forbartha – Fóntas agus Caitheamh Aimsire |
| Athshlánú Halla Bhaile Locha Riach | €650,000 | Deontas i gCabhair Seachtrach agus Comhairle Chontae na Gaillimhe |

# APPENDIX A

## Increase in Annual Rate on Valuation 1977 to 2015

| | COUNTY COUNCILS* | € RATE IN 2015 | € RATE IN 1977 | % increase 1977 to 2015 |
|---|---|---|---|---|
| 1 | MEATH | 69.63 | 8.32 | 837% |
| 2 | KILDARE | 68.95 | 9.02 | 764% |
| 3 | CARLOW | 69.56 | 10.67 | 652% |
| 4 | OFFALY | 66.00 | 10.18 | 648% |
| 5 | LOUTH | 60.00 | 9.35 | 642% |
| 6 | CLARE | 72.99 | 11.43 | 639% |
| 7 | WEXFORD | 71.52 | 11.34 | 631% |
| 8 | SLIGO | 66.95 | 10.65 | 629% |
| 9 | LAOIS | 64.63 | 10.54 | 613% |
| 10 | WESTMEATH | 54.54 | 9.02 | 605% |
| 11 | WICKLOW | 72.04 | 12.02 | 599% |
| 12 | MONAGHAN | 59.61 | 10.03 | 594% |
| 13 | CORK | 74.75 | 12.61 | 593% |
| 14 | KILKENNY | 54.90 | 9.62 | 571% |
| 15 | ROSCOMMON | 71.44 | 12.58 | 568% |
| 16 | KERRY | 79.25 | 14.28 | 555% |
| 17 | LONGFORD | 65.35 | 12.02 | 544% |
| 18 | GALWAY | 66.59 | 12.48 | 534% |
| 19 | LEITRIM | 62.15 | 12.49 | 498% |
| 20 | TIPPERARY | 56.77 | 11.52 | 493% |
| 21 | CAVAN | 56.85 | 11.68 | 487% |
| 22 | DONEGAL | 68.39 | 15.54 | 440% |
| 23 | MAYO | 68.76 | 16.51 | 416% |

ABOVE TABLE EXCLUDES **SOUTH DUBLIN COUNTY COUNCIL,FINGAL COUNTY COUNCIL, DUNLAOIRE COUNTY COUNCIL**, **WATERFORD CITY*/COUNTY COUNCIL & LIMERICK CITY* / COUNTY COUNCIL** AS THEY HAVE MOVED TO A REDEFINED VALUATION BASIS & ARE NOT DIRECTLY COMPARABLE

## APPENDIX B

## Annual Rate on Valuation 2015

| | COUNTY COUNCILS | € RATE IN 2015 |
|---|---|---|
| 1 | KERRY | 79.25 |
| 2 | CORK | 74.75 |
| 3 | CLARE | 72.99 |
| 4 | WICKLOW | 72.04 |
| 5 | WEXFORD | 71.52 |
| 6 | ROSCOMMON | 71.44 |
| 7 | MEATH | 69.63 |
| 8 | CARLOW | 69.56 |
| 9 | KILDARE | 68.95 |
| 10 | MAYO | 68.76 |
| 11 | DONEGAL | 68.39 |
| 12 | SLIGO | 66.95 |
| 13 | GALWAY | 66.59 |
| 14 | OFFALY | 66.00 |
| 15 | LONGFORD | 65.35 |
| 16 | LAOIS | 64.63 |
| 17 | LEITRIM | 62.15 |
| 18 | LOUTH | 60.00 |
| 19 | MONAGHAN | 59.61 |
| 20 | CAVAN | 56.85 |
| 21 | TIPPERARY | 56.77 |
| 22 | KILKENNY | 54.90 |
| 23 | WESTMEATH | 54.54 |

ABOVE TABLE EXCLUDES SOUTH DUBLIN COUNTY COUNCIL,FINGAL COUNTY COUNCIL, DUNLAOIRE COUNTY COUNCIL , WATERFORD CITY*/COUNTY COUNCIL & LIMERICK CITY* / COUNTY COUNCIL AS THEY HAVE MOVED TO A REDEFINED VALUATION BASIS & ARE NOT DIRECTLY COMPARABLE

## AGUISÍN A

## Ardú ar an Ráta Bliantúil Luachála 1977 go 2015

| Na Comhairlí Contae | € Ráta in 2015 | €Ráta in 1977 | %Ardú 1977 go 2015 |
|---|---|---|---|
| 1 An Mhí | 69.63 | 8.32 | 837% |
| 2 Cill Dara | 68.95 | 9.02 | 764% |
| 3 Ceatharlach | 69.56 | 10.67 | 652% |
| 4 Uíbh Fhailí | 66.00 | 10.18 | 648% |
| 5 Lú | 60.00 | 9.35 | 642% |
| 6 An Clár | 72.99 | 11.43 | 639% |
| 7 Loch Garman | 71.52 | 11.34 | 631% |
| 8 Sligeach | 66.95 | 10.65 | 629% |
| 9 Laois | 64.63 | 10.64 | 613% |
| 10 An Iarmhí | 54.53 | 9.02 | 605% |
| 11 Cill Mhantáin | 72.04 | 12.02 | 599% |
| 12 Muineachán | 59.61 | 10.03 | 594% |
| 13 Corcaigh | 74.75 | 12.61 | 593% |
| 14 Cill Chainnigh | 54.90 | 9.62 | 571% |
| 15 Ros Comáin | 71.44 | 12.58 | 568% |
| 16 Ciarraí | 79.25 | 14.28 | 555% |
| 17 Longfort | 65.63 | 12.02 | 544% |
| 18 Gaillimh | 66.59 | 12.48 | 534% |
| 19 Liatroim | 62.15 | 12.49 | 498% |
| 20 Tiobraid Árann | 56.77 | 11.52 | 493% |
| 21 An Cabhán | 56.85 | 11.68 | 487% |
| 22 Dún na nGall | 68.39 | 15.54 | 440% |
| 23 Maigh Eo | 68.76 | 16.51 | 416% |

Sa tábla thuas ní áirítear Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Dhún Laoghaire, Comhairle Contae/Chathair Phort Láirge agus Comhairle Contae/Chathair Luimnigh de bhrí go bhfuil siad ag feidhmiú ar bhonn luachála athshainithe agus nach bhfuil siad inchomparáide.

## AGUISÍN B

## An Ráta Bliantúil Luachála 2015

| Na Comhairlí Contae | € Ráta in 2015 |
|---|---|
| Ciarraí | 79.25 |
| Corcaigh | 74.75 |
| An Clár | 72.99 |
| Cill Mhantáin | 72.04 |
| Loch Garman | 71.52 |
| Ros Comáin | 71.44 |
| An Mhí | 69.63 |
| Ceatharlach | 69.56 |
| Cill Dara | 68.95 |
| Maigh Eo | 68.76 |
| Dún na nGall | 68.39 |
| Sligeach | 66.95 |
| Gaillimh | 66.95 |
| Uíbh Fhailí | 66.00 |
| Longfort | 65.35 |
| Laois | 64.63 |
| Liatroim | 63.15 |
| Lú | 60.00 |
| Muineachán | 59.61 |
| An Cabhán | 56.85 |
| Tiobraid Árann | 56.77 |
| Cill Chainnigh | 54.90 |
| An Iarmhí | 54.54 |

Sa tábla thuas ní áirítear Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Dhún Laoghaire, Comhairle Contae/Chathair Phort Láirge agus Comhairle Contae/ Chathair Luimnigh de bhrí go bhfuil siad ag feidhmiú ar bhonn luachála athshainithe agus nach bhfuil siad inchomparáide.